# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2023

Todhchaí a bhfuil Borradh fúithi á Cothú



BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

# Cuspóir Bhord Bia

Tá sé mar chuspóir ag Bord Bia, bia, deoch agus gairneoireacht den scoth na hÉireann a thabhairt os comhair an domhain mhóir, agus ar an mbealach sin fás agus inbhuanaitheacht na dtáirgeoirí a chumasú.



# Ráiteas Straitéise

## Mar a thugtar le fios i Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2022-2025 is d'fhás inbhuanaithe difreáilte thionscal bia agus dí na hÉireann an fhís atá ag Bord Bia:

Aithníonn custaiméirí mórthimpeall an domhain nach bhfuil sárú bia agus dí na hÉireann le fáil: go bhfuil sé ar ardcháilíocht, saintréitheach, agus á dhéanamh ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó shuíomh oileánda uathúil agus ámharach.

Leagan táirgeoirí na hÉireann síos an caighdeán domhanda i dtáirgeadh inbhuanaithe, agus iad ag freastal ar an bhfreagracht atá orainn go léir don phláinéad, don tsochaí agus do na glúnta atá le teacht.

Tá gach ní againn a theastaíonn do chóras bia níos fearr agus níos inbhuanaithe. Ní raibh deis níos fearr riamh ann d'earnálacha bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann chun dea-shampla a thabhairt don domhan.

Tá cúig cinn de thosaíochtaí Straitéiseacha ag Bord Bia don tréimhse 2022-2025:

1. **Cur le Food Brand Ireland agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phointí cruthúnais**
2. **Bealaí Níos Fearr a Fhorbairt ionas gur féidir lenár gcliant agus lenár gcustaiméirí Nascadh le Chéile agus Comhpháirtíochtaí a fhorbairt**
3. **Tallann sa tionscal a chothú agus a mhealladh agus treallús a chur faoi acmhainn na gcliant**
4. **Tacú le nuálaíocht a bheidh faoi stiúir tuisceana agus forbairt branda**
5. **Tacú leis an eagraíocht agus leis na páirtithe leasmhara agus iad a chumasú leis an straitéis a chur i bhfeidhm**



## Cur i láthair don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

De réir Alt 22 den Acht um an mBord Bia 1994, tá áthas ar an mBord a Thuarascáil Bhliantúil agus a Chuntais Bhliantúla a chur faoi bhráid an Aire don 12 mhí dar chríoch 31 Nollaig 2023.

**Larry Murrin**, Cathaoirleach (ainmnithe)

# Clár

## Gnó


06 Figiúirí Onnmhairithe
12 Ráiteas an Chathaoirligh
16 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
22 Feoil agus Beostoc
34 Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe, Deochanna agus Bia Mara
44 Gairneoireacht
49 Orgánach
52 Origin Green
60 Léargas agus Pleanáil Straitéiseach
67 Margaíocht agus Cumarsáid
75 Oifigí Idirnáisiúnta



## Rialachas


76 Ráiteas maidir le Rialachas
85 Struchtúr Eagraíochtúil
87 Struchtúr Foirne
89 Bord Bhord Bia
90 Bord Bianna Tomhaltóra Bhord Bia
91 Bord Feola agus Beostoic Bhord Bia
92 Bord Déiríochta Bhord Bia
93 Bord Dearbhaithe Cáilíochta Bhord Bia
94 Bord Gairneoireachta Bhord Bia
95 Oifigí


## Cuntais


96 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
98 Ráiteas ar Rialú Inmheánach
100 Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe
101 Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
102 Ráiteas ar an Staid Airgeadais
103 Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid
104 Nótaí mar chuid de na Ráitis Airgeadais

# Onnmhairí Bia, Dí agus Gairneoireachta na hÉireann (€bn)




Foinse: https://www.bordbiaperformanceandprospects.com/

## Tháinig laghdú 4% go €16.2 billiún sa bhliain 2023 ar onnmhairí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann. Is ionann é sin agus beagnach €44 milliún gach uile lá ó thaobh onnmhairí chuig custaiméirí i níos mó ná 180 tír ar fud an domhain.

Ar an iomlán choinnigh onnmhairí formhór gnóthachan na bliana 2022, mar sin féin, bhí dúshláin i ndán don tionscal ó thaobh costais ionchuir agus éilimh tráchtearraí domhanda a bhí ag athrú. Bhí tionchar ag drochchoinníollacha aimsire ar feadh na bliana 2023 ar tháirgeoirí príomha, agus rinne an ghéarchéim a bhain leis an gcostas maireachtála laghdú ar chaiteachas tomhaltóirí sna margaí onnmhairithe áirithe agus léirítear an méid sin i bhfeidhmiú foriomlán onnmhairithe.

Tá an earnáil déiríochta, arbh fhiú beagnach €6.4 billiún í sa bhliain 2023, fós ar an bpáirt ba mhó laistigh d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann, le feoil agus beostoc sa dara háit le thart ar €4.1 billiún i ndíolacháin onnmhairithe agus bianna ullmhaithe tomhaltóra, arbh fhiú €3.1 billiún iad.


## Ceann Scríbe Onnmhairí

Sa bhliain 2023, onnmhairíodh 31% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann chuig margaí idirnáisiúnta lasmuigh den AE agus den Ríocht Aontaithe, agus chuaigh 35% chuig an AE agus 34% chuig an Ríocht Aontaithe.

Bhí an AE ar an gceann scríbe aonair réigiúnach ba mhó do bhia, dí agus gairneoireacht na hÉireann, cé gur tháinig laghdú 4% go thart ar €5.7 billiún sa bhliain 2023 ar luach onnmhairí chuig an AE. B'ionann luach onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe agus €5.5 billiún, arbh ionann é agus ardú beag go €45 milliún ar na 12 mí roimhe sin.

Bhí laghdú 8% ar luachanna onnmhairí i gcomparáid leis an mbliain 2022 chuig margadh na Stát Aontaithe. Tharla sé seo mar thoradh ar an laghdú in onnmhairí uisce beatha, a bhí síos 22% nó beagnach €122 milliún. Tháinig laghdú 17% go €880 milliún ar luach onnmhairí chun na hAfraice, agus bhí laghdú beagnach 10% go thart ar €1.3 billiún ar onnmhairí chun na hÁise. Tháinig laghdú ar onnmhairí ar fud beagnach príomhthíortha na hÁise go léir i gcomparáid leis an mbliain 2022, lena n-áirítear an tSín.

### Ceann Scríbe d'Onnmhairí Bia, Dí agus Gairneoireachta na hÉireann sa bhliain 2023




Foinse: https://www.bordbiaperformanceandprospects.com/

### Exports of Irish Food, Drink and Horticulture (€)

| Catagóir | BA 2021 | BA 2022 | BA 2023 | % d'athrú BAB | % d'athrú 2023 v 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Déiríocht** | **€5,167,217,625** | **€6,817,997,744** | **€6,386,877,254** | **-6%** | **24%** |
| **Feoil agus Beostoc** | **€3,551,411,323** | **€4,231,666,284** | **€4,079,538,791** | **-4%** | **15%** |
| Mairteoil, lena n-áirítear, miodamas | €2,268,655,927 | €2,806,274,969 | €2,764,716,603 | -1% | 22% |
| Muiceoil | €530,936,507 | €544,741,416 | €460,617,620 | -15% | -13% |
| Caoirigh | €408,502,412 | €471,671,347 | €430,715,420 | -9% | 5% |
| Éineoil | €125,738,136 | €160,595,817 | €153,092,290 | -5% | 22% |
| Ainmhithe Beo | €214,000,000 | €243,166,330 | €265,158,347 | 9% | 24% |
| Feoil Eile | €3,578,341 | €5,216,405 | €5,238,511 | 0% | 46% |
| PCF | €2,515,175,118 | €2,938,128,530 | €3,113,810,570 | 6% | 24% |
| Deochanna | €1,650,737,755 | €1,919,265,141 | €1,802,720,623 | -6% | 9% |
| Bia Mara | €608,183,617 | €640,541,666 | €558,920,327 | -13% | -8% |
| Gairneoireacht agus Gránaigh | €291,021,048 | €257,095,202 | €247,123,858 | -4% | -15% |
| **Iomlán** | **€13,783,746,486** | **€16,804,694,567** | **€16,188,991,423** | **-4%** | **17%** |

# Anailís Earnála

## Déiríocht

Bhí laghdú 8% go €6.3 billiún an bhliain seo caite ar onnmhairí in earnáil na **déiríochta**, arbh ionann í agus beagnach 40% d'onnmhairí foriomlána bia agus dí na hÉireann.

Rinne arduithe ar luach cáise, púdair chothaithe speisialaithe agus iógart fritháireamh de bheagán ar an laghdú ar luach onnmhairí ime agus cáiséin. Sa bhliain 2023, measadh gur sheas Iontógáil Bainne ag Baile ag beagnach 8.5 billiún lítear, laghdú de 365.5 milliún lítear (-4.1%) nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an mbliain 2022.

Sháraigh onnmhairí ime agus cáise araon €1bn den tríú bliain as a chéile. Tá an AE, an Ríocht Aontaithe agus Meiriceá Thuaidh ar na príomh-mhargaí i gcónaí d'im na hÉireann, arbh ionann é agus 92% d'onnmhairí. Tháinig laghdú 13% sa bhliain 2023 i dtéarmaí luacha ar sciar na Ríochta Aontaithe d'onnmhairí ime na hÉireann, síos beagnach cúig phointe céatadáin ar an mbliain roimhe sin. Ó thaobh cáise de, tháinig ardú 5% ar onnmhairí agus chuir onnmhairí chuig an AE, Meiriceá Thuaidh, an Meánoirthear agus an Ríocht Aontaithe leis an ardú seo ar a luach. Agus bhí an AE agus an Ríocht Aontaithe ar na rannpháirtithe ba mhó i dtéarmaí luacha toirte tráth ar tháinig ardú go dtí thart ar 10% bliain ar bhliain ar an dá cheann scríbe.

B'fhiú €540 milliún sa bhliain 2023 onnmhairí cáiséine, laghdú 21% ar an mbliain roimhe sin. Bhí díluacháil suntasach i bpraghsanna aonaid mar phríomhthiománaí i gcomparáid leis na praghsanna a bhí ar fáil sa bhliain 2022, bhí fócas ar fhardal praghsanna arda a bhogadh trí ghnólachtaí chomh tapa agus ab fhéidir mar chúis le cuid de seo.

Tháinig ardú go dtí beagnach €80 milliún sa bhliain 2023 ar onnmhairí púdair chothaithe speisialaithe go dtí luach thart ar €834 milliún. Coinníodh an t-ardú in onnmhairí a bhí taifeadta do Mheiriceá Thuaidh sa bhliain 2022.



## Feoil agus Beostoc

### Tháinig laghdú 4% go €4.1 billiún sa bhliain 2023 ar luach iomlán onnmhairí feola agus beostoic.

Tháinig laghdú beagnach 2% go €2.6 billiún ó thaobh luacha ar onnmhairí mairteola príomha den scoth. Cé go raibh laghdú 3% ar líon na n-onnmhairí mairteola. Chuidigh feabhas ar phraghsáil aonaid, dá réir sin, le fritháireamh a dhéanamh ar chuid den laghdú ar na méideanna a onnmhairíodh. Creidtear gur chuir an laghdú i dtréchur eallaigh agus meáchan conablaigh níos ísle ainmhithe mar gheall ar fheidhmiú laghdaithe ainmhithe ó fhéar a bhí ar dhroch-chaighdeán ar feadh formhór samhradh na bliana 2023 agus tiúchan laghdaithe úsáide leis an laghdú seo ó thaobh méid.

Cé go raibh táirgeadh mairteola an AE fós teann sa bhliain 2023, rinne an tionchar boilscitheach ar thomhaltas maolú ar an éileamh ar mhairteoil agus d'iompaigh tomhaltóirí chuig próitéin ar chostas níos ísle. Sá bhliain 2023 mhaolaigh éileamh ar mhairteoil phróiseála, a bhí mar bhonn taca le praghsanna arda mairteola ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa sa bhliain 2022, ba mar gheall gur atógadh stoic tar éis COVID-19 cuid de sin ach chomh maith le héileamh miondíola níos laige ar bhurgair agus ar tháirgí don ghríoscán mar thoradh ar an drochaimsir i rith séasúr an tsamhraidh.

Tháinig laghdú 15% go €461 milliún ar luach onnmhairí muiceola príomha, ach bhí praghsanna arda ina gcuidiú maidir le fritháireamh a dhéanamh ar chuid den laghdú ar líon na n-onnmhairí agus laghdú níos mó na 20% tagtha ar líon na n-onnmhairí i gcomparáid leis an mbliain 2022. Bhí athruithe ar éileamh sa mhargadh idirnáisiúnta chomh maith le costais níos airde maidir le táirgeadh le roinnt blianta anuas mar dhúshlán do shlabhra soláthair muiceola an AE. Fad ar tháinig laghdú ar lastais muiceola chuig margaí na hÁise, atá ar an gceann scríbe is mó d'onnmhairí agus is ionann an réigiún seo anois agus 34% d'onnmhairí i dtéarmaí luacha, síos níos mó ná sé phointe céatadáin ar an mbliain roimhe sin.

### Tháinig laghdú beagnach 9% go €430m ar luach onnmhairí caoireola agus ba 73,000 tonna a onnmhairíodh, síos 4% ar leibhéil na bliana 2022.

Chruthaigh athruithe ar éileamh domhanda chomh maith le táirgeadh méadaithe sa leathsféar theas agus ardú suntasach ar fáil ar chaoireoil sa Ríocht Aontaithe dúshláin d'onnmhaireoirí na hÉireann. Chuir tabhairt ar aghaidh líon mór uascáin sa bhliain 2023 borradh faoi tháirgeadh caoireola na hÉireann sa chéad leath den bhliain, agus chuir soláthairtí ardaithe roinnt brú anuas ar thrádáil meálasta. Agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an dara leath den bhliain 2023, tháinig teannadh suntasach ar sholáthairtí uain lena bpróiseáil agus chuidigh sé seo le híosráta a chur faoi thrádáil uain agus bhí feidhmiú praghsanna ag teacht leis an tréimhse chéanna sa bhliain 2022.

Tháinig laghdú 5% i dtéarmaí luacha go €153 milliún ar onnmhairí éineola le linn na bliana 2023. Bhain tionscal éineola na hÉireann tairbhe as éileamh seasta chomh maith le brú níos lú san earnáil ó thaobh galar. Tháinig ardú ar tháirgeadh sicín, an fhochatagóir príomha. Léiríonn sé seo éileamh seasta, le sicín níos dorcha á díol ar mhargadh na hÉireann agus tomhaltóirí goilliúnach ó thaobh an phraghais agus luach ar airgead á lorg acu.

Leanann onnmhairí beo le margadh malartach tábhachtach a sholáthar d'earnáil beostoic na hÉireann agus b'ionann luach onnmhairí sa bhliain 2023 agus €265m. Is ionann é sin agus ardú 13% ar an mbliain 2022. Is ionann onnmhairí eallaigh agus formhór na trádála beo agus onnmhairíodh 332,000 eallach le linn na bliana ar luach de €190m. Chuir soláthairtí eallaigh a bhí teann ar mhórthír na hEorpa, chomh maith le cáil dhearfach beostoc na hÉireann leis an mbonn custaiméirí a bhí ann cheana féin le hardú de 20% ar líon na laonna a onnmhairíodh. Bhí an Ísiltír ar an margadh ba láidre do laonna déiríochta fireanna sa bhliain 2023 agus rinneadh 110,000 a sheoladh chun an réigiúin, arbh ionann é agus níos mó ná leatha d'onnmhairí laonna na hÉireann. Idir an

dá linn, tá an Spáinn fós ar mhargadh tábhachtach do laonna déiríochta agus do laonna atá roghnaithe do mhairteoil agus onnmhairíodh 60,000 lao.



## Bia Tomhaltóra Ullmhaithe (PCF)

### Tháinig ardú 6% ó thaobh luacha sa bhliain 2023 go €3.1 billiún ar onnmhairí PCF, lena n-áirítear, béile ullmhaithe, píotsa, anraith agus earraí bácáilte.

Leanann boilsciú de bheith ceannasach i dtimpeallacht trádála na hearnála seo. Tá an Ríocht Aontaithe ar an margadh is tábhachtaí i gcónaí agus is ionann é agus 64% d'onnmhairí. Bhí luach de bheagnach €600 milliún agus €1.5 billiún faoi seach ag gabháil le honnmhairí chuig Tuaisceart Éireann agus chuig an mBreatain Mhóir go hiomlán de €2.1 billiún do mhargadh na Ríochta Aontaithe, arbh ionann é agus ardú de bhreis is 4% ar luach.

Chuir caiteachas tomhaltóra a bhí srianta agus timpeallacht iomaíoch brú ar chomhlachtaí corrlaigh agus méideanna a bhainistiú, a thugann sainmhíniú ar fheidhmíocht na bliana 2023. Bhí agus beidh bealaí fáis le feiceáil ag na comhlachtaí siúd a d'ailínigh agus raibh rannpháirtíocht acu le custaiméirí ó thaobh freagairt don mhargadh.




## Deochanna

### Tháinig laghdú 6% go €1.8 billiún ar luach onnmhairí deochanna sa bhliain 2023.

Ar cheann de na príomhfhachtóirí d'onnmhairí deochanna na hÉireann sa bhliain 2023 bhí an laghdú ar luach onnmhairí chuig an bpríomh-mhargadh i Meiriceá Thuaidh. Bhí laghdú de thart ar 17% ar onnmhairí iomlána deochanna chuig Meiriceá Thuaidh. Bhí baint ag líon fachtóirí leis an titim in onnmhairí uisce beatha na hÉireann, go háirithe chuig Meiriceá Thuaidh, a bhain buaic amach sa bhliain 2023. Bhí carnadh stoic sa mhargadh sa bhliain 2022 chun maolú a dhéanamh ar dhúshláin soláthair agus trádála trí thréimhse COVID- 19, agus an margadh ag oscailt suas arís. Bhí luasmhoilliú sa ráta ídithe sa chéad leath den bhliain 2023, tráth a raibh cúngú á bhrath ag tomhaltóirí ó thaobh rátaí boilscithe agus rátaí úis níos airde. Bhí costas creidmheasa ar an fhachtóir deiridh a raibh tionchar aige ar onnmhairí. Le rátaí úis ag 5.5% sna Stáit Aontaithe, bhí drogall ar onnmhaireoirí agus ar dháileoirí stoc a choinneáil ag na leibhéil roimhe sin.

Cuireann téarnamh beorach na hÉireann go €320 milliún leis an téarnamh in onnmhairí sa bhliain 2022, agus tá leibhéil na bliana 2019 á sárú ag onnmhairí le beagnach 5%.



## Bia Mara

### Measadh onnmhairí foriomlána bia mara príomha ag €450 milliún sa bhliain 2023. Tháinig laghdú 10% ar tháirgí breisluacha bia mara ag luach de €110 milliún.

Bhí onnmhairí foriomlána bia mara le chéile ag €560 milliún, arbh ionann é agus laghdú 13% ó thaobh luacha i gcomparáid leis an mbliain 2022. Bhí laghduithe in onnmhairí peiligeacha agus bradán mar chúis leis an laghdú den chuid is mó agus tháinig titim 8% freisin ar onnmhairí sliogéisc. Léirigh onnmhairí iasc geal fás measartha ó thaobh luacha.

Bhí laghdú de bheagnach ceathrú ar na méideanna iomlána a onnmhairíodh. Ba mar gheall ar ghearradh siar eile de 5% sa chuóta ronnach mar thoradh ar an gComhaontú Trádála agus Comhoibrithe (TCA) an titim a tháinig ar onnmhairí peiligeacha, an cuóta bolmáin a raibh meath ag teacht air agus laghdú i dtabhairt i dtír eachtrach. Ceanglaítear ar árthaigh na Ríochta Aontaithe 50% dá ngabháil a thabhairt i dtír anois i gcalafoirt na Ríochta Aontaithe a chiallaíonn rochtain a bheith ag próiseálaithe na hÉireann ar mhéideanna níos lú lena bpróiseáil.

Bhí onnmhairí sliogéisc seasmhach ó thaobh méide agus ar ais ag 8% de réir luacha a léirigh maolú de bheagán i bpraghsanna aonaid, go háirithe do speicis ardluacha mar gheall ar an ngéarchéim leanúnach a bhaineann leis an gcostas maireachtála ar fud na bpríomh-mhargaí onnmhairithe.

Bhí onnmhairí táirgí breisluacha bia mara beagnach 10% níos ísle ag €110 milliún ach tá siad fós 12% chun tosaigh ar leibhéil na bliana 2021. Féachtar ar seo mar shos sa treocht a bhí ann le blianta beaga anuas tráth a raibh fás láidir i dtáirgí breisluacha, ar nós bia ullmhaithe don tomhaltóir, cócaráilte, réidh le cócaráil/réidh le hithe nó táirgí bia mara deataithe. Tá an AE-27 ar an réigiún croíláir d'onnmhairí táirgí breisluacha bia mara arbh ionann é agus breis is 70% d'onnmhairí breisluacha. Is ionann agus thart ar 17% onnmhairí na Ríochta Aontaithe sa chatagóir seo inar léiríodh luach láidir agus fás de réir méide le linn na bliana 2023.

## Gairneoireacht agus Gránaigh

Bhí luach de €247 milliún sa bhliain 2023 ar onnmhairí iomlána gairneoireachta agus gránaigh, arbh ionann é agus laghdú 4% bliain ar bhliain.

Bhí bliain réasúnta ag earnáil na muisiriúin sa Ríocht Aontaithe, an príomh-mhargadh do mhuisiriúin na hÉireann, áit ar tháinig laghdú 8% ar dhíolacháin ó thaobh luacha in ainneoin laghdú 12% ar na méideanna a onnmhairíodh chun na Ríochta Aontaithe, a léirigh na harduithe luacha a baineadh amach le linn na bliana. Feidhmíonn an earnáil beagán taobh thiar den chatagóir foriomlán glasraí i dtéarmaí luacha agus méid. Mar sin féin, ní raibh an earnáil faoi réir ag cur isteach ó thaobh aimsire sa bhliain 2023 agus a bhí táirgí in earnálacha eile, mar gheall go bhfuil na muisiriúin á dtáirgeadh i dtimpeallacht rialaithe.

# Ráiteas an Chathaoirligh

## Réamhrá

Cé gur léiriú ar sholáthar agus ar éileamh atá i rathúlacht bia, dí agus gairneoireacht na hÉireann ar an ardán idirnáisiúnta, is minic go mbíonn dinimic atá níos casta i gceist freisin. Is annamh a bhí an cás chomh soiléir is a bhí sé sa bhliain 2022, bliain inar baineadh amach fás luacha thar na bearta ach bliain freisin lenar bhain údar imní agus aireachais do go leor daoine sa tionscal. Bhíothas ag súil le fás láidir i dtús na bliana agus soláthróirí ag faire ar dheiseanna a bhí ar fáil agus deireadh ag teacht le srianta na paindéime agus go mbeadh cúrsaí mar a bhí roimhe seo sa tseirbhís bhia.



Mar sin féin, is é cogadh na Úcráine a bhí mar údar cainte ar feadh na bliana agus cúrsaí polaitíochta domhanda curtha bunoscionn agus ardú as cuimse ar chostais fuinnimh agus ionchur. Bhí tionchar mór ag an timpeallacht boilscitheach seo ar an uile dhuine againn agus ar an earnáil bia, dí agus gairneoireachta ar bhealaí éagsúla agus bealaí a bhí dothuartha uaireanta. Ní amháin gur foinse thábhachtach cumhachta, mar shampla, atá sa ghás nádúrtha don tionscal ina cheart féin, ach tá sé lárnach freisin ó thaobh táirgeadh leasacháin, a chiallaíonn go mbíonn tionchar ag arduithe i gcostais fuinnimh ar gach gné den slabhra soláthair. Ní hamháin gur chuir an cás dúshlán i láthair go díreach ó thaobh iomaíochais de, bhí tionchar cumhachtach aige freisin ar sheintimint custaiméirí agus ar chaiteachas lánroghnach.

Cuireann saincheisteanna an tslabhra soláthair, oidhreacht bhlianta na paindéime, agus dúshláin leanúnacha Breatimeachta leis an mbrú ar tháirgeoirí. Sa timpeallacht seo nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, ní mór féachaint ar fheidhmíocht thar na bearta an tionscail bia, dí agus gairneoireachta, tráth ar bhain onnmhairí amach ardú de 22% nó €3bn go €16.7bn, mar ardmholadh maidir lena láidreachtaí agus lena ghastacht bhuan ar an margadh chomh maith le féachaint air mar dhea-chomhartha don todhchaí inbhuanaithe atá á shamhlú againn don earnáil. Is léiriú atá i bhfeidhmíocht thar na bearta na bliana 2022 freisin ar ár gclúdach domhanda atá níos láidre mar go bhfuil síneadh curtha ag éagsúlú le lorg ár dtionscal agus cabhraigh sé seo le harduithe a bhaint amach ar phraghas aonaid a bhí mar bhonn lena chuid inmharthanachta.

## Fás ar mhéid agus ar phraghas

Bhí tionchar mór ag an mbrú ar phraghsanna domhanda déiríochta ar fheidhmíocht an tionscail sa bhliain 2023. Bhí titim 16.1% ar an mbliain 2022 in innéacs praghsanna déiríochta na hEagraíochta Bhia agus Talmhaíochta (FAO), ag deireadh na bliana. Ní scéal a bhí ansin a bhain le hearnáil na déiríochta amháin, mar gur tháinig titim innéacs praghsanna foriomlán an FAO go thart ar 10%. Bhí praghsanna gránach ar na praghsanna is mó a bhí buailte, laghdú 15.4%.

Ní díbhoilsciú praghais an t-aon fhachtóir amháin a raibh tionchar aige ar onnmhaireoirí na hÉireann. Bhí dul ar gcúl in onnmhairí deochanna, titim 8% go €1.8 billiún, ceangailte le líon fachtóirí aonuaire den chuid is mó i Meiriceá Thuaidh, a bhain go príomha le carnadh suntasach stoic sa bhliain 2022. Mar thoradh ar fhreagra inniúil soláthróra tháinig fás 11% ar onnmhairí uisce beatha san AE agus fás éachtach de 19% ar onnmhairí uisce beatha chun na Ríochta Aontaithe. Bhí bliain mhaith ag onnmhairí beorach agus leanna úll freisin.

Cé go raibh éagsúlachtaí laistigh de na catagóirí aonair, ba scéal lenar bhain cobhsaíocht den chuid is mó a bhí i gceist le hearnáil na feola agus an bheostoic tráth nach raibh ach titim 1% ar luachanna onnmhairí foriomlána ar an mbliain 2022. Dearbhaíonn an earnáil bia tomhaltóra ullmhaithe (PCF) acmhainneacht na hÉireann breisluach a chur lena soláthar bia atá ar ardchaighdeán agus bhí ardú 7% ar luachanna onnmhairí mar léiriú air sin agus bhí fáilte mhór roimhe seo. Bhí bliain dheacair ag onnmhaireoirí bia mara, áfach, le saincheisteanna ó thaobh soláthar mar chúis le laghdú de 14%. Ag teacht le treochtaí FAO, bhí titim 6% ar onnmhairí gairneoireachta agus gránach na hÉireann.

Bhí dúshláin na bliana léirithe in athchothromú sciar den mhargadh. Bhí laghdú 2% sa bhliain 2022 ar onnmhairí chuig an AE arbh fhiú €5.8 billiún nó 34% de sciar iomlán den mhargadh iad. Choinnigh an Ríocht Aontaithe an teideal mar an ceann scríbe aonair ba mhó d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann, arbh fhiú €5.6 billiún iad agus arbh ionann iad agus 34% de na honnmhairí iomlána. Bhí ardú 2% air seo i gcomparáid leis an mbliain 2022. Bhí titim 10% sa bhliain 2023 go €4.9 billiún sna margaí idirnáisiúnta. Bhain sé seo leis an gcatagóir deochanna i Meiriceá Thuaidh go háirithe agus bhí sé níos leithne ná sin i margaí na hÁise. Mar sin, bhain thart ar 30% d'onnmhairí bia agus deoch na hÉireann amach margaí idirnáisiúnta, síos ó 32% sa bhliain 2022.

## Treo straitéiseach

Is é Food Vision 2030 na Roinne Talmhaíochta Bia agus Mara (RTBM) an bonn straitéiseach do gach ceann de thiomantais Bhord Bia agus tá sé deartha

chun an bealach a éascú d'Éirinn a bheith mar cheannaire domhanda i gcórais bia inbhuanaithe sna deich mbliana atá amach romhainn. Seoladh *Todhchaí faoi Bhláth a Chothú* sa bhliain 2022, straitéis oibríochta Bhord Bia a fheidhmíonn thar dhá amlíne chomhlántacha:

- Timthriall pleanála 10 mbliana atá deartha lena chinntiú go bhfeidhmítear gníomhartha atá sannta go sonrach ag an DAFM do Bhord Bia ag teacht le *Food Vision 2030*.
- Plean trí bliana (2022 go 2025 faoi láthair) a thacaíonn le seachadadh seirbhísí Bhord Bia thar chúig thosaíocht straitéiseach, a dtugann Bord Bia 'Ní Mór Dúinn' ('*We Must Dos*' '*WMDs*') orthu go hinmheánach:

1. **Cur le Food Brand Ireland agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phointí cruthúnais.**
2. **Bealaí Níos Fearr a Fhorbairt ionas gur féidir lenár gcliant agus lenár gcustaiméirí Nascadh le Chéile agus Comhpháirtíochtaí a fhorbairt.**
3. **Tallann sa tionscal a chothú agus a mhealladh agus treallús a chur faoi acmhainn na gcliant.**
4. **Tacú le nuálaíocht a bheidh faoi stiúir tuisceana agus forbairt branda.**
5. **Tacú leis an eagraíocht agus iad a chumasú leis an straitéis a chur i bhfeidhm.**

Bhí na gníomhartha go léir ar thug Bord Bia fúthu sa bhliain 2023 ag teacht leis na chúig WMD agus soláthraítear níos mó mionsonraí maidir leo sa Tuarascáil Bhliantúil, chomh maith le méadracht ina léirítear an bealach inar thacaigh siad leis an tionscal le bliain anuas.

I gcoinne brúnna margaidh gan staonadh, tá an léargas a chuireann gníomhaíochtaí na bliana 2023 mar cheann lena mbaineann díograis diongbháilte na hÉireann ó thaobh a bheith aitheanta mar tháirgeoir agus mar sholáthróir táirgeachta den chéad scoth. Le linn ama a raibh go leor daoine sa tionscal faoi thionchar ag fírinne lom na trádála, b'ábhar dóchais dom gur díríodh aird shuntasach ar an gcaidreamh idir Bord Bia agus táirgeoirí príomha. Is forbairt thábhachtach ina cheart féin agus cuspóir maidir lena bhfuil i gceist é seoladh AgNav i gcomhpháirtíocht le Teagasc, don dul chun cinn go léir maidir le hinbhuanaitheacht amach anseo. Thug baint amach Tásca Geografacha faoi Chosaint (PGI) do mhairteoil féar chothaithe na hÉireann i mí na Samhna an turas ar cuireadh tús leis sa bhliain 2019 chun críche. Is acmhainn chumhachtach a bheidh anseo a chuideoidh le hidirdhealú a dhéanamh ar sheasamh príomha mairteola na hÉireann sna príomh-mhargaí sna blianta atá romhainn.

Is fiú rathúlacht Bloom 2023 a thabhairt ar aird freisin mar ghné a thugann ardú meanman agus rathúlacht a bhfuil fáilte roimpi. Tá Bloom, a thaitin go mór leis an bpobal, mar thaispeántas cruthaitheachta agus caighdeáin le buntáistí geilleagracha a théann i bhfad níos faide ná an fhéile a bhíonn ar siúl ar feadh chúig lá. Tá an leagan is deireanaí den Chlár Treochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra, Saothraíonn Bord Bia, ar shampla amháin de thaighde den scoth, léargas agus tionscnaimh nuálacha atá á seachadadh ag Teach Smaointeoireachta Bhord Bia, agus tá ár gcomhpháirtíocht i mBia Folláin Éireann ag cuidiú le clár bia feidhmiúil den scoth a chur chun cinn.

## Brúnna domhanda

Cé gur chuir rátaí arda boilscithe agus úis brú ar an ngeilleagar domhanda, bhí fás, bíodh is go raibh sé measartha, fós mar ghné don bhliain. Chuir an OECD an forleathnú eacnamaíoch domhanda ag 3% sa bhliain 2023 agus tá siad á thuar go mbeidh laghdú go 2.7% i gceist sa bhliain 2024. Go sonrach, chuaigh Éirinn isteach i gcúlú eacnamaíochta teicniúil ag tarraingt le deireadh na bliana, cé go mbaineann sé sin den chuid is mó leis an earnáil ilnáisiúnta domhanda. De réir an ESRI, tháinig fás 0.6% ar éileamh intíre mionathraithe, tomhas níos cruinne de ghníomhaíocht intíre. Meastar go mbeidh fás ag leibhéal measartha ar fud an gheilleagair sa bhliain 2024.

Tháinig an Comhbheartas Talmhaíochta nua i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023 agus is féidir féachaint air mar léiriú den ré ina bhfuilimid ag maireachtáil ó thaobh na béime láidre a chuireann sé ar thacú le táirgeadh bia agus aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus cosaint don timpeallacht a fheabhsú. Táthar ag súil go gcuirfidh sé thart ar €9.8 billiún ar fáil do theaghlaigh feirme agus do phobail tuaithe na hÉireann sna ceithre bliana atá romhainn.

Measann Teagasc, tar éis laghdú mór in ioncam feirme sa bhliain 2023, téarnamh de thart ar 30% sa bhliain

2024 a mbeidh fáilte mhór roimhe agus go mbeidh formhór an bhuntáiste á fháil ag earnáil na déiríochta agus na curaíochta. Ní dóigh go ndéanfar aon dul chun cinn suntasach ar mhargadh AE Mercosur, lenar bhain scéal fada casta, a d'fhéadfadh cur isteach ar thionscal mairteola na hÉireann, go dtí go dtoghfar Parlaimint nua na hEorpa sa bhliain 2024, agus d'fhéadfadh toghadh uachtarán nua sna Stáit Aontaithe tionchar ollmhór a bheith aige ar threo beartas trádála na Stát Aontaithe an chuid eile de na deich mbliana atá amach romhainn.

Ar deireadh, cé go bhféadfadh sé nach mbeadh aon tionchar follasach fós ar tháirgeadh bia, cuimhneofar ar an mbliain 2023 mar an bhliain ar tháinig intleacht shaorga (AI) chun cinn mar réaltach nua dochreidte. Tá go leor daoine ag tuar go mbeidh AI ina thiománaí lena mbainfidh athrú ollmhór agus go gcuirfidh sé as don gheilleagar domhanda sna blianta atá romhainn agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar na milliúin post agus slí mhaireachtála. Dá réir sin, d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go mbeidh ról aige sa bhealach a mbeidh éileamh ar tháirgeacht bhia, dí agus gairneoireacht ar ardchaighdeán ag teacht chun cinn sna blianta atá romhainn.

## Buíochas

Ba mhór an onóir dom cuireadh a fháil chun a bheith mar chathaoirleach ar Bhord Bia ag tús na bliana 2024 agus thuig mé ar an bpointe boise go raibh mé ag dul isteach i ról ina raibh an té a chuaigh romham fíor-chumasach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Chathaoirleach a bhí ann romham, MacSweeney, a thug seirbhís den scoth trí na blianta ba chorraí a bhí againn. Tá súil agam, ar nós Dan, go dtabharfaidh mé faoin ról seo le fís agus le dúthracht.

I bhfad ó réimse thionscal an bhia agus dí tharraing an caidreamh idir feidhmeannas agus bord cur agus cúiteamh i measc pobal na hÉireann sa bhliain 2023. Beidh sé soiléir don uile dhuine, níos mó ná riamh, nach féidir talamh slán a dhéanamh do mhaoirseacht rathúil eagraíocht ar bith, ach go háirithe eagraíocht atá ag brath ar airgead poiblí. Tá sé mar sprioc agam, le linn mo thréimhse mar chathaoirleach, caidreamh láidir a chothú leis an bpríomhfheidhmeannach, leis na comhaltaí boird agus atmaisféar a éascú ina mbíonn díospóireacht thréan agus trédhearcach agus áit a mbíonn ábhar a bhaineann le dea-rialachas tábhachtach don uile dhuine.

Táim ag tnúth go mór, sa spiorad sin, le bheith ag oibriú leis an bPríomhfheidhmeannach, Jim O'Toole agus leis an bhfeidhmeannas, na comhaltaí eile ar an mbord agus comhaltaí na gcúig Fho-Bhord. Táim ag súil go mór freisin le caidreamh láidir oibre a fhorbairt leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue agus lena chomhghleacaithe, Martin Heydon, T.D., an tAire Stáit le freagracht as Taighde agus Forbairt, Sábháilteacht Feirme agus Forbairt Margaí Nua; agus leis an Seanadóir Pippa Hackett, an tAire le freagracht as Úsáid Talún agus Bithéagsúlacht. Le foireann ceannaireachta DAFM, Teagasc, Bord Iascaigh Mhara, Enterprise Ireland agus eagraíochtaí eile, tá súil agam go leanfaidh Bord Bia ar aghaidh ag obair le spiorad na comhpháirtíochta, go gcuirfimid lenár ndíograis comhroinnte ar mhaithe le rathúlacht inbhuanaithe sa tionscal seo, agus is féidir leat a bheith cinnte ó thaobh mo thiomantas ina leith seo.

Is mian liom aitheantas a thabhairt freisin don ghrúpa príomha atá curtha faoi mo chúram le hionadaíocht a dhéanamh orthu agus labhairt thar a gceann sa ról seo – pobail fheirmeoireachta agus iascaireachta na hÉireann agus na mílte daoine a dtacaíonn a gcuid iarrachtaí ar bhonn laethúil sa tionscal níos leithne le teaghlaigh agus le pobail ar fud an oileáin. An chloch is mó atá ar an bpaidrín agam i mo chathaoirleach, thar aon rud eile, freastal ar tionscal an agraibhia leis an dúthracht atá tuilte aige agus leis an gcreideamh diongbháilte go mbeidh a fhás inbhuanaithe mar bhunchloch don rathúnas agus d'fholláine i measc na bpobal seo sa todhchaí.



**Larry Murrin**

Cathaoirleach



# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

## Réamhrá

Chruthaigh tionchar an ráta ard boilscithe agus praghsanna trádála a bhí níos ísle ar tháirgeacht príomha brú mór ar onnmhairí bia, dí agus gairneoireachta sa bhliain 2023 - timpeallacht dhúshlánach a bhí níos measa mar gheall ar an drochaimsir agus na coinníollacha fáis nach raibh go maith a bhí i ndán do go leor feirmeoirí. Bhí an bhliain gan amhras ar bith, mar bhliain lena raibh gá le hathdhaingniú a dhéanamh trí ghearradh siar, agus laghdú 4% tagtha ar luach iomlán onnmhairí seachas ó fhigiúr na bliana roimhe sin go €16.3bn.

Bhí brú ar phraghsanna domhanda bainne ar an gcúis ba shuntasaí, ach bhí athróga eile i gceist freisin, roinnt acu sin a bhí scaipthe go leathan agus roinnt eile a bhí níos sonraí ar bhonn réigiúnach. Tá sé réasúnach a thabhairt ar aird gurbh ionann iad agus baic timthriallacha seachas baic struchtúrtha don earnáil onnmhairithe i mbeagnach formhór na gcásanna.

Bheadh sé ina bhuntáiste Cuideoidh sé freisin féachaint ar fhigiúirí na bliana 2023 i gcomhthéacs tionscal lenar bhain feidhmíocht láidir sna deich mbliana atá caite, sa bhliain 2022 go háirithe, tráth ar tháinig fás eisceachtúil 22% ar onnmhairí. Sa bhliain 2023 d'éirigh linn formhór na ngnóthachan a bhí bainte amach againn le gairid roimhe sin a dhaingniú, d'ainneoin imthosca díobhálacha a bheith ann go minic. Bhí sí ar an dara bliain riamh freisin ar sháraigh onnmhairí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann €16bn ó thaobh luacha.

B'fhéidir go bhfuil an stangadh bainte as na dúshláin a chruthaigh an boilsciú a bhí ag ardú as cuimse ach is beag faoisimh atá le fáil ón tionchar a bhí acu. Tá athmhúnlú déanta ag boilsciú nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ar an timpeallacht dhomhanda trádála le dhá

bhliain anuas. Bhain éagsúlacht de réir earnála leis an deis a bhí ar fáil d'onnmhaireoirí costais a fháil ar ais. Bhí imthosca níos fabhraí ann d'earnáil na feola agus an bheostoic agus d'onnmhaireoirí bianna ullmhaithe tomhaltóra, ach bhí saincheisteanna margaidh agus soláthar i ndán d'onnmhaireoirí deochanna agus bia mara. Léiríodh an arís an tábhacht a bhaineann le héagsúlú ó thaobh tacú le táirgeacht inbhuanaithe ina bhfuil teacht aniar.

B'údar misnigh a thabhairt ar aird, sa chomhthéacs seo, gurbh é an teachtaireacht a léirigh onnmhaireoirí ó thaobh dearcadh de, i gceartlár dhúshláin na bliana 2023, ná dóchas don todhchaí. Tháinig staidéar Seintimint Tomhaltóir Bhord Bia ar an gconclúid go raibh formhór (73%) d'onnmhaireoirí bia agus dí na hÉireann dóchasach maidir leis an bhfás sa mhargadh a bhfuiltear ag súil leis sa bhliain 2024, cé gur admhaigh 53% acu go raibh costais fuinnimh, boilscithe agus saothair ag dul i méid agus go raibh tionchar ag an méid sin ar iomaíochas. Mar sin féin, ní féidir neamhaird a dhéanamh do na hiarmhairtí crua agus láithreach atá i ndán d'fheirmeoirí mar thoradh ar an gcúlú i bpraghsanna margaidh le linn na bliana. De réir Teagasc bhí laghdú 44% ar meánioncam feirme sa bhliain 2023, agus bhí an tionchar ba mhó ar an déiríocht agus ar an gcuraíocht.

Ba mhaith liom mo ghealltanas a chur in iúl dóibh siúd go léir atá ag baint a slí mhaireachtála amach sa tionscal seo, go bhfuil Bord Bia ag leanúint ar aghaidh le fócas agus dúthracht, ag obair ar luach inbhuanaithe fadtéarmach a bhaint amach thar ceann an tionscail a bhfuilimid ag freastal air. Creidimid go leanann fócas an tionscal ar cháilíocht agus ar bharr feabhais de bheith ar an mbunchloch is láidre ó thaobh cur leis an todhchaí sin.

## Faoi threoir ag straitéis

Tá ról Bhord Bia mar ghníomhaireacht Stáit a bhfuil tacú le fás margaidh don tionscal bia curtha de chúram air agus ár straitéis rialaithe, *Todhchaí Faoi Bhláth a Chothú* mar bhonn taca leis. Soláthraíonn an straitéis a bhfuil an dara bhliain gníomhachtaithe ar an bhfód bainte amach aici sa bhliain 2023, creat láidir agus fadbhreathnaitheach dár ngníomhaíochtaí agus dár dtiomantais go léir.

Feidhmíonn *Todhchaí Faoi Bhláth a Chothú* thar thréimhse 10 mbliana (2022-2032) agus thar amlíne trí bliana (2022-2025). Tá an chéad cheann ag teacht le *Food Vision 2030*, doiciméad straitéise na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) a thacaíonn le hÉirinn a fhorbairt mar cheannaire domhanda sa chóras bia inbhuanaithe ina n-aithnítear Bord Bia don phríomhról i mbaint amach na físe sin.

Chiallaigh maoiniú méadaithe ón DAFM do Bhord Bia don bhliain 2023 vóta tábhachtach muiníne inár ról laistigh den straitéis. Is mór ag Bord Bia an deis a chuireann sé seo i láthair chun leabú breise a dhéanamh ar an inbhuanaitheacht agus dearcadh atá dírithe ar fhás a chothú sa tionscal. Bhí an bhéim straitéiseach ar fhor-rochtain, oideachas agus ar chaidreamh a chruthú leis an bpobal feirmeoireachta ar na gníomhaíochtaí a bhí suntasach sa bhliain 2023. Léirigh forbairt an AgNav, i gcomhpháirtíocht le Teagasc agus leis an ICBF, garsprioc tábhachtach freisin i gcur chun cinn ár dtionscnaimh inbhuanaitheachta.

Agus na dúshláin a bheidh á gcruthú sna deich mbliana seo á n-aithint, tá obair faoi bhealach chun an chéad timthriall straitéiseach eile a chur le chéile a chlúdóidh na blianta 2025-2028. Táim ag tnúth leis na mionsonraí maidir leis seo a chomhroinnt lenár bpáirtithe leasmhara in am agus i dtráth.

# Gníomh agus tosaíochtaí straitéiseacha

Soláthraíonn an Tuarascáil Bhliantúil deis thábhachtach chun machnamh a dhéanamh ar fheidhmíocht Bord Bia le linn na bliana i dtéarmaí cláir, gníomhaíochtaí agus gníomhartha aonair agus béim á chur ar a dtorthaí intomhaiste. Tá tiomantais go léir Bhord Bia ag teacht le ceann amháin ar a laghad de na chúig thoradh straitéiseacha atá leagtha amach i *dTodhchaí Faoi Bhláth a Chothú* – agus a ndéanaimid cur síos orthu go hinmheánach mar na cúig ní, 'ní mór dúinn', ('WMDs').

Agus an bhliain seo ar an gcéad bhliain iomlán dom sa ról mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, bhí mé ar bís chun ceannaireacht a thabhairt chuig an gcur chuige seo agus tacú leis an bhfoireann feidhmiúcháin agus iad ag tabhairt luach chuig an tionscal. Ar nós an tionscail seo, tá Bord Bia domhanda i ndáiríre anois de réir nádúir agus chiallaigh fócas faoi leith ar shamhail oibriúcháin Bord Bia Amháin go bhfuil úsáid á bhaint as a gcuid acmhainní go straitéiseach agus leis an tionchar is fearr is féidir ar fud áiteanna margaidh a bhfuil níos mó agus níos mó éagsúlachta ag baint leo.

## Ní Mór Dúinn 1:

## Cur le Food Brand Ireland agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phointí cruthúnais

### Cur le Food Brand Ireland

Is ionann Food Brand Ireland (FBI) agus luach tairisceana a chuireann nádúrthacht agus inbhuanaitheacht atá i gcroílár an méid atá á thairiscint ag bia, dí agus gairneoireacht na hÉireann in iúl. I gcoinne cúlra lenar bhain boilsciú ard leanúnach agus roinnt maolú i bpraghsanna trádála, bhí luach tairisceana an FBI fós lárnach dár bhfís maidir le fás don tionscal.

Sa bhaile, bliain lenar bhain obair bholscaireachta láidir agus éifeachtach a bhí i gceist le fócas láidir ar uaineoil, uibheacha, éineoil, bagún agus muiceoil agus ar shéasúr na Nollag. Tugadh aitheantas do thacaíocht leanúnach Bhord Bia don Mharc Cáilíochta ag Gradaim TAMI Ireland 2023. Bhí feoil, déiríocht, bia mara agus gairneoireacht mar ábhar leanúnach freisin i bhfeachtais mhargaíochta na foirne idirnáisiúnta Gnó le Tomhaltóir (B2C) agus Gnó le Gnó (B2B) spriocdhírithe. Leanadh le rathúlacht Bhord Bia ó thaobh aimsiú agus riaradh fheachtais mhaoinithe agus fheachtais chómhaoinithe AE agus bhí páirt ag roinnt misean trádála ardleibhéil i neartú éagsúlacht ár loirg onnmhairithe. Choinnigh Bloom a sheasamh mar sheó taispeántais den scoth agus mar cheiliúradh ar an gcuid is fearr den ghairneoireacht, agus den bhia ceardaithe agus de tháirgeoirí bia na hÉireann le thart ar 106,000 duine ag freastal ar an mbricfeasta agus cuireadh ar siúl an bricfeasta trádála ba mhó a óstáladh riamh. Chríochnaigh an bhliain leis an dea-scéala go raibh stádas Tásca Geografacha faoi Chosaint (PGI) tugtha ag an AE do mhairteoil féarchothaithe na hÉireann Is uirlis mhargaíochta chumhachtach a bheidh anseo don todhchaí.

### A chinntiú go dtacaíonn Origin Green le córais bia inbhuanaithe na hÉireann a fhorbairt

Chuir seoladh Acadamh *Origin Green* an bunús do chláir oiliúna sonracha maidir leis an inbhuanaitheacht ar éagsúlacht ábhair ar fáil agus le linn na bliana bhí saincheisteanna ar nós, bithéagsúlacht, dul chun cinn maidir le neodracht, pacáistiú inbhuanaithe agus an bhearna phá idir na fir agus na mná go léir i scóip. Chiallaigh an comhoibriú idir Bord Bia, Teagasc agus an ICBF gur cruthaíodh creat tacaíochta inbhuanaitheachta dírithe ar fheirmeoirí AgNav, a fheidhmeoidh mar 'ionad ilfhreastail' do ghníomhú ar son na haeráide agus d'fheabhsúcháin inbhuanaitheachta ar fheirmeacha na hÉireann sna blianta atá romhainn.

### I gcomhpháirtíocht leis an tionscal, cur le tacaíocht feirmeora do bhia inbhuanaithe

Tugadh isteach modúil nua Mol Foghlama Inbhuanaitheachta Feirme Bhord Bia mar thoradh ar fhócas níos géire ar thacaíocht feirmeora. Bhain feachtas chun tacú le feirmeoirí dul isteach i SBLAS 900,000 imprisean amach ar líne agus tá teacht rialta anois ar 34,000 comhalta feirme le nuashonrúcháin

inbhuanaitheachta trí SMS. Bhí aiseolas dearfach ar rannpháirtíocht Bhord Bia i Sráidbhaile Beostoic Inbhuanaithe ag seó Thulach Mór agus bhí láithreacht láidir ag Bord Bia ag imeachtaí ar nós an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta agus Lá Oscailte na gCaorach 2023.

# Ní Mór Dúinn 2:

## Bealaí Níos Fearr a Fhorbairt ionas gur féidir lenár gcliant agus lenár gcustaiméirí Nascadh le Chéile agus Comhpháirtíochtaí a fhorbairt

### Margaíocht maidir le Caidreamh Bunathraitheach a Fhorbairt

Tá nascacht níos doimhne a fhorbairt leis na cliaint agus leis na custaiméirí lárnach do straitéis forbartha gnó Bhord Bia. Bhí clár tréan d'imeachtaí ionmhargaidh spriocdhírithe, seimineáir earnála, cruinnithe straitéiseacha ailínithe agus gníomhaíocht B2B agus B2C ar siúl ar feadh na bliana, agus rinneadh iad sin go léir a sheachadadh taobh le hinfheistíocht leanúnach inár líonraí eolais margaíochta. Ba é cur le caidreamh an focus a bhí le misin trádála ardleibhéil go dtí an tSín, na hOileáin Filipíneacha agus an Mhalaeisia, agus an Afraic Thiar. Leanadh le láithreacht láidir Bhord Bia ag aontaí trádála domhanda, lena n-áirítear imeachtaí seanbhunaithe agus imeachtaí nua, agus baineadh leas as mealltacht dhomhanda Lá Fhéile Pádraig trí ghníomhaíochtaí bolscaireachta ar fud 18 margadh

### Dea-Chleachtas a fhorbairt i bpleanáil Chomhtháite Cliant Custaiméirí

Táthar ag leanúint le leas a bhaint as cur chuige straitéiseach custaiméirí a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus le linn na bliana 2023 tugadh tosaíocht do dhá chliant, cliant amháin ón Ríocht Aontaithe agus cliant eile ón bhFrainc. Rinne Bord Bia ceardlann lá iomlán a éascú leis an bhfoireann inbhuanaitheachta domhanda ó chomhlacht mór ilnáisiúnta agus a soláthróirí Éireannacha, agus d'fhreastail breis is 300 ar sheimineár seirbhíse bia.

### Dea-Chleachtas a fhorbairt i mbainistíocht inneachair chomhtháite

Rinneadh seoladh srianta ar thionscadal My Bord Bia i ndeireadh mhí Lúnasa agus rinneadh é a leathadh amach de réir a chéile do chliaint go léir Bhord Bia faoi dheireadh na bliana. Chuir an tionscadal tairseach ar fáil do chliaint Bhord Bia chun tacaíochtaí agus seirbhísí a rochtain, agus bhí an t-ábhar saindeartha go sonrach dá gcuid riachtanais.

# Ní Mór Dúinn 3:

## Tallann sa tionscal a chothú agus a mhealladh agus treallús a chur faoi acmhainn na gcliant

### Seirbhísí Acmhainneachta a Sheachadadh bunaithe ar riachtanais an tionscail

Tugadh faoi na gníomhaíochtaí suntasacha go léir a thacaíonn le straitéis mhargaíochta tráchtála, bainistíocht catagóir, acmhainneacht nuálaíochta agus cumasú digiteach sa bhliain 2023. Áiríodh ar bhuaicphointí, treoir maidir le réimeas onnmhairithe nua na Breataine Móire atá le teacht i bhfeidhm sa bhliain 2024; clár uasoiliúna ar theicnící idirbheartaíochta a bhaineann go háirithe le boilsciú de bharr costas; oiliúint sa mhargaíocht dhigiteach, lena n-áirítear iniúchtaí inneachair dhigitigh; agus tacaíochtaí na nuálaíochtaí táirge. Thug taispeántas Food Works Ireland 24 gnólacht nuathionscanta ardacmhainne isteach sa tionscal.

### Sraith de Chláir Tallainne Tionscail a sheachadadh

Lean sraith cláir iarchéime Bhord Bia ar aghaidh ag tacú leis an tionscal chun freastal ar riachtanais tallainne amach anseo. Thug an 12ú Clár Comhaltachta Bhord Bia 20 comhalta nua ar bord, rinne Clár Ambasadóra Origin Green earcú ar naonúr ambasadóirí nua agus d'fháiltigh an Clár Céimithe Idirnáisiúnta roimh 37 rannpháirtí nua. B'údar mórtais do Bhord Bia físeán nua AgDIF a sheoladh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan.

### Clár Oideachais Feidhmiúcháin maidir le hinbhuanaitheacht bia a bhunú

Tionóladh dhá leagan den Chlár Luasghéaraithe Inbhuanaitheachta Ceannairí, atá dírithe ar leibhéal Sraith-C, le linn na bliana. Trí éascú a dhéanamh ar uaillmhianta gnó thart ar inbhuanaitheacht, cuireann na cláir leis an fhoghlaim ón gcéad chlár sa bhliain 2022.

# Ní Mór Dúinn 4:

## Tacú le nuálaíocht a bheidh faoi stiúir tuisceana agus forbairt branda

### Clár Nuálaíochta don todhchaí a mhúnlú

Lean Teach Smaointeoireachta Bhord Bia le ceannaireacht den scoth a sholáthair trí nuálaíocht, agus thug aghaidh ar riachtanais margaidh agus tomhaltóirí a bhí ag teacht chun cinn, agus fócas níos géire ar dheiseanna i gcothú inbhuanaithe. Críochnaíodh an bhliain a bhí thar a bheith gnóthach don Fhóram Branda le dinnéar bliantúil agus thug Príomhfheidhmeannach an Post, David McRedmond, aitheasc ag an ócáid.

### Comhpháirtíochtaí nuálaíochta a fhorbairt

Leanadh le comhoibriú Bhord Bia le Teagasc agus Fiontraíocht Éireann trí thionscnamh Bia d'Éire Shláintiúil (FHI) sa bhliain 2023. Tá an FHI deartha le buntáiste ó thaobh iomaíochais sa mhargadh bia agus comhábhar domhanda a thabhairt do chomhlachtaí.

### Tionscadail nuálaíochta agus forbartha branda faoi stiúir tuisceana a chríochnú

Bhain comhlachtaí leas as seirbhísí maidir le léargas tomhaltóra saincheaptha Theach Smaointeoireachta Bhord Bia agus thug siad faoi thionscadail ar fhorbairt branda, nuálaíochta agus gníomhachtú. Bhí glacadh déarfadh leis an leagan is deireanaí den Chlár Treochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra, Saothraíonn Bord Bia!, agus chuir Scrúdú Sláinte Branda suirbhé cainníochtúil bliantúil maidir le lucht siopadóireachta grósaeireachta ar fáil.

# Ní Mór Dúinn 5:

## Tacú leis an eagraíocht agus iad a chumasú leis an straitéis a chur i bhfeidhm

### An fhoireann a mhealladh agus a chumhachtú

Is údar mórtais do Bhord Bia é go bhfuil deimhniú bainte amach ag an eagraíocht gur Áit Iontach le hOibriú Ann é agus aithníonn Bord Bia go bhfuil infheistíocht san fhoireann ríthábhachtach don todhchaí. Seoladh feachtas branda fostóra nua i mí an Mheithimh chun na daoine siúd atá ag smaoineamh ar athrú poist Bord Bia a mheas mar fhostóir.

### Tacú le samhail oibríochta Bord Bia Amháin

Is ionann samhail oibríochta Bord Bia Amháin agus clár bunathraithe oibríochtúil a sholáthraíonn nascacht níos fearr idir foirne. Ar feadh na bliana 2023, lean sé de bheith mar bhonn taca le seachadadh rathúil straitéis Bhord Bia, lena n-áirítear, oibleagáidí reachtúla, rialála agus corparáideacha na heagraíochta. Bhí ról tábhachtach ag na Hallaí Baile agus ag obair Choiste Comhairleach na Foirne san obair seo.

### Tacú leis an mbonneagar IT is fearr

Tá láithreacht dhigiteach cheannródaíoch ríthábhachtach do rathúlacht oibríochta Bhord Bia. Tá cláir oiliúna digiteacha mar ghné thábhachtach d'uasoiliúnú na foirne. Sa bhliain 2023, comhlánaigh comhghleacaithe go rathúil, modúil ar thrí réimse fócais: Eagraíocht Dhigiteach a Stiúradh, Cumhacht Sonraí agus Modheolaíochtaí Nuálaíochta agus Éifeachtúlachta.

## Conclúid

Déantar rathúlacht thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a thomhas ar deireadh thiar ní hamháin trí fhigiúirí trádála ach tríd an luach a chuireann siad le saol daoine agus lena slí mhaireachtála. I gcoinne costais arda boilscithe, fuinneamh agus gnó seasmhacha, bhí go leor i bhfeidhmíocht na bliana 2023 ar féidir a bheith mórtasach as. Ó thaobh táirgeoirí, áfach, níl aon dabht ach gur bliain dheacair a bhí inti. Ag féachaint chun

cinn ar an mbliain 2024, tá cúiseanna ann le bheith dóchasach. Táthar ag súil go suaimhneoidh na brúnna ó thaobh boilscithe, costais fuinnimh agus ráta úis freisin.


Sa bhliain 2023, rinne Bord Bia dul chun cinn láidir agus leanúnach mais leis na WMDs. Ar bhuaicphointí na bliana a sheasann amach bhí, seoladh AgNav agus My Bord Bia, baint amach stádas PGI do mhairteoil féarchothaithe na hÉireann agus rathúlacht Bloom. Mar Phríomhfheidhmeannach, b'údar mórtais dom Bord Bia a fheiceáil in uachtar Innéacs Inbhuanaitheachta RepTrak na hÉireann don bhliain 2023. Molaim mo chomhghleacaithe go léir laistigh de Bhord Bia as an éacht seo. Is léir an fiúntas atá inár gcuid iarrachtaí dúthrachtacha thar ceann an tionscail. Tá feidhmiú leanúnach samhail oibríochta Todhchaí Faoi Bhláth a Chothú agus Bord Bia Amháin mar fhianaise ar eagraíocht atá dírithe ar thorthaí faoi threallús ag daoine a bhfuil fís agus tallann acu. Leanfaidh Bord Bia ón Mol Domhanda i mBaile Átha Cliath agus ar fud ár líonra oifigí thar lear atá ag dul i méid, le luach a chur ar fáil dár gcliaint. Aithnímid agus sinn ag déanamh athnuachan ar ár gcuid iarrachtaí sa bhliain 2024, gur deis é gach tionscnamh agus tiomantas chun níos mó a dhéanamh thar a gceann.

Ba mhaith liom críochnú suas le buíochas a ghlacadh le Cathaoirleach Bhord Bia, Larry Murrin a raibh lúcháir orainn fáilte a chur roimhe ina ról mar chathaoirleach i dtús na bliana 2024. Táim ag tnúth go mór le hoibriú le Larry sna blianta atá romhainn agus aithním an saibhreas taithí, léargais agus breithiúnais ghrinn atá á thabhairt aige chun na heagraíochta. Beidh sé seo thar a bheith tábhachtach agus sinn ag dul chun cinn agus ag forbairt sna blianta tábhachtacha atá amach romhainn. Is mian liom buíochas a ghlacadh freisin leis an iarChathaoirleach Dan MacSweeney, as a chuid seirbhíse. Bhí an cion a chuir Dan leis an eagraíocht le sé bliana anuas thar barr agus bhí sé d'onóir agam oibriú leis ar feadh na bliana 2023. Ba mhór agam a thacaíocht agus mé ag tabhairt faoin ról mar Phríomhfheidhmeannach. Thar ceann an uile dhuine i mBord Bia, ba mhaith liom gach rath a ghuí ar Dan amach anseo. Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird agus na cúig Fho-Bhord, agus aitheantas a thabhairt dóibh siúd a d'éirigh as agus iad siúd atá tagtha isteach san eagraíocht freisin. Bainim sásamh as a bheith ag obair libh agus is mór agam bhur gcion i leith gach a bhfuil idir lámha againn.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D.; Martin Heydon, TD, Aire Stáit a bhfuil freagracht air as Taighde agus Forbairt, Sábháilteacht Feirme, agus Forbairt Margaidh Nua; agus leis an Seanadóir Pippa Hackett, Aire Stáit a bhfuil freagracht uirthi i leith Úsáid Talún agus Bithéagsúlachta. Bhí an tacaíocht a thug siad don obair atá idir lámha ag Bord Bia díograiseach agus mar chúnamh ollmhór dúinn. Agus mé ag labhairt faoi na cúrsaí sin ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an fhoireann go léir sa RTBM agus do na heagraíochtaí a bhfuilimid ag plé leo sa bhaile agus thar lear, go háirithe, Teagasc, Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha, a bhfuil comhpháirtíochtaí luachmhara bunaithe againn leo.


Is mór an phribhléid dom Bord Bia a stiúradh agus oibriú thar ceann an tionscail bia, dí agus gairneoireachta ag tráth lena mbaineann athrú thar na bearta. Is ábhar mórtais dom a bheith mar chuid d'eagraíocht a fhéachann ar an mbealach chun cinn a bhfuil ionracas, barr feabhais agus inbhuanaitheacht ina chroílár. D'eascair Bord Bia as tír a bhí ag athrú agus bhí an dearcadh againn i gcónaí go n-oibríonn athrú agus dul chun cinn as láimh a chéile. Tá ár muinín sa todhchaí bunaithe ar na láidreachtaí atá á bhfeiceáil againn laistigh den tionscal bia, dí agus gairneoireachta agus an fhís atá á comhroinnt againn leis: gur tionscal ríthábhachtach atá anseo a bhfuil ról lárnach aige ó thaobh todhchaí rathúil, inbhuanaithe ar fud an oileáin agus an méid sin á dhéanamh aige, barr feabhais a sheachadadh do na milliúin ag baile agus thart timpeall na cruinne.

**Jim O'Toole,**
Príomhfheidhmeannach









# Mairteoil

**Bhí luach onnmhairí príomha mairteola sa bhliain 2023 thart ar €2.62 billiún, arbh ionann é agus laghdú beagnach 2% ar an mbliain roimhe sin. Bhí luach onnmhairí miodamais mairteola an chosúil leo, a d'ardaigh 1% go €136 milliún, agus dá bharr baineadh luach onnmhairí mairteola agus miodamais i dtoll a chéile beagnach €2.76 billiún amach.**

Bhí laghdú níos mó 3%, go 484,000 tonna ar mhéid iomlán na mairteola a onnmhairíodh sa bhliain 2023. Rinneadh tionchar an laghdaithe seo ar luach onnmhairí mairteola na hÉireann a fhritháireamh le feabhsú beag ar phraghsáil aonaid. Tháinig titim le níos mó ná 2% nó 39,000 cloigeann ar infhaighteacht eallaigh agus chomh maith leis sin, bhí meánmheáchan conablaigh thart ar 4kg níos éadroime ná an bhliain roimhe sin. Bhí feidhmíocht beostoic faoi thionchar ag droch-choinníollacha fáis féir ar feadh formhór an tsamhraidh agus ag níos lú ceannacháin dlúthbheathaithe ar go leor feirmeacha.

Bhí an Ríocht Aontaithe ar an margadh ba láidre sa bhliain 2023 do mhairteoil na hÉireann, agus méadú beagnach 7% ag teacht ar onnmhairí príomha agus beagnach 2% i dtéarmaí méide in ainneoin táirgeacht íseal anseo mar atá pléite thuas. Chuidigh soláthairtí eallach príomha sa Bhreatain a bhí teann leis an trádáil, chomh maith le glacadh leathan ar mhairteoil na hÉireann i measc miondíoltóirí príomha agus ceannaitheoirí seirbhíse bia.

Idir an dá linn, tháinig laghdú suntasach ar fud an Aontais Eorpaigh ar tháirgeadh mairteola le breis is 3% le linn na bliana 2023, leis an laghdú ba shuntasaí san Iodáil, sa Fhrainc agus sa Spáinn. Bhí níos lú allmhairithe mairteola chun na hEorpa freisin ó sholáthróirí idirnáisiúnta. Mar sin féin, ní raibh aon ardú suntasach sa mhargadh mar thoradh ar infhaighteacht a bhí íseal, bhí praghsanna tairbh óga Eorpacha R3 díreach inchurtha leis an mbliain 2022, €4.97 in aghaidh an chileagraim ar an meán don bhliain. Mar chomparáid, bhí praghsanna bulláin R3 na hÉireann €4.97 in aghaidh an chileagraim ar an meán, arbh ionann é agus feabhsúchán 4% bliain ar bhliain.

Chiallaigh tionchar boilscithe ar thomhaltas ar fud formhór mhargaí an AE go raibh maolú ar an éileamh ar mhairteoil agus tomhaltóirí ag díriú ar phróitéiní ar chostas níos ísle. Tháinig cobhsú sa bhliain 2023 ar an éileamh ar dhéantúsaíocht mhairteola, a raibh praghsanna arda mairteola ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa mar bhonn taca leis sa bhliain 2022, cuid de sin mar gheall go raibh feabhas tagtha ar stoic tar éis COVID- 19, ach freisin mar thoradh ar éileamh miondíola níos laige ar bhurgair agus ar tháirgí don ghríoscán mar gheall ar an drochaimsir le linn séasúr an tsamhraidh. Measann an Coimisiún Eorpach go ndearnadh taifeadadh ar laghdú 3.6% bliain ar bhliain ar thomhaltas mairteola ar fud an AE mar gheall ar infhaighteacht baile laghdaithe chomh maith le laghdú de 3% ar allmhairithe mairteola san AE.

I ndeireadh na bliana 2023, thug an Coimisiún Eorpach stádas Tásca Geografacha faoi Chosaint (PGI) do mhairteoil féarchothaithe na hÉireann mar aitheantas ar a saintréithe uathúla agus a bunús geografach. Feidhmeoidh an PGI don tír go léir ar an mbonn go mbeidh eallach ar fud 32 contae na hÉireann ag innilt i bpáirceanna oscailte ar feadh formhór a saoil. Baineann bronnadh caighdeán an PGI go díreach leis an gCaighdeán Féarchothaithe a sheol Bord Bia agus Teagasc sa bhliain 2020 agus soláthraíonn dearbhú agus cruthú neamhspleách maidir leis an maíomh uathúil seo. Ó earrach na bliana 2024, tabharfaidh Bord Bia faoi fheachtas margaíochta chun an PGI do Mhairteoil Féarchothaithe na hÉireann a chur chun cinn ar fud príomhmhargaí na hEorpa.

## Treochtaí de réir Ceann Scríbe

Sa bhliain 2023, tháinig ardú 7% ar onnmhairí mairteola agus bhaineadh amach €1.25 billiún do mhairteoil chun na Ríochta Aontaithe, arbh ionann é agus 47.5% d'onnmhairí na hÉireann i dtéarmaí luacha, ardú ó 44% sa bhliain 2022. Bhí tairgeadh mairteola ag baile teann ar feadh na bliana agus laghdú de bheagnach 2% i soláthairtí mar thoradh air. Mar thoradh, go pointe áirithe, ar ghanntanas eallaí Sasanacha, tháinig ardú 7.5% ar an meán ar na praghsanna a íocadh ar bhulláin R3 sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2023, arbh ionann é agus €5.50 in aghaidh an chileagraim.

Bhain cainéal seirbhíse bia na Ríochta Aontaithe taitneamh as fás leanúnach, le 6% de mhéideanna níos airde mairteola, de réir an AHDB. Bhí burgair le hithe sa bhaile agus bialanna mearsheirbhíse ar an tiománaí príomha a bhí taobh thiar den fheidhmíocht láidir seo. Bhí tionchar ag cumhacht caiteachais níos ísle tomhaltóra agus arduithe leanúnacha ar phraghsanna ar dhíolacháin miondíola, cé go raibh nach an cúngú i méideanna mairteola chomh feiceálach le go leor de mhargaí na mór-roinne, ag díreach 1%. Bhí an laghdú níos feiceálaí i ngearrthacha feola níos costasaí ar nós stéig agus mairteoil le róstadh, a bhí ceathair agus sé faoin gcéad níos ísle faoi seach agus tháinig ardú de bheagán ar mhairteoil mhionaithe.

Tháinig laghdú 6.5% ar onnmhairí mairteola na hÉireann chuig margaí ar mhór-roinn na hEorpa go beagnach €1.25 billiún sa bhliain 2023, arbh ionann é agus 47.5% de luach foriomlán na trádála. In ainneoin soláthairtí mairteola na hEorpa a bhí níos cúinge, rinneadh cur síos ar éileamh a bheith réasúnta ciúin ar fud na bpríomhargaí. Cé go raibh trádáil réasúnach ar ghearrthacha na ceathrún tosaigh ar feadh formhór na bliana, bhí tionchar ag an gcostas maireachtála, de réir tuairiscí, ar an éileamh ar tháirgí mairteola ardluacha, lena n-áirítear, stéig agus spólaí le róstadh.

Déanann Rianaire Léargais maidir le Siopadóir Feola Bhord Bia monatóireacht ar iompar ceannach feola tomhaltóirí ar fud seacht gcinn dár bpríomhmhargaí. Fuarthas amach sa staidéar gur thug 72% de thomhaltóirí le fios i ndeireadh na bliana 2023, gur bhreithnigh siad mairteoil a cheannach arbh ionann é agus feabhsúchán i gcomparáid le cúrsaí níos túisce sa bhliain. Mar sin féin, ní raibh i gceist anseo a díreach 40% de na hócáidí siopadóireachta seo ar ceannaíodh mairteoil. Cé go bhfuil tomhaltóirí ag súil le níos mó mairteola a cheannach amach anseo, ar an bpríomhchúis nár ceannaíodh an mhairteoil sin bhí, go raibh sí 'ró-chostasach' i gcomparáid le roghanna béilí eile.

Tháinig laghdú 24% go €128 milliún, ar onnmhairí mairteola na hÉireann chuig margaí idirnáisiúnta, arbh ionann é agus díreach sciar 5% d'onnmhairí iomlána mairteola na hÉireann i dtéarmaí luacha. Thug an laghdú seo léiriú ar phraghsanna measartha ard sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip, agus tháinig maolú den chuid is mó ar phraghsanna ar na margaí idirnáisiúnta. Mar shampla, i ndeireadh na bliana 2023, bhí praghsanna táirgeoirí na hAstráile coibhéiseach le díreach €2.58 in aghaidh an chileagraim i gcomparáid le €4.46 in aghaidh an chileagraim bliain níos túisce, a raibh tionchar aige ar sheasamh iomaíoch mhairteola na hÉireann, go háirithe ar mhargaí na hÁise.

Bhí onnmhairí mairteola na hÉireann chun na Seapáine agus chun na nOileán Filipíneach i bhfad taobh thiar de leibhéil na bliana 2022. Idir an dá linn, bhain onnmhairí chun na Síne luach de €20 milliún amach fad is a bhí an margadh oscailte idir míonna Aibreáin agus Deireadh Fómhair 2023, sular cuireadh onnmhairí ar fionraí i mí na Samhna. Bhí forbairt dhearfach ar onnmhairí chuig Hong Cong, agus fás go 62% tagtha orthu chun €13 milliún bhaint amach.

## Ionchais

Baineann neamhchinnteacht lena bhfuil i ndán d'onnmhairí mairteola don bhliain 2024. Tá an chuma ar sholáthairtí domhanda agus AE go mbeidh siad cothrom go maith. Mar sin féin, beidh tionchar ag tosca costais maireachtála agus ag seintimint custaiméirí ar an iompar maidir le ceannach mairteola fós mar fhachtóir ríthábhachtach ó thaobh forbairtí praghais a chinneadh.

Tá Coimisiún an AE ag tuar go dtiocfaidh laghdú breise 1% sa bhliain 2024 ar thréad mairteola an AE, agus an chosúlacht air go mbeidh laghdú le feiceáil ar fud roinnt margaí, lena n-áirítear, an Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil agus an Ghearmáin. Meastar go dtiocfaidh laghdú beag freisin ar sholáthairtí na Ríochta Aontaithe.

I dtéarmaí domhanda, tá an USDA á thuar go dtiocfaidh laghdú de bheagán ar sholáthairtí mairteola, faoi threallús go príomha ag laghdú i dtréad Stát Aontaithe Mheiriceá áit a bhféadfadh an laghdú a bheith níos mó ná 10%. Tá táirgeacht níos ísle tuartha freisin don Bhrasaíl, don Airgintín agus do Cheanada. Meastar go dtiocfaidh laghdú de bheagán ar an éileamh ar allmhairithe domhanda, le fás ag teacht go príomha ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus d'fhéadfadh margaí na hÁise a bhí níos laige i dtéamaí éileamh ar allmhairithe, de réir an USDA.

Tá Coimisiún an AE á thuar go mbeidh roinnt fáis in allmhairithe an AE dé réir mar a shocraíonn éileamh seirbhíse bia agus a leanann táirgeacht intíre Eorpach ag crapadh.

Táthar ag súil le roinnt maolú ar ghéarchéim an chostais mhaireachtála sa bhliain 2024 a d'fhéadfadh chuidiú leis an éileamh ar mhairteoil na hÉireann mar fhoinse seasmhach mairteola ar ardchaighdeán a bhfuil creidiúnú láidir inbhuanaitheachta agus tarraingteacht tomhaltóra ag baint léi.

Meastar go bhfuil tuilleadh laghdaithe i ndán d'eallach na hÉireann sa bhliain 2024, go háirithe sa dara ráithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí an teannadh i soláthairtí eallach príomha a fhritháireamh go pointe áirithe le ciondíothú breise bó, mar a bhí le feiceáil sa bhliain 2023. Tugann anailís Bhord Bia ar bhunachar sonraí Aitheantais agus Gluaiseacht Ainmhithe an RTBM agus tosca táirgeachta agus trádála gaolmhara le fios go bhfuil laghdú foriomlán de thart ar 20-30,000 cloigeann (1 go 2%) ar sholáthairtí eallaigh críochnaithe.

# Beostoc

## Leanann an trádáil in onnmhairí beo le margadh eile atá tábhachtach a chur ar fáil do bheostoc na hÉireann le luach onnmhairí ag €265 milliún le linn na bliana 2023. B'ionann é seo agus ardú 13% ar an mbliain 2022. Is ionann onnmhairí eallaigh agus formhór na trádála in onnmhairí beo, le muca agus caoirigh sa dara háit.

Thacaigh Bord Bia go gníomhach le linn na bliana 2023 le forbairt a dhéanamh ar thrádáil onnmhairí beo trí fhaisnéis mhargaidh cothrom le dáta, tionscnaimh bolscaireachta, lena n-áirítear cuairteanna ceannaitheoirí isteach, turais maidir le staidéar margaidh agus gníomhaíochtaí chun cliaint féideartha a mhealladh, a sholáthar, chun barr feabhais a chur ar íomhá agus ar cháil ainmhithe na hÉireann.

## Eallach

Onnmhairíodh breis is 332,000 cloigeann eallach beo le linn na bliana 2023 le luach onnmhairí de €190 milliún. B'ionann é seo agus ardú 14% ar an líon i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe sin, treocht a bhí faoi threallús go príomha ag trádáil eallaigh beo laistigh den chomhphobal, go háirithe laonna.

Chuir soláthairtí eallaigh níos teinne ar mhórthír na hEorpa, chomh maith leis an gcáil dhearfach atá ar bheostoc na hÉireann i measc custaiméirí atá ann cheana féin, ardú 20% ar líon laonna na hÉireann a trádáladh go seachtrach sa bhliain 2023. Bhí an Ísiltír ar an margadh ba láidre do laonna fireanna sa bhliain 2023 agus rinneadh 110,000 cloigeann a sheoladh chun an réigiúin. Idir an dá linn, bhí an Spáinn fós ar mhargadh tábhachtach do laonna déiríochta agus do laonna atá roghnaithe do mhairteoil agus onnmhairíodh 60,000 cloigeann chun na Spáinne. B'ionann margadh Oirthear na hEorpa sa bhliain 2023 agus margadh a bhí ag dul i méid do laonna a bhí níos sine agus níos láidre a bhí dírithe ar tháirgeadh mairteola.

Chuir soláthairtí eallaigh níos teinne le héileamh níos airde ar laonna coiscthe agus ar eallach stóir na hÉireann ar mhórthír na hEorpa agus bhí roinnt ardú ar ghníomhaíochtaí sna margaí idirnáisiúnta sa dara leath den bhliain 2023 a chuir le feidhmíocht dhearfach onnmhairí don chatagóir.

Rinneadh taifeadadh ar fheabhsúchán freisin sa trádáil le Tuaisceart Éireann d'eallach críochnaithe agus d'eallach do tháirgeacht bhreise sa dara leath den bhliain 2023. Chuir soláthairtí eallach níos teinne sa Ríocht Aontaithe, ráta malairte a bhí fabhrach agus difríocht i bpraghas a bhí ag dul i méid idir praghsanna eallaigh meá-lasta idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, go léir le níos mó dearfachta sa trádáil seo.

## Beostoc eile

Onnmhairíodh 365,000 muc le linn na bliana 2023, go Tuaisceart Éireann go príomha. Is laghdú de 10% beagnach atá anseo ón 400,000 muc a onnmhairíodh an bhliain roimhe sin agus is léiriú atá ann ar an laghdú suntasach i dtréad muca na hÉireann agus infhaighteacht níos lú ar mhuca lena n-onnmhairiú. Chiallaigh feabhsúchán sna praghsanna meá-lasta muiceola go raibh luach onnmhairithe muc seasmhach ag €75 milliún, in ainneoin leibhéil níos ísle onnmhairithe. Bhain onnmhairithe caorach beo 20,000 cloigeann amach sa bhliain 2023 agus b'ionann é agus thart ar thrí mhilliún euro in ioncam ó onnmhairiú.

## Ionchais do 2024

Tá trádáil bheo ainmhithe fós faoi ghrinnscrúdú ag leibhéal baile agus ag leibhéal Eorpach araon. Beidh tionchar ag na hathruithe atá beartaithe i Reachtaíocht Iompair an AE ar thodhchaí fhadtéarmach trádáil laonna nach bhfuil bainte de dhiúl. Mar sin féin, in ainneoin sin, féachann a bhfuil i ndán go gearrthéarmach d'onnmhairiú laonna sa bhliain 2024 réasúnta dearfach i gcónaí agus éileamh daingean atá chun cinn ó chustaiméirí sna príomhmhargaí, lena n-áirítear, an Ísiltír, an Spáinn agus an Iodáil.

Tá a bhfuil i ndán do chatagóirí níos sine dearfach fós sa ghearrthéarma, tráth a bhfuiltear ag súil le soláthairtí eallaigh baile atá níos teinne in go leor margaí Eorpacha, lena n-áirítear, an Spáinn, an Iodáil, an Ghréig agus Oirthear na hEorpa. Tá a bhfuil i ndán do sholáthar i dTuaisceart Éireann ciúin i gcónaí agus táthar ag súil go gcuirfidh sé seo treallús faoi éileamh seasmhach ar eallach na hÉireann le linn na bliana 2024.

# Caoireoil

### Luacháladh onnmhairí caoireola na hÉireann ag breis is €433 milliún le linn na bliana 2023, laghdú 8% ar leibhéal na bliana roimhe sin.

Leanann sé sin fás bliain ar bhliain ón mbliain 2014. Thit líon na n-onnmhairí caoireola 3% freisin le linn na bliana 2023 go 74,000 tonna, mar thoradh den chuid is mó ar mheáchan conablaigh níos éadroime. Chuir an fachtóir seo leis an laghdú i luach díolacháin taobh le timpeallacht trádála a bhí níos dúshlánaí do chaoireoil na hÉireann.

Chruthaigh athruithe in éileamh domhanda, táirgeacht ardaithe sa leathsféar theas agus ardú suntasach in infhaighteacht caoireola na Ríochta Aontaithe inár príomh-mhargaí onnmhairithe agus iad curtha i dtoll a chéile dúshláin d'onnmhaireoirí na hÉireann. Chuir tabhairt ar aghaidh go leor uascáin go dtí an bhliain 2023 borradh faoi tháirgeadh caoireola na hÉireann sa chéad leath den bhliain, le soláthairtí méadaithe ag cur roinnt brú anuas ar thrádáil meá-lasta. Sa dara leath den bhliain 2023, tháinig teannadh suntasach ar sholáthairtí uaineola lena bpróiseáil agus chuidigh le bonn a choinneáil faoi thrádáil uain agus praghsanna ag feidhmiú ar aon dul le tréimhse chomhfhreagrach na bliana 2022.

Rinneadh táirgeacht níos airde sa chéad leath den bhliain a fhritháireamh le soláthairtí uaineola lena bpróiseáil a bhí teann sa dara leath den bhliain, chomh maith le meáchan conablaigh níos ísle. Bhí tionchar ag costais ionchuir arda agus coinníollacha deacra táirgeachta ar chaighdeáin na n-uan a bhí á gcur i láthair lena bpróiseáil sa bhliain 2023, a chuir leis an laghdú i luach onnmhairí caoireola.

## Treochtaí de réir Ceann Scríbe

Tá margadh an AE fós ar an bpríomh-mhargadh do chaoireoil na hÉireann, arbh ionann é agus beagnach trí cheathrú d'onnmhairí caoireola i dtéarmaí luacha agus méid araon. Bhí luach de €316 milliún ag gabháil le honnmhairí chuig an réigiún, laghdú 10% ó leibhéil na bliana roimhe sin.

Bhí an Fhrainc ar an margadh ba mhó, le luach onnmhairí ag €134 milliún, laghdú 9% ar leibhéil na bliana 2022. Bhí laghdú freisin ar luach onnmhairithe chun na Gearmáine, chun na Sualainne, chun na Beilge agus chun na hIodáile. D'fhág pointe praghais níos airde uaineola i gcomparáid le próitéiní eile go raibh uaineoil níos nochta do thionchair leibhéil arda boilscithe in go leor dár bpríomh-mhargaí.

Le bheith dearfach faoi, léirigh príomh-mhargaí onnmhairí uaineola roinnt comharthaí cobhsaíochta ó thaobh tomhaltas uaineola le linn an dara leath den bhliain 2023. Baineann uaineoil buntáiste as ról tábhachtach reiligiúnach agus cultúrtha le tomhaltóirí Eorpacha ag cuidiú le roinnt cobhsaíochta a chur ar fáil sa tomhaltas foriomlán. Léirítear sa dearcadh gearrthéarmach is deireanaí ón AE tomhaltas seasmhach per capita – ardú 0.8% - laistigh den bhloc trádála.

Bhí luach de €72 milliún ar onnmhairí caoireola chun na Ríochta Aontaithe, laghdú 3% ar leibhéil na bliana roimhe sin. Tháinig ardú de bheagán ar sciar an mhargaidh onnmhairithe i dtéarmaí luacha go 17%.

Bhí luach de €45 milliún ar onnmhairí caoireola chuig margaí idirnáisiúnta, laghdú 6% ar leibhéil na bliana 2022. Bhí luach de €30 milliún ar onnmhairí chun na hEilvéise, arbh ionann é agus laghdú de 6%, ach fós b'ionann é agus dhá thrian den chaoireoil go léir a trádáladh go hidirnáisiúnta. Bhí fás láidir ar luach onnmhairí chuig margaí na hÁise, a raibh luach de €7 milliún orthu agus iad curtha i dtoll a chéile, agus b'ionann Hong Cong agus beagnach €5 milliún. Idir an dá linn, bhí onnmhairí chuig Ceanada níos ciúine, ag €5 mhilliún, i gcomparáid le €11 milliún an bhliain roimhe sin.

## Ionchais

Baineann dúshlán fós leis an méid atá i ndán d'earnáil caoireola na hÉireann agus tionchar ag boilsciú sna príomh-mhargaí onnmhairithe ar an éileamh ar uaineoil. Bhí tionchar ag saincheisteanna brabúsachta agus coinníollacha táirgeachta a bhí dúshlánach ar fheirmeacha na hÉireann sa bhliain 2023 agus tionchar aige sin ar mhuinín an táirgeora, tráth a bhfuiltear ag súil le laghdú breise ar líon na gcaorach sa bhliain 2024. Táthar ag súil go gcoinneoidh tabhairt ar aghaidh níos airde caoirigh a rugadh sa bhliain 2023 lena bpróiseáil sa bhliain 2024 méideanna onnmhairithe cobhsaí sa chéad leath den bhliain. Mar sin féin, meastar go mbeidh soláthairtí níos teinne ó Ráithe 3 den bhliain 2024 ar aghaidh.

Ar leibhéal domhanda, tá tionchar láidir ag an tSín i gcónaí ar an margadh caoireola mar gheall ar an méid ollmhór den táirge atá á allmhairiú acu. Tháinig feabhas ar líon na caoireola a allmhairíodh chun na Síne sa dara leath den bhliain 2023 agus táthar ag súil go leanfar leis seo sa bhliain 2024. Mar sin féin, is fiú a thabhairt ar aird, go bhfuil na tuairisceáin atá ar fáil i bhfad níos iomaíche agus tá tionchar aige seo ar luach na trádála. Tá na Stáit Aontaithe mar allmhaireoir suntasach caoireola i gcónaí, cé go bhfuil líon agus luachanna níos ísle ná mar a bhí sna blianta roimhe seo.

Táthar ag súil go leanfaidh táirgeacht caoireola san Astráil de bheith láidir sa bhliain 2024 agus go mbeidh táirgeacht na Nua-Shéalainne cobhsaí freisin. Le tuairisceáin níos laige ó mhargaí na Síne agus na Stát Aontaithe mar sin féin, tá an fhéidearthacht ann do bhreis táirgeadh ón Leathsféar Theas a bheidh á onnmhairiú ag margaí ardluacha ar nós an AE agus an Ríocht Aontaithe, a bhféadfadh tionchar leantach a bheith aige ar iomaíochas uaineoil na hÉireann ar na margaí seo le linn na bliana 2024.



# Muiceoil

Tháinig laghdú 15% go €461 milliún sa bhliain 2023, ar luach onnmhairí muiceola príomha na hÉireann, in ainneoin praghsáil aonaid níos airde a rinne fritháireamh de bheagán ar an laghdú suntasach ar mhéideanna onnmhairithe a tharla le linn na bliana.

Bhí athruithe ar éileamh margaidh idirnáisiúnta chomh maith le costais táirgeachta níos airde le blianta beaga anuas dúshlánach do shlabhra soláthair muiceola an AE. D'fhreagair táirgeoirí ar fud na hEorpa do bhrabúsacht íseal nó diúltach feirme, saincheisteanna maidir le leasa ainmhithe a bhí ag dul i méid agus údar imní ó thaobh na timpeallachta trí laghdú a dhéanamh ar mhéid a ngabháltais i bpríomhréigiúin. D'fhreagair táirgeoirí muc na hÉireann ar an mbealach céanna lena gcomhpháirtithe Eorpacha trí laghdú a dhéanamh ar mheánmhéid a ngabháltais le linn na bliana 2023. Bhí tionchar suntasach aige seo ar leibhéil aschur na hearnála le méid onnmhairithe muiceola na hÉireann (gan muiceoil bhreisluacha san áireamh) 21% níos ísle ná leibhéil na bliana 2022 ag 188,000 tonna.

In ainneoin gur sháraigh praghsanna muc an AE buaicleibhéal sa bhliain 2023, lean táirgeoirí muc ar fud an AE orthu ag fágáil an tionscal. Taispeántar laghdú 2% nó 233,000 cloigeann in Áireamh Beostoic mhí an Mheithimh 2023 i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe sin. Rinne ballstáit, ar tháirgeoirí móra muc iad ar nós na Gearmáine, na Fraince, an Ísiltír, an Pholainn agus an Danmhairg taifeadadh ar uimhreacha níos ísle. Léiríonn sé seo go bhfuil táirgeoirí níos cúramaí ó thaobh táirgeacht a leathnú, go háirithe i gcoinne cúlra fiacha oidhreachta ó ghéarchéim costais táirgeachta

I dTuaisceart na hEorpa, de réir tuairiscí, chuir caighdeáin leasa ainmhithe agus timpeallachta níos airde iallach ar roinnt táirgeoirí an tionscal a fhágáil. Mar sin féin, chuidigh roinnt ardaithe ar thréad póraithe muc na Spáinne agus na hIodáile le fritháireamh de bheagán a dhéanamh ar an laghdú i líon na muc san Eoraip. Ag leanúint ar aghaidh ón mbuaicphraghas a bhí leagtha síos ag táirgeoirí muc an AE sa dara leath den bhliain 2022 mar fhreagra ar sholáthairtí a bhí níos teinne, leanadh leis na praghsanna láidre sa bhliain 2023, agus bhain praghsanna na hÉireann buaic leibhéil de €2.24 amach in aghaidh an chileagraim meá-lasta gan CBL san áireamh ag deireadh mhí Lúnasa, cé gur lean roinnt laghdaithe i bpraghsáil muc ag tarraingt le deireadh na bliana.

## Treochtaí de réir Ceann Scríbe

Go hiondúil, gach aon bhliain, bíonn formhór onnmhairí muiceola na hÉireann dírithe ar na margaí idirnáisiúnta. Mar sin féin, tháinig titim shuntasach ar lastais mhuiceola na hÉireann chuig margaí idirnáisiúnta lasmuigh den AE agus den Ríocht Aontaithe le linn na bliana 2023 agus b'ionann na margaí seo agus díreach 51% d'onnmhairí i gcomparáid le 64% le linn na bliana 2022.

Léirigh an treocht seo éileamh lagaithe ar fud réigiún na hÁise, agus bhí onnmhairí go dtí an tSín, an tSeapáin, na hOileáin Fhilipíneacha agus an Chóiré Theas faoi thionchar ag leibhéil éilimh allmhairithe a bhí lag mar gheall nach raibh soláthróirí muc an AE chomh hiomaíoch sin i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe agus leis an mBrasaíl. Chomh maith leis sin, mar gheall ar phatrún praghsanna ísle Mheiriceá Thuaidh ar feadh na bliana, bhí titim 48% go €19 milliún ar lastais mhuiceola chun an réigiúin seo.

Mar chúiteamh d'éileamh idirnáisiúnta a bhí níos ísle, tháinig ardú 44% go dtí thart ar €135 milliún ar onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe, rud a léirigh soláthairtí na Ríochta Aontaithe a bhí thar a bheith teann. Bhí lastais mhuiceola na hÉireann chuig margaí an AE 8% níos ísle ag €93 milliún.

## Ionchais

Táthar ag tuar nach dtiocfaidh mórán athrú ar tháirgeacht muiceola domhanda sa bhliain 2024, agus táthar ag súil go ndéanfaidh arduithe sa Bhrasaíl, Vítneam agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá a fhritháireamh le haschur níos ísle sa tSín. Meastar go dtiocfaidh titim 1% don bhliain go 56 milliún tonna ar leibhéil táirgeachta na Síne. Cé go bhfuil an USDA ag tuairisciú táirgeacht Mheiriceánach níos airde, creideann líon anailísithe tionscail go bhfuil ceartú suntasach táirgeachta i ndán dá dtionscal mar gheall ar chaillteanais thar thréimhse fada.

Tá tionscal muc an AE ag leanúint le dul i dtaithí ar thomhaltas baile atá lag, agus easpa margaí nua chun áit na Síne a thógáil trí tháirgeacht a ailíniú le leibhéil éilimh atá níos ísle. Táthar ag súil go dtiocfadh táirgeacht muiceola an AE chuige féin de bheagán de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh. Mar sin féin, tugann meastacháin le fios gur dóigh go mbeidh táirgeacht fós thart ar 10% níos lú ná an bhliain 2021, a léiríonn go bhfuil athruithe struchtúracha ag cur brú anuas suntasach ar tháirgeacht.

Táthar ag súil go dtiocfaidh táirgeacht muiceola na hÉireann chuige féin de réir a chéile ón gcéad ráithe den bhliain 2024, rud a léiríonn roinnt téarnaimh sa tréad póraithe mar gheall ar chostais níos airde agus athleasú anuas ar chostais táirgeachta.

# Éineoil

## Tháinig laghdú 5% i dtéarmaí luacha go €153 milliún le linn na bliana 2023 ar onnmhairí éineola na hÉireann.

Neartaigh an tionscal éineola domhanda le linn na bliana 2023 in ainneoin fás eacnamaíoch lag agus praghsanna tomhaltóra níos airde. Chuidigh an laghdú ar phraghsanna beatha le borradh a chur faoi aschur de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh agus tháinig feabhas ar éileamh domhanda agus thosaigh praghsáil tomhaltóra ag maolú.

Bhain tionscal éineola na hÉireann buntáiste as éileamh daingean chomh maith le níos lú brú ó thaobh galair ar an earnáil. Tháinig ardú 3% ar leibhéil aschuir ón fhochatagóir príomha éineola, sicín. Léirigh sé seo éileamh láidir le níos mó sicín dorcha á díol ar mhargadh na hÉireann agus luach ar airgead á lorg ag tomhaltóirí a bhí ag faire amach do phraghsanna.

De réir Kantar Worldpanel, tháinig ardú 36% go €45 milliún le linn na bliana 2023 ar chaiteachas tomhaltóra na hÉireann ar shicín dorcha. Cé go bhfuil an seasamh is iomaíche ó thaobh próitéine feola ag éineoil, bhí boilsciú praghsanna suntasacha sa chatagóir seo. De réir sonraí Kantar, tháinig ardú de bheagnach 12% don bhliain ar phraghsanna miondíola éineola na hÉireann.

Bhí tionchar ag an bhFliú Éanúil Ardphataigineach (HPAI) ar thionscal na lachan sa bhliain 2022, mar sin féin, bhí téarnamh láidir soiléir sa bhliain 2023.

San Eoraip, tá tionchar ag an HPAI i gcónaí ar fhás táirgeachta ar fud an réigiúin, go háirithe sa Fhrainc agus lár na hEorpa, agus forleithne níos mó i dtreo sicín mallfháis, go háirithe san Ísiltír. In ainneoin éileamh láidir séasúrach ar shicín, bhí fás smachtaithe sa tionscal agus táirgeoirí fós aireach ó thaobh bagairt an HPAI agus teannas geopholaitiúil a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le hardú eile ar chostais táirgeachta.

## Treochtaí de réir ceann scríbe

Chuidigh lastais éineola méadaithe chuig an AE le frithảireamh a dhéanamh ar onnmhairithe laghdaithe chuig réigiún na Ríochta Aontaithe. Áitítear ar phríomhmhargaí laistigh den Eoraip, an Ísiltír, an Fhrainc, an Danmhairg agus an Ghearmáin.

Tá fás láidir le feiceáil i margadh na Spáinne i gcónaí a léiríonn éileamh láidir sa chainéal miondíola ar tháirgí feola dorcha le beagnach dúbailt ag teacht ar onnmhairí le breis is €6 milliún euro a bhaint amach le linn na bliana. In áiteanna eile, bhí laghdú 12% ag breis is €28 milliún ar lastais éineola chuig margaí idirnáisiúnta.

Tháinig feabhas ar choinníollacha maidir le rochtain ar mhargadh na hAfraice Theas le linn na bliana, agus tháinig ardú ar onnmhairí chuig margaí Afracacha eile ar nós, an Ghuine, Gána agus Beinin.

## Ionchais

Táthar ag súil go gcuideoidh éileamh breise agus costais níos ísle sa bhliain 2024 leis an tionscal éineola domhanda. Tá coinníollacha margaidh na hEorpa fós dearfach ach tá brúnna i ndán don tionscal ó allmhairithe atá ag dul i méid, go háirithe allmhairithe méadaithe sicín ón Úcráin ar tháinig fás suntasach orthu sa bhliain 2023.

Meastar go dtiocfaidh brú breise ar chaiteachas tomhaltóra san Eoraip. Is dóigh go mbeidh an chúngach seo mar chúis le hathruithe breise sa chatagóir sicín, agus táthar ag súil go mbeidh praghsáil muiceola fós ar leibhéal ard.

Tá an HPAI mar údar imní don tionscal éineola domhanda i gcónaí agus an víreas ag scaipeadh chuig formhór na réigiún, beidh baol breise domhanda do tháirgeadh agus do thrádáil soiléir. Sa chás go mbíonn tionchar ar na healta tráchtála i gceachtar de thrí phríomhréigiún táirgthe na Brasaíle, ansin d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar na margaí domhanda don earnáil próitéine ainmhithe.

# Táirgí Agus Comhábhair Déiríochta

## Feidhmíocht Onnmhairithe Déiríochta na hÉireann

Bhí luach measta de €6.34 billiún sa bhliain 2023 ar onnmhairí déiríochta na hÉireann, arbh ionann é agus laghdú ó thaobh luach de bheagnach seacht faoin gcéad. Seoladh 1.64m tonna de tháirgí agus de chomhábhair chuig breis is 130 margadh ar fud an domhain.

Sa bhliain 2023, measadh Iontógáil Bainne ag Baile ag beagnach 8.5 billiún lítear, laghdú de 365.5 milliún lítear (-4.1%) nuair a chuirtear i gcomparáid leis an mbliain 2022 é.

Tháinig fás aon faoin gcéad sa bhliain 2023 ar an soláthar bainne domhanda, agus an Eoraip, an Nua-Shéalainn agus na Stát Aontaithe go léir ag ardú aschuir, agus ba í an Airgintín an t-aon onnmhaireoir mór amháin a léirigh táirgeadh níos ísle. Leanann an tSín, inar cláraíodh fás dó faoin gcéad, ag cur lena linn bainne, bíodh is go bhfuil moilliú á léiriú i gcomparáid le rátaí fáis níos airde os cionn ocht faoin gcéad sna blianta 2021 agus 2022 araon.

Laistigh den Eoraip, rinne fás measartha (suas aon faoin gcéad go dtí dó faoin gcéad) ar fud na Danmhairge, na Gearmáine, na hÍsiltíre agus na Polainne suas na heasnaimh sa Fhrainc (síos beagnach trí faoin gcéad), in Éirinn agus san Iodáil (síos dó faoin gcéad) (GIRA, 2023a).

Meastar gur tháinig titim go dtí níos lú ná aon faoin gcéad ar na méideanna domhanda a allmhairíodh sa bhliain 2023 (StoneX, 2023).



Sa tSín, an t-allmhaireoir déiríochta is mó ar domhan, thit éileamh foriomlán na bliana 2023 de bheagán faoi bhun leibhéil na bliana 2022 ag díreach faoi 16.5 milliún tonna bainne leachtach. Rinne an Indinéis, an tSeapáin, an Téalainn agus an Chóiré Theas allmhairí a laghdú idir cúig faoin gcéad agus 15% sa bhliain 2023, cé gur tháinig ardú ar an éileamh ar allmhairí i Meicsiceo, san Ailgéir agus sna Stáit Aontaithe (StoneX, 2023).

Tháinig laghdú de thart ar €175 milliún sa bhliain 2023 ar onnmhairí ime na hÉireann chun €1.3 billiún measta a bhaint amach, síos 12% ar leibhéil na bliana 2022. Thuairiscigh an Fhaireachlann Eorpaigh um Margadh Bainne raon de €4,380 - €5,740 in aghaidh an tonna don bhliain 2023, a bhí go mór taobh thiar de phraghsanna na bliana 2022 (Coimisiún an AE, 2023b).

Tháinig ardú de thart ar €55 milliún sa bhliain 2023 go dtí thart ar €1.3 billiún ar onnmhairí cáise, ardú de cheathair faoin gcéad ar fhigiúirí na bliana 2022. Bhí luachanna margaidh seo tréan agus meánphraghsanna seachtainiúla na hEorpa de thart ar €3,900 in aghaidh an tonna le linn na bliana, gan é ach ocht faoin gcéad taobh thiar de phraghas na bliana 2022 agus go maith chun cinn ar an meán cúig bliana de €3,330.

Ag tógáil an dúshlán praghsála domhanda san áireamh, bhí laghdú i dtéarmaí luacha sna réigiúin tosaíochta go léir lasmuigh den Mheánoirthear, áit a raibh trádáil mhéadaithe thart ar inacmhainneacht.

## Príomhghníomhaíochtaí agus an méid a baineadh amach sa bhliain 2023

Feachtas Déiríochta Cómhaoinithe an AE: bhí an bhliain 2023 ar an dara bliain d'fheachtas €3.2m trí bliana, agus tá 80% de sin á mhaoiniú ag an Eoraip, chun déiríocht na hÉireann agus na hEorpa a chur chun cinn sa tSeapáin, sa Mhalaeisia, i Vítneam, sa Téalainn agus sna hOileáin Filipíneacha.

Ar feadh na bliana 2023, thug Bord Bia, i gcomhar le tionscal déiríochta na hÉireann faoi shraith gníomhaíochtaí, lena n-áirítear, cuairteanna ceannaitheoirí isteach, seimineáir theicniúla ionmhargaidh agus seónna trádála chun cur leis an bhfeasacht ar dhéiríocht na hEorpa san Áise. Go dtí seo, rinneadh teagmháil, tríd an fheachtas, le breis is 400 ceannaitheoir sa tSeapáin, i Vítneam agus sa Téalainn trí sheimineáir theicniúla agus seónna trádála. I mí Iúil, rinne Bord Bia óstach ar an toscaireacht aonair ceannaitheoirí déiríochta is mó chun na hÉireann ar chuairt ceannaitheoirí isteach. Áiríodh i gcúrsa an turais a mhair ar feadh seachtaine, cuairteanna ar phróiseálaithe déiríochta, ar fheirm ceadaithe déiríochta na Scéime um Dhearbhú Déiríochta Inbhuanaithe agus ar Teagasc na Cloiche Léithe. I mí na Samhna, d'fhreastail an tAire Talmhaíochta ar dhá sheimineár ceannaitheora sa Mhalaeisia, agus sna hOileáin Filipíneacha mar chuid de mhisean trádála chun na hÁise Thoir Theas.

Feachtais Margaíochta B2B – margaí tosaíochta: Sa bhliain 2023, reáchtáil Bord Bia clár feachtais mhargaíochta ar mhargaí an AE, na Ríochta Aontaithe, na hÁise agus Stáit Aontaithe Mheiriceá agus é mar chuspóir treallús a chur faoi fheasacht ar dhéiríocht féarchothaithe na hÉireann agus tús áite a thabhairt d'aimsiú foinsí ó Éirinn i measc ceannaitheoirí roghnaithe trádála. Áiríodh ar ghníomhachtuithe, ailt fógraíochta trádála, cuairteanna iriseoirí isteach agus fógraíocht ar líne. Chomh maith le seasamh seanbhunaithe ó thaobh na hinbhuanaitheachta trí *Origin Green*, bhí infhaighteacht deimhniú féarchothaithe i dtáirgí déiríochta na hÉireann mar ghné sna feachtais seo freisin. Baineadh clúdach suntasach amach sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin agus in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Feachtas Lá Domhanda an Bhainne – Gníomhachtú B2B: Sheol Bord Bia feachtas Lá Domhanda an Bhainne an 1 Meitheamh, chun cur le feasacht ar dhéiríocht féarchothaithe as Éirinn i measc custaiméirí trádála ar mhargaí idirnáisiúnta. Seoladh an feachtas ar LinkedIn agus díríodh ar chustaiméir trádála sa Ríocht Aontaithe, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Ghearmáin, sa Fhrainc, sa Spáinn, san Áise Thoir Theas, sa tSín, san Afraic agus in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha le hábhar físeáin a léirigh dintiúir féarchothaithe déiríochta na hÉireann.

Feachtais B2C maidir le Cáis Feirme na hÉireann: D'eagraigh foireann déiríochta Bhord Bia dhá fheachtas feasachta cáise feirme a bhí dírithe ar raon na gcáiseanna atá ar fáil a léiriú agus an trácht a stiúradh ar ais chuig leathanach nuafhorbartha gréasáin na cáise feirme ar láithreán gréasáin Bhord Bia. Bhí meascán de phóstálacha urraithe agus gníomhaíochtaí ó thionchairí i gceist le breis is 2 mhilliún imprisean.

Cuireadh tús le hobair ar dheiseanna forbartha catagóire treochláir do chatagóirí cáis feirme agus iógairt do thomhaltóir i mí na Nollag 2023 agus táthar ag súil le toradh i dtús na bliana 2024.

Seimineár Margaí Déiríochta Bhord Bia: Reáchtáladh Seimineár Margaí Déiríochta Bhord Bia in Óstán Chill na Sí an 18 Aibreán 2023 agus d'fhreastail breis is 150 duine ó thionscal déiríochta na hÉireann ar an lá. Bhí sé mar chuspóir leis an imeacht tuiscint níos fearr a chur ar fáil maidir le timpeallacht an mhargaidh domhanda atá ag athrú. Áiríodh sa seimineár, príomhóráidí ón Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Martin Heydon T.D., agus ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Bia, Jim O'Toole, agus ina diaidh sin bhí painéal Forbartha Gnó Domhanda Bhord Bia ann, mar aon le faisnéisiú ar Thodhchaí na Déiríochta, léargas ar na margaí trádála domhanda agus painéal Déiríochta Inbhuanaithe Tomhaltóra.

Seónna Trádála: Lean na seónna trádála le príomhról a imirt ó thaobh chur ar chumas chliaint déiríochta na hÉireann nascadh lena gcuid custaiméirí. Sa bhliain 2023, d'fhreastail Bord Bia in éineacht le tionscal Déiríochta na hÉireann ar Gulfood, Foodex, Salon du Fromage, Biofach, Anuga, Food Ingredients Asia agus Food Ingredients Asia agus Food Ingredients Europe.

Áiríodh ar thionscadail léargais le linn na bliana, leathadh amach seirbhísí 'Market Pulse' sa Nigéir, sa tSeineagáil agus ar an gCósta Eabhair, inar cuireadh léargas ar fáil maidir le coinníollacha margaidh i bpríomh-mhargaí déiríochta. Rinneadh seachadadh ar thionscadal inar díríodh ar dheiseanna do chomhábhair breisluacha chun freastal ar an sainearnáil cothaithe ag baile sa tSín atá ag fás agus rinneadh seachadadh ar staidéar don '*Future of Dairy UK*,' in am lena bheith mar phríomhphointe díospóireachta ag an Ireland UK Dairy Roundtable a bhí á óstáil ag Bord Bia in Ambasáid na hÉireann i Londain i mí na Nollag agus d'fhreastail custaiméirí sinsearacha atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe ar an ócáid.



# Athbhreithniú Earnála

## Bianna Ullmhaithe Tomhaltóra, Deochanna agus Bia Mara

### Bianna Ullmhaithe Tomhaltóra

Lean earnáil na mBianna Ullmhaithe Tomhaltóra (PCF) le teacht aniar a léiriú sa bhliain 2023 agus bhí ardú 7% ar luach onnmhairí a bhain €3.1 billiún amach.

Bhí arduithe ar luach le feiceáil ar fud na gcroíchatagóirí, bhí an chatagóir tuaslagán béilí ar an gcatagóir ba shuntasaí agus luach €600 milliún air, suas 11%; báicéireacht ag €315 milliún, ardú 10%; deochanna (carbónáitithe agus sú) ag €285 milliún, ardú 10% agus milseogra (seacláid agus siúcra) ag €430 milliún, ardú 12%. Is noda soiléir atá anseo maidir le coinníollacha margaidh agus le géarchéim an chostais mhaireachtála a bhí le brath sna margaí tosaíochta, go háirithe sa Ríocht Aontaithe, áit a raibh maolú ar an bhfás ar mhéid.

Cuireadh tús leis an mbliain agus údar dóchais ann mar gheall ar chomh bríomhar agus a bhí éileamh ón Ríocht Aontaithe agus ón Eoraip sa bhliain 2022. Mar sin féin, bhí boilsciú i réim sa timpeallacht trádála ag leibhéal tomhaltóra agus custaiméara araon. I Márta 2023, bhí ardú 17.5% ar bhoilsciú grósaeireachta sa Ríocht Aontaithe nach bhfacthas a leithéid cheana (Kantar UK, 2023a), sular mhoilligh sé go figiúirí aonair den chéad uair le sé mhí dhéag ag deireadh na bliana. (Kantar UK, 2023b). De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh chiallaigh timpeallacht trádála deacair go raibh soláthróirí na hÉireann faoi bhrú mór ó thaobh ath-idirbheartaíocht phraghais agus ó thaobh na déantúsaíochta, is beag comhartha a bhí ann maidir le díbhoilsciú agus fuinneamh agus saothar ag cur treallús faoi chostais déantúsaíochta.

Bhain tomhaltóirí úsáid as raon beart chun buiséid a bhainistiú, lena n-áirítear, rudaí a bhí níos saoire agus rudaí a bhí ar tairiscint a cheannach, athrú go bia reoite agus úsáid a bhaint as scéimeanna dílseachta. Foinse: Bord Bia agus an CSO, Príomhchatagóirí onnmhairí PCF na hÉireann, Príomhchatagóirí onnmhairí PCF na hÉireann, Feoil Breisluacha, Tuaslagán Béile, milseogra (Seacláid agus Siúcra), Báicéireacht (Báicéireacht Brioscaí agus Báicéireacht Mhilis)

Bhí go leor de na saincheisteanna céanna i ndán don chainéal seirbhíse bia ar nós níos lú scileanna, ganntanas lucht saothair, pá níos airde agus boilsciú agus neamhchinnteacht nach bhfacthas a leithéidí riamh roimhe. Lean tomhaltóirí orthu ag ithe amuigh ach bhí níos lú airgid á chaitheamh acu agus tháinig siad ar bhealaí eile chun bainistiú a dhéanamh ar chaiteachas ar nós laghdú a dhéanamh ar an méid a bhí á ordú acu. Bhí cúrsaí iomaíoch go háirithe agus oibritheoirí in iomaíocht lena chéile agus le miondíoltóirí chun sciar den mhargadh a fháil, lena n-áirítear, tríd an méid a bhí ar an bpláta a mhéadú, lascaine a thabhairt, teicneolaíocht, seachadadh agus eispéireas níos fearr do chustaiméirí. Dá bhrí sin, agus onnmhaireoirí na hÉireann ag coinneáil luach chomh maith agus ab fhéidir leo, tháinig méideanna faoi bhrú.

Ar deireadh thiar sainíodh feidhmíocht na bliana 2023 mar bhliain ina raibh caiteachas tomhaltóra srianta agus timpeallacht a bhí iomaíoch a chuir brú ar chomhlachtaí bainistiú a dhéanamh ar chorrlach agus ar mhéid. Bhí bealaí fáis á bhfeiceáil agus beidh siad fós á bhfeiceáil ag na comhlachtaí siúd a rinne ailíniú le custaiméirí agus chuaigh siad i gcomhpháirtíocht leo chun freagairt don mhargadh.

## Treochtaí de réir príomhchatagóirí

### Feolta breisluacha

Measadh gurbh fhiú €880 milliún sa bhliain 2023 onnmhairí feola breisluacha, ardú de 3%. Tá an fhochatagóir deighilte idir 48%, 29% agus 23% faoi seach, feoil muice, mairteoil agus éineoil. Feoil muice breisluacha. Tháinig ardú de thart ar 2% go €420 milliún ar onnmhairí iomlána feoil muice breisluacha.

Tá an Ríocht Aontaithe fós ar an bpríomhcheann scríbe, arbh ionann é agus 70% d'onnmhairí iomlána, in ainneoin moilliú ar lastais chuig an margadh seo. Tá an margadh seo tábhachtach, ach go háirithe, do bhagún cócaráilte, barrán agus comhábhair, a thugann seirbhís do na cainéil mhear-sheirbhíse agus déantúsaíochta. Bhí margadh na Ríochta Aontaithe fós dúshlánach mar gheall ar ghéarchéim an chostais mhaireachtála agus tionchar boilscitheach leanúnach. Mar thoradh air sin, tá caiteachas lánroghnach faoi dhúshlán agus leanann tomhaltóirí le rudaí níos saoire a cheannach.

Léiríodh feidhmíocht láidir ar na margaí Eorpacha agus luach na n-onnmhairí seo ag ardú 26% go beagnach €100 milliún, arbh ionann é anois agus beagnach 23% d'onnmhairí. Tá an Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn agus an Danmhairg fós ina margaí ríthábhachtacha don earnáil seo; mar sin féin, tá fás maith ag teacht ó mhargaí eile, ar nós na hIodáile, na Beilge agus na Portaingéile, agus tá feoil muice breisluacha ag cur go suntasach leis sin.

Léiríonn sé seo iarrachtaí éagsúlaithe leanúnach na hearnála trí dhíolachán mhéadaithe easnacha cócaráilte, barrán d'fheoil muice do phíotsa, catagóirí ceapairí ar fud mear-bhia ócáideach agus cainéal na mearsheirbhíse. Cé go bhfuil an fócas i gcónaí ag an earnáil ar mhargaí beaga idirnáisiúnta do phleananna fáis leanúnacha don earnáil, tá éileamh thar a bheith láidir ar chomhábhair feoil muice breisluacha sna spriocmhargaí príomha idirnáisiúnta.

Bhain onnmhairí mairteola breisluacha €255 milliún amach sa bhliain 2023, ardú de 7%. Is deis í an fochatagóir seo chun freastal ar éileamh tomhaltóra atá ag dul i méid do thuaslagán béilí agus cur le luach ó ghearrthóga ar phraghas íseal go traidisiúnta. Cuimsíonn sé táirgí ar nós comhábhair bhreisluacha don chainéal seirbhíse bia agus déantúsaíochta agus táirgí ar nós burgair don mhiondíol agus don tseirbhís bhia. Bhí éileamh láidir ón earnáil i dtús na bliana, mar sin féin, bhí éileamh níos ciúine ar fud na Breataine agus na hEorpa mar thoradh ar an drochaimsir le linn an tsamhraidh do tháirgí don ghrìoscán agus bhí roinnt carntha i leibhéil stoic agus níos lú díolta i stórtha miondíola sa leath deiridh den bhliain.

Áiríodh ar na príomh-mhargaí d'onnmhairí le linn na bliana 2023, an Ríocht Aontaithe, le díolacháin suas 1% go €125 milliún. Tháinig ardú iomlán 13% go €130 milliún ar dhíolacháin leis an AE-27, agus tháinig ardú 2% go dtí os cionn €30 milliún agus €10 milliún faoi seach ar onnmhairí chun na Fraince agus na Gearmáine, péire de na príomh-mhargaí. Tháinig ardú 1% go €200 milliún ar lastais éineola breisluacha le linn na bliana, agus bhí thart ar 85% de na honnmhairí seo dírithe ar mhargadh na Ríochta Aontaithe. Ciallaíonn sé seo go raibh onnmhairí éineola breisluacha chun na Ríochta Aontaithe 2% níos ísle ag €170 milliún. Tá an margadh seo tábhachtach, ach go háirithe, do sholáthróirí sicín cócaráilte a sholáthraíonn comhábhair sicín breisluacha a úsáidtear sa chainéal déantúsaíochta breise agus sa chainéal bialainne seirbhíse teoranta. Léirigh an fheidhmíocht seo freisin dúshláin boilscitheacha sa mhargadh seo.

Tháinig ardú 23% go €30 milliún ar onnmhairí chuig an AE agus rinneadh taifeadadh ar fheidhmíocht láidir san Ísiltír, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc.

## Báicéireacht (brioscaí, arán, báicéireacht mhilis)

Ba bhliain láidir ag macra-leibhéal i dtéarmaí fáis onnmhairí a bhí sa bhliain 2023 don bháicéireacht. Bhí formhór na ndeiseanna ó mhargadh na Ríochta Aontaithe, arbh ionann é i gcónaí agus breis is 90% d'onnmhairí báicéireachta na hÉireann ar fud arán, báicéireacht mhilis agus earraí bácáilte. Meastar go raibh ardú 10% go €315 milliún ar luachanna, agus tháinig ardú aondigite ar mhéideanna. Chuir meascán de ghnólachtaí nua agus raon méadaithe custaiméirí reatha treallús faoi seo. Mar sin féin, bhí brú ann ó thaobh corrlaigh ar feadh na bliana mar aon le neamhchinnteacht maidir le praghsanna plúir agus arduithe ar shiúcra, a rinne lagú ar ghnó nua.

D'oscail athrú fócais ó bhácúis sa Ríocht Aontaithe gnó nua d'onnmhaireoirí na hÉireann sa mhargadh, atá ag baint buntáiste anois as líonra fáis ar fud an chainéil miondíola, chomh maith le réimse atá ag dul i méid de sheirbhís bia agus de chustaiméirí déantúsaíochta ar ardchaighdeán. Chuidigh nuálaíocht faoi stiúir tomhaltóra ar fud táirge, leagan agus críochnú le seasamh phríomhbhácúis na hÉireann a dhaingniú ar mhargadh na Ríochta Aontaithe. Cé go bhfuil onnmhairí chuig réigiúin lasmuigh den Ríocht Aontaithe go léir i gcéatadáin uimhir aondigite, tá fás láidir a dhéanann léiriú ar éileamh atá ag dul i méid ar thairiscintí den scoth séasúracha agus malairtí bia atá saor ó ábhair éagsúla. Tá éagsúlacht shuntasach i solúbthacht éileamh ar fud na hearnála agus tá deighilt ag teacht chun cinn de réir a chéile agus tá na réimsí sa mheánraon faoi bhrú ag meascán dóibh siúd atá ag lorg táirgí ar chaighdeán níos airde atá cosúil leis an gcaighdeán a bheadh i mbialann, agus dóibh siúd atá ag ceannach earraí níos saoire chun airgead a spáráil.

## Tuaslagáin bhéilí

Bhí ardú 11% ar thuaslagáin bhéilí agus bhain luach measta de €600 milliún amach agus is fiú 19% d'onnmhairí iomlána PCF anois iad atá faoi threallús go príomha ag praghsanna níos airde. Tá margadh na Ríochta Aontaithe, go háirithe cainéal an bhia reoite, ar an gceann scríbe is suntasaí do thuaslagáin bhéilí, arbh ionann iad agus 70% d'onnmhairí. D'fheidhmigh cainéal an bhia reoite sa Ríocht Aontaithe go láidir, bíodh is gur tháinig laghdú de bheagán ar mhéid, i gcomparáid le catagóirí eile agus leanann an cainéal lena bheith mealltach do thomhaltóirí a bhfuil bia inacmhainne a mhaireann ar feadh tamall maith á lorg acu. Tá COVID- 19 agus géarchéim an chostais mhaireachtála ag cur dlús le dul i bhfód earraí reoite agus feicfimid linn an mbeidh tionchar aige seo ar iompar fadtéarmach. Bhí sé soiléir go raibh earraí nach raibh chomh daor á gceannach, le feidhmíocht

láidir i lipéid phríobháideacha. Tá seasamh maith ag onnmhaireoirí na hÉireann ar mhargadh na Ríochta Aontaithe anois, go háirithe ó thaobh bianna ullmhaithe reoite.

Sa bhliain 2023, rinne an earnáil teacht aniar a léiriú arís eile agus lean le tairiscintí catagóire an-láidir agus gníomhaíochtaí bolscaireachta a théann i bhfeidhm ar thomhaltóirí a sheachadadh. Tá barr feabhais oibríochtúil mar shaintréith san earnáil seo le fada an lá, agus tá sé níos tábhachtaí ná riamh anois nuair a thógtar san áireamh na dúshláin costais-bhunaithe atá ann anois. Is ionann na margaí Eorpacha agus 23% d'onnmhairí tuaslagán béile. Bhí feidhmíocht láidir ann sa bhliain 2023 agus an Ghearmáin, an Bheilg agus an Spáinn ag cur borradh faoi fhás. Is léiriú é an fheidhmíocht seo ar láidreacht na hearnála seo, ar tharraingteacht na dtáirgí ar fud margaí agus ar a gcumas leas a bhaint as líonraí idirnáisiúnta.

## Seacláid agus Milseogra

B'ionann luach seacláide agus milseogra siúcra agus €430 milliún agus is ionann é agus 14% d'onnmhairí iomlána PCF. Bhí feidhmíocht na catagóire measctha sa bhliain 2023. Bhain milseogra siúcra €135 milliún amach, ardú 16% ar an mbliain 2022, agus léirigh arduithe láidre ó thaobh méid freisin. Is feidhmíocht tréan ón earnáil atá i gceist anseo nuair a bhreithnítear boilsciú praghsanna comhábhar príomha. Léirítear é seo sa nuálaíocht daingean atá déanta ag an earnáil a bhfuil difreáil leanúnach bainte amach aici le héileamh láidir maidir leis an mbia is fearr duit i gcatagóir atá ag teacht faoi thionchar leanúnach ó bhrúnna rialála atá ag dul i méid.

Bhí feidhmíocht milseogra seacláide níos ciúine agus ardú 10% uirthi, agus bhain sí €295 milliún amach, gan gluaiseacht ar bith ó thaobh méid. Rinneadh seoladh bog na rialachán maidir le tairgí a bhfuil a lán Siúcra, Saille agus Salainn (High Fat Salt or Sugar) (HFSS) iontu i measc príomhchustaiméirí i margadh na Ríochta Aontaithe agus dá bharr tháinig laghdú ar infheictheacht seacláide le linn príomhthréimhsi díolacháin i rith na bliana. Mar sin féin, lean onnmhaireoirí le gnó nua agus fás a bhaint amach sna cainéil speisialtachta agus ardchaighdeáin.

## Deochanna carbónáitithe agus sú

Nuair a thógtar san áireamh ardú costas ionchuir príomha ar nós torthaí, siúcra agus leagan amach pacáistithe, go háirithe gloine, feictear go bhfuil teacht aniar ar leith léirithe ag earnáil na ndeochanna. Bhí ardú measta 10% go €285 milliún ar luachanna onnmhairí agus léirigh fás ó thaobh méid freisin. Déanann réimse na ndeochanna ionadaíocht ar an gcatagóir is difreáilte de chatagóirí an PCF agus téann 48% d'onnmhairí chuig ceann scríbe lasmuigh den Ríocht Aontaithe. Tháinig fás ar thairiscintí iomaíocha don chainéal miondíola chomh maith le fás seasta ar Réidh le hÓl (Ready to Drink)(RTD) ar mhargaí na Mór-roinne.

## Feidhmíocht de réir ceann scríbe

Bhí an Ríocht Aontaithe fós ar an margadh is tábhachtaí, arbh ionann é agus 64% d'onnmhairí. Cuireadh onnmhairí ar luach de €523 milliún agus €1.5 billiún faoi seach chuig Tuaisceart Éireann agus chun na Breataine Móire chun €2 billiún ar an iomlán a bhaint amach do mhargadh na Ríochta Aontaithe, arbh ionann é agus ardú luacha 1%. Bhí na comharthaí maidir le tionchar géarchéime an chostais mhaireachtála ar iompar an tsiopadóra le feiceáil i margadh na Ríochta Aontaithe, go háirithe sa dara leath den bhliain. Bhain siopaí lascaine leas as an gcomhthéacs boilscitheach agus tháinig ardú go 18% ar a sciar den mhargadh (Kantar UK, 2023b). Ba bhliain láidir a bhí inti don lipéad príobháideach, mar sin féin, bhí an boilsciú a bhí ag maolú, léirigh brandaí na chéad chomharthaí go raibh an bhearna á dúnadh sa leath deiridh den bhliain 2023.

B'ionann an AE agus 27% d'onnmhairí agus luacháladh é ag €843 milliún, ardú de 21%. Bhí an Ísiltír ar an margadh ba mhó ag €145 milliún arbh ionann é agus laghdú de 13% ar an mbliain 2022. Bhí an dul chun cinn a bhí bainte amach ag catagóirí ar nós milseogra seacláide, tuaslagáin bhéile, súnna agus arán sa dá bhliain roimhe sin, laghdaithe ó thaobh luacha sa bhliain 2023. Tá an chuma air go raibh méideanna cobhsaí, a léiríonn an brú ar phraghsanna le linn na bliana.



Bhí an Ghearmáin ar an dara margadh ba mhó san AE do PCF, le luach onnmhairí ag €138 milliún, ardú de 23%. Bhí fás de réir méid íseal ag uimhir aondigite in ainneoin an leibhéal boilscithe a bhí á bhrath sa Ghearmáin. Bhí fás ó thaobh luacha le feiceáil freisin i dtuaslagáin bhéilí, súnna, báicéireacht mhilis agus milseogra siúcra go léir. Bhí an Fhrainc agus an Spáinn ar an chéad dhá mhargadh eile ba mhó, ag luach de €119 milliún agus €74 milliún faoi seach. Bhí na Stáit Aontaithe ar an margadh ba mhó lasmuigh den Eoraip arbh ionann é agus 4% d'onnmhairí. Cuireadh luach de €117 milliún, ardú de 23% ar an margadh. Léirítear san fheidhmíocht seo díograis onnmhaireoirí na hÉireann ó thaobh an mhargaidh seo thar tréimhse fhada ama chomh maith le geilleagar buacach nach raibh le feiceáil i margaí na Ríochta Aontaithe ná an AE.

# Deochanna

Meastar gurbh fhiú thart ar €1.8 billiún onnmhairí iomlána deochanna don bhliain 2023. Is ionann é seo agus Ráta Fáis Bliantúil Comhdhéanta (CAGR) de 3.4% ó leibhéil na bliana 2021 in ainneoin bliain dheacair sa bhliain 2023 (síos 8%), a chuireann béim ar láidreacht an téarnaimh tar éis COVID- 19 in onnmhairí deochanna na hÉireann.

Bhí laghdú de 14% ag €875 milliún ar onnmhairí uisce beatha na hÉireann agus bhí laghdú 9% ag €370 milliún ar licéir uachtair na hÉireann. Mar sin féin, tá onnmhairí uisce beatha na hÉireann fós i bhfás dearfach CAGR ón mbliain 2021, agus ardú 1.5% orthu. Chomh maith leis sin, tháinig fás láidir 11%, chun €330 milliún a bhaint amach, ar onnmhairí beorach.

Bhí an laghdú ar luach onnmhairí chuig príomh-mhargadh Mheiriceá Thuaidh ar cheann de na príomh-chúinsí maidir le honnmhairí deochanna na hÉireann sa bhliain 2023. Tháinig titim de thart ar 26% ar an iomlán ar onnmhairí iomlána deochanna chuig Meiriceá Thuaidh. Tá líon cúiseanna leis an titim ar onnmhairí uisce beatha na hÉireann agus licéar uachtair na hÉireann araon, go háirithe chuig Meiriceá Thuaidh a shroich buaicphointe sa bhliain 2023. Bhí carnadh stoic sa mhargadh sa bhliain 2022 chun maolú a dhéanamh ar dhúshláin maidir le soláthar agus le trádáil trí thréimhse COVID-19, agus an margadh ag oscailt suas arís. Bhí maolú ar luas freisin sa ráta ídithe sa chéad leath den bhliain 2023, agus cúngach rátaí arda boilscithe agus rátaí arda úis á mbrath ag tomhaltóirí. Bhí costas creidmheasa ar an gcúinse deiridh a raibh tionchar aige ar onnmhairí. Le rátaí úis sna Stáit Aontaithe ag 5.5%, bhí drogall ar allmhaireoirí agus ar dháileoirí stoc a choinneáil ag na leibhéil roimhe seo.

In ainneoin na gcéimeanna ar gcúl seo, díoladh 15 milliún cás de naoi lítear uisce beatha na hÉireann ar bhonn domhanda sa bhliain 2022 agus tá an figiúr seo seasmhach fós sa bhliain 2023. Tháinig ardú 11% ar am iomlán go €490 milliún ar onnmhairí chuig an AE, agus bhí fás láidir le feiceáil sa Ríocht Aontaithe agus ardú 19% go €335 milliún ar onnmhairí. Tá príomh-mhargaí atá ag teacht chun cinn ag feidhmiú go maith freisin d'onnmhairí deochanna na hÉireann, lena n-áirítear, an Nigéir (+6%), Poblacht na Seice (+14%) agus an Pholainn (+3%) a thugann léiriú ar lorg dhomhanda dheochanna na hÉireann atá ag dul i méid.

## Uisce beatha na hÉireann

Bhain onnmhairí uisce beatha na hÉireann €875 milliún ar an iomlán amach sa bhliain 2023 (síos 14%) agus tá sé fós ar an bpríomh-chatagóir deochanna agus is ionann é agus 50% den luach iomlán. Bhí tionchar díréireach ag laghdú lastas chuig na Stáit Aontaithe ar onnmhairí. Mar sin féin, rinneadh é seo a fhritháireamh le fás láidir i bpríomh-réigiúin onnmhairí eile, ar nós an AE. Tháinig ardú 17% go €285 milliún ar onnmhairí chuig an AE agus bhí onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe 38% níos airde ag thart ar €65 milliún. Leanann margaí domhanda atá ag teacht chun cinn ar nós na Nigéire suas 59%, an Pholainn suas 21%, Singeapór suas 55% agus an Chóiré Theas suas 11% le bheith ina margaí fáis d'uisce beatha na hÉireann.

Tá thart ar 91% de dhíolacháin miondíola uisce beatha na hÉireann sna Stáit Aontaithe laistigh de bhandaí praghais scoth-tháirgí ar ardchaighdeán agus bandaí praghais scoth-tháirgí níos airde arís agus tá leas bainte ag an gcatagóir le blianta beaga anuas as an tslí a bhfuil béim leagtha ar ardchaighdeán uisce beatha na hÉireann ar fud an domhain. Tugann an anailís is deireanaí ón IWSR le fios go bhfuil an bhéim ar scoth-tháirgí agus ar bheith ag ól 'níos lú alcóil ach alcól ar chaighdeán níos airde' a ól ag leanúint mar threocht domhanda atá ag dul chun leasa tháirgeoirí uisce beatha na hÉireann. Mar sin féin, is dócha go mbeidh roinnt moilliú sa treocht seo, mar gheall ar chúngach go pointe áirithe ar ioncam de bharr rátaí boilscithe agus rátaí úis atá ag ardú go leanúnach sna príomh-mhargaí onnmhairithe.

## Licéar uachtair na hÉireann

Tháinig titim 9% go €370 milliún ar onnmhairí licéar uachtair na hÉireann. Is mar thoradh ar laghdú ar luachanna onnmhairí chuig Meiriceá Thuaidh agus chuig an AE an titim in onnmhairí. Cosúil le honnmhairí uisce beatha na hÉireann, bhí borradh faoi onnmhairí licéar uachtair na hÉireann ag tarraingt le deireadh na bliana 2022 agus bhí go leor stoc ar an margadh mar thoradh air sin. Bhí tionchar aige seo den chuid is mó ar tháirgí laistigh den bhanda praghais caighdeánach, a ordaítear i mbuilc go traidisiúnta níos rialta ná línte scoth-tháirgí licéar uachtair na hÉireann. Léirítear é seo sa laghdú 26% ar mhéid onnmhairí licéar uachtair na hÉireann.

Ar na príomh-mhargaí onnmhairí don chatagóir sa bhliain 2023, bhí Stáit Aontaithe Mheiriceá agus iomlán de €155 milliún ag an tír, Ceanada ag €40 milliún, agus an Ghearmáin ag €20 milliún. Bhí laghdú beagnach 4% ar luachanna onnmhairí chun na Stáit Aontaithe agus tháinig laghdú 28% agus 7% faoi seach ar dhíolacháin le Ceanada agus leis an nGearmáin. Bhí fás i roinnt margaí a bhí ag teacht chun cinn ar fud na hEorpa, lena n-áirítear Poblacht na Seice, ar tháinig níos mó ná dúbailt ar an bhfás inti. Tháinig maolú 20% sa bhliain 2023 ar onnmhairí chun na Ríochta Aontaithe, margadh láidir go traidisiúnta do licéar uachtair na hÉireann.

## Catagóirí eile deochanna

Tháinig ardú 11% ar onnmhairí beorach na hÉireann agus luach measta de €330 milliún orthu. Cuireann sé seo le téarnamh onnmhairí beorach sa bhliain 2022 agus tá leibhéil na bliana 2019 á sárú anois le 8%, a chuireann béim ar theacht aniar earnáil beorach na hÉireann. Bhí onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe i bhfad chun tosaigh ar an mbliain 2022 agus ardú 26% orthu go beagnach €160 milliún. D'fheidhmigh príomh-mhargaí an AE go láidir agus tháinig ardú go €40 milliún, suas 59%, ar onnmhairí chun na Fraince; ardú go €15 milliún, suas 14%, sa Ghearmáin, ardú go €15 milliún, suas 15%, sa Bheilg, agus go €10 milliún, suas 25%, san Iodáil. Bhí cúlú 11%, go €65 milliún ar an iomlán, ar onnmhairí chuig margadh Mheiriceá Thuaidh i gcomparáid leis an bhfás láidir sa bhliain 2022.

Rinneadh taifeadadh ar bhliain láidir eile sa bhliain 2023 d'onnmhairí leann úll na hÉireann, ardú 11% a bhain €80 milliún amach. Tá an Ríocht Aontaithe ar an bpríomh-mhargadh onnmhairithe don chatagóir, arbh ionann é agus 90% d'onnmhairí foriomlána.

Bhí moilliú le brath in onnmhairí jin na hÉireann tar éis chúig bliana d'fhás láidir i ndiaidh a chéile agus Éire á cur chun cinn mar tháirgeoir domhanda sa chatagóir seo. Go ginearálta, bhain onnmhairí jin na hÉireann €20 milliún ar an iomlán amach sa bhliain 2023 arbh ionann é agus laghdú 20%. Bhí na saincheisteanna céanna i ndán don chatagóir seo agus a bhí i ndán do chatagóirí eile, ar nós biotáillí eile, go háirithe i margadh Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ar phríomh-mhargadh fáis amháin don gin sa bhliain 2023 bhí an Ríocht Aontaithe, agus ardú 82% go beagnach trí mhilliún euro bainte amach sa tír. Rinneadh fás láidir a thaifeadadh freisin sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil agus sa Tuirc.

Bhí an feachtas "Spirit of Ireland" ar phríomh-thionscnamh Bhord Bia don earnáil. Is imeacht oideachais atá sa chlár seo atá dírithe ar fhoirne líne tosaigh, ar cheannaitheoirí agus ar úinéirí bunaíochtaí trádála i margaí spriocdhírithe. Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue a sheol an tionscnamh sa Liquor Control Board in Ohio in Aibreán 2022. Ó sheoladh an tionscnamh, rinne Bord Bia seachadadh ar 30 de na himeachtaí seo le linn 2022 agus 2023 do stáit eile sna Stáit Aontaithe, i gCeanada agus ag imeachtaí trádála eile sa Fhrainc, san India, sa Nigéir agus sa Ríocht Aontaithe. Chuir Bord Bia taispeántas ar fáil ag 3 sheó trádála agus bhí 40 cliant rannpháirteach. Rinne Bord Bia forbairt freisin ar threoracha Iontrála Margaidh do Cheanada, do Mheicsiceo agus don tSeapáin i dtús na bliana 2024. Sheol Bord Bia Anailís Eacnamaíoch freisin maidir leis an tionscal baile beorach ceirde agus leanna úll chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chliaint chun ócáidí blaiste cómhaoinithe sna Stáit Aontaithe a chur ar siúl.

# Bia Mara

### Bhí margaí onnmhairithe a bhí dúshlánach i ndán d'earnáil Bia Mara na hÉireann le linn na bliana 2023. Bhí laghdú 14% ar luachanna i dtéarmaí foriomlána i gcoinne cúlra a raibh méideanna ag titim (-25%) go háirithe laistigh de na catagóirí peiligeacha agus bradán.

Tháinig laghdú 29% ó thaobh luacha ar onnmhairí peiligeacha mar gheall ar roinnt cúinsí, lena n-áirítear, ciorruithe ar chuótaí maicréil mar thoradh ar an TCA; cuóta bolmáin a bhí ag titim agus laghdú ar thabhairt i dtír eachtrach, go háirithe ó thrálaeir de chuid na Ríochta Aontaithe a gceanglaítear orthu anois 50% dá gcuid lastas a thabhairt i dtír i gcalafoirt na Ríochta Aontaithe. Tháinig titim beagnach 6% ar onnmhairí bradán de réir luacha sa bhliain 2023 le laghdú (-22%) ar mhéid a bhí chun tosaigh ar laghduithe luacha, a léiríonn an láidreacht ar éileamh atá sa mhargadh i gcónaí ar bhradán orgánach na hÉireann. Bhí drochthionchar ar aschur mar gheall ar shaincheisteanna bitheolaíochta le linn na bliana 2022 a rinne laghdú ar an méid a bhí le fáil sa bhliain 2023. Bhí éileamh agus praghsanna seasmhach mar sin féin.

Tháinig laghdú 8.6% ó thaobh luacha ar onnmhairí sliogéisc rud a léirigh an maolú i bpraghas aonaid go háirithe do speiceas ardluacha mar gheall ar

an ngéarchéim leanúnach maidir leis an gcostas maireachtála ar fud príomh-mhargaí onnmhairithe. Bhí tionchar ar an éileamh ar speiceas ardluacha ar nós cloicheáin, oisrí agus portán le linn na bliana. Tháinig ardú beag 3% sa bhliain 2023 ar an éileamh ar iasc geal na hÉireann agus léiríodh fás measartha cé gur tháinig maolú ar phraghsanna i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus bhí méideanna chun tosaigh ar luach ar fud na príomh-mhargaí go léir (+32%).

Bhí onnmhairí táirgí bia mara ardluacha níos ísle le linn na bliana 2023 (-9%) ach fós tá siad chun tosaigh thart ar 20% ar leibhéil na bliana 2021 ag thart ar €110mn agus is ionann iad agus sciar den mhargadh atá láidir agus atá ag fás laistigh den mhargadh bia mara iomlán. Táimid ag féachaint ar thitim na bliana seo mar bhriseadh sa treocht thar blianta beaga anuas tráth a raibh fás láidir ar tháirgí breisluacha, ar nós táirgí a bhí ullmhaithe don tomhaltóir, cócaráilte, réidh le cócaráil/réidh le hithe nó táirgí bia mara deataithe.

## Ceann scríbe

Tá an Nigéir fós ar an margadh onnmhairithe is mó d'onnmhairí peiligeacha na hÉireann agus b'ionann é agus níos mó ná aon trian d'onnmhairí peiligeacha na hÉireann sa bhliain 2023. Tá an tSeapáin ar cheann scríbe tábhachtach eile do mhaicréil na hÉireann agus tá sé ar an dara ceann scríbe is mó anois d'onnmhairí peiligeacha na hÉireann agus tá an Fhrainc sna sála orthu sin. Rinneadh taifeadadh ar laghduithe suntasacha in onnmhairí peiligeacha chuig margaí eile san Afraic agus Gána (-25% de réir luacha) agus san Éigipt (-82% de réir luacha) agus bhí margadh na Síne deacair (-64%) mar gheall ar moilliú eacnamaíoch ginearálta agus brúnna an chostais mhaireachtála. Tá laghdú tagtha freisin ar an éileamh ar an fhaoitín gorm reoite sa tSín.

Tá margaí an AE-27 chun tosaigh i gcónaí ó thaobh onnmhairí bradán orgánach na hÉireann (arbh ionann é agus 72% de luach onnmhairí) ina bhfuil an Fhrainc, an Pholainn agus an Ghearmáin chun tosaigh. Tá an Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann mar cheann scríbe tábhachtach d'onnmhairí brádán orgánach na hÉireann chomh maith. Bhí onnmhairí laghdaithe mar thoradh ar mhéideanna níos ísle ar fud na margaí seo, seachas Tuaisceart Éireann agus an Pholainn le linn na bliana 2023 in ainneoin praghsanna aonaid a bheith ag ardú, a léiríonn láidreacht leanúnach an éilimh ar bhradán orgánach na hÉireann ar na margaí seo.

Is laistigh den AE atá ár margaí sliogéisc croíláir i gcónaí. Is ionann an Iodáil, an Fhrainc agus an Spáinn agus iad curtha i dtoll a chéile agus os cionn 65% de luachanna onnmhairí iomlána. Bhí bliain a bhí dúshlánach á brath ag na margaí seo sa bhliain 2023 le héileamh a bhí mall, a chiallaigh laghduithe dédhigiteacha i luachanna onnmhairí. Mar fhocal dearfach, bhí téarnamh in onnmhairí chuig margaí na hÁise (+31% de réir luacha) agus an tSín, Vítneam, an Chóiré Theas agus an tSeapáin go léir ag taifeadadh feidhmíocht láidir onnmhairí le linn na bliana. I roinnt margaí onnmhairithe, tá costas sliogéisc in aghaidh costas próitéiní eile mar chúis le teorannú fáis ó thaobh luach breise agus feicfimid é sin ag leanúint ar aghaidh sa bhliain 2024.

Bhí éileamh ar iasc geal na hÉireann seasmhach sa bhliain 2023, ag ardú go dtí 3% i dtéarmaí luacha. Is iad an Spáinn, an Fhrainc, Tuaisceart Éireann agus an Bheilg an príomhcheann scríbe onnmhairí agus tá taifeadadh déanta acu sin go léir ar fhás luacha agus méid atá dearfach. Tháinig laghdú suntasach ar onnmhairí chun na Breataine Móire le linn na tréimhse seo ach is d'fhéadfadh sé gur mar gheall ar onnmhairí a bheith ag dul go Tuaisceart Éireann i dtús báire agus ansin a bheith á n-onnmhairiú arís chun na Breataine.

Is é an AE27 an réigiún croíláir d'onnmhairí bia mara breisluacha agus is ionann é agus beagnach 70% d'onnmhairí breisluacha. Is ionann margadh na Ríochta Aontaithe agus 16% measta d'onnmhairí sa chatagóir seo agus léiríodh luach agus fás méide thar a bheith dearfach le linn na bliana 2023. Tháinig titim ar onnmhairí breisluacha chun na hÁise le linn na bliana.

## Ionchais Bia Mara

Tá an chosúlacht ann gur bhliain dhúshlánach eile a bheidh sa bhliain 2024 don earnáil. Beidh ciorruithe breise sa chuóta maicréil agus leanfaidh an earnáil peiligeach ag brath i gcónaí ar thabhairt i dtír eachtrach chun borradh a chur faoi sholáthar. Mar sin féin, tá fáilte roimh an scéala maidir le hinfheistíochtaí le gairid in acmhainneacht peiligeach ardluacha,

lena n-áirítear, filléid agus píosaí gan chnámha maicréil mear-reo ina n-aonar (IQF) agus ba cheart go gcuirfeadh sé seo treallús faoi luach onnmhairí sa bhliain 2024.

Tá ionchais do bhradán orgánach na hÉireann níos dearfaí mar go meastar go dtiocfadh ardú ar aschur sa bhliain 2024 ach tá na dúshláin ann i gcónaí ó iontrálaithe nua chun an mhargaidh seo agus ní mór don tionscal leanúint le buntáistí bhradán orgánach na hÉireann a chur chun cinn dá mbonn trádála agus tomhaltóra i bhfianaise na hiomaíochta atá ag dul i méid ó thíortha eile, lena n-áirítear, an Iorua agus Albain.

Táthar ag súil go bhféadfadh sé nach n-athchruthóidh an earnáil sliogéisc na harduithe ar luach a bhí ann le blianta beaga anuas mar gheall ar chúngach ar chaiteachas tomhaltóra agus infhaighteacht próitéiní níos saoire agus iomaíocht ísealphraghais i roinnt de na príomh-mhargaí onnmhairithe. Tá tosú an athuair onnmhairí portáin beo chun na Síne mar fhorbairt a bhfuil fáilte mhór roimpi, mar sin féin leanfaidh Bord Bia le margaí nua a fhorbairt do shliogéisc na hÉireann, lena n-áirítear Vítneam mar shampla, chuid cuidiú le feasacht agus cur le díolacháin ar fud margaí atá ag teacht chun cinn.

Táthar ag súil go mbeidh an earnáil iasc geal réasúnta cobhsaí sa bhliain atá romhainn agus ba chóir go gcuideodh infheistíochtaí a rinne an earnáil le gairid i mbia mara breisluacha, réidh le hithe/réidh le cócaráil, le feabhas a chur ar luachanna onnmhairí agus margaí agus cainéil nua a oscailt sa bhliain 2024.

## Rannpháirtíocht trasearnála

### Limistéar Foghlama Bhord Bia

Seoladh Limistéar Foghlama Bhord Bia sa bhliain 2020 agus tá raon leathan modúil ar fáil do chliantchuideachtaí chun clárú dóibh. Faoi láthair tá 28 modúl ar fáil. Sa bhliain 2023, rinneadh modúil bhreise digiteacha agus margaíochta a leathadh amach. Rinneadh an Limistéar Foghlama a fhorbairt mar fhreagra ar aiseolas ó chliaint ghnólachta beaga Bhord Bia a dteastaíonn uathu a bheith in ann foghlaim ina gcuid ama féin. Ciallaíonn acmhainní breise i bhfoirm físeáin, grafaicí eolais agus sraith straitéisí gur acmhainn foghlama ilfheidhmeach atá i gceist anseo do chliaint ghnólachta beaga.

### Tairseach cliant My Bord Bia

Chuaigh tairseach cliant My Bord Bia amach beo do chliaint Bhord Bia sa bhliain 2023. Tá breis 320 cliantchuideachta cláraithe go dtí seo leis an tairseach a rochtain atá tiomanta forléargas a sholáthar ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí Bhord Bia. Go dtí seo is féidir le cliaint ábhar go léir Bhord Bia a rochtain, an Limistéar Foghlama Bhord Bia, iarratas a dhéanamh ar dheontas MAP agus úsáid a bhaint as leabharlann Bhord Bia. Leanfaidh Bord Bia ag cur tacaíochtaí agus seirbhísí breise leis an tairseach sna blianta atá romhainn, lena n-áirítear, mionsonraí maidir le himeachtaí, *Origin Green*, léargas ar sheirbhísí agus neart eile.

### Tacaíocht um Bhealaí chuig an Margadh - Cláir do Mhiondíoltóirí

Is ionann Acadamh Bia agus tionscnamh comhroinnte de chuid Bord Bia, SuperValu, agus Oifigí Fiontair Áitiúla. Faigheann rannpháirtithe oiliúint maidir le sábháilteacht bia, taighde margaidh agus brandáil, margaíocht, airgeadas, inbhuanaitheacht agus forbairt gnó. Rinne an tAcadamh Bia ceiliúradh ar dheich mbliana ar an bhfód sa bhliain 2023 agus rinne Bord Bia ceiliúradh ar an ócáid trí thaighde a dhéanamh ar 'Bhia a Chuirtear ar Fáil go hÁitiúil'. Chuir breis is 20 táirgeoir earraí nua ar an tseilf i mí na Bealtaine 2023 mar chuid de chlár 2022/2023. Cuireadh tús le clár 2023/2024 i mí Meán Fómhair 2023 le 35 iarratasóir rathúil roghnaithe ó 80 iarratas. Beidh an deis ag rannpháirtithe a chríochnaíonn an clár a gcuid táirgí a chur ar an tseilf i siopaí SuperValu i mí na Bealtaine 2024.

Forbraíodh Grow with Aldi i gcomhpháirtíocht le Bord Bia agus tá sé seacht mbliana ar an bhfód anois. Tá an clár deartha chun cabhrú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide bhia agus dí na hÉireann a bheith curtha ar an liosta ag miondíoltóir náisiúnta. Glacann

rannpháirtithe páirt i sraith ceardlanna forbartha acmhainneachta ar ábhair ar nós próiseas ceannaigh Aldi, bainistiú slabhra soláthair agus margaíocht meáin shóisialta le Bord Bia agus ALDI. Sa bhliain 2023, roghnaíodh 24 comhlacht Éireannach le bheith mar chuid d'imeacht Specialbuy agus chuaigh a gcuid táirgí ar díol ar feadh tréimhse coicíse ar fud 155 siopa Aldi in Éirinn. Chomh maith leis sin, roghnaíodh triúr táirgeoirí mar 'bhuaiteoirí' sa bhliain 2023 agus bhí a gcuid táirgí liostaithe i 6 sceideal de chuid Specialbuy thar thréimhse dhá mhí dhéag. Cuirtear ceardlanna agus meantóireacht bhreise ar fáil do na buaiteoirí chun leas a bhaint as agus chun borradh a chur faoina gcuid deiseanna forbartha gnó.

Rinneadh clár Kickstart Lidl a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Bord Bia sa bhliain 2017. Tá an clár, arna reáchtáil ag Lidl Ireland le tacaíocht ó Bhord Bia, ceaptha chun cabhrú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide bhia agus dí na hÉireann a mbranda a fhás agus cur lena líonra soláthair. Go dtí seo, tá níos mó ná €7 milliún infheistithe ag Lidl chun tacú le breis is 350 soláthróir bhia agus dí na hÉireann. Sa bhliain 2023, thapaigh Lidl an deis chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár agus ar an mbealach ina bhféadfadh sé dul chun cinn a dhéanamh sa bhliain 2024 a aithint chun freastal ar riachtanais gnó agus a bhonn soláthair in Éirinn. Beidh Kickstart oscailte an athuair d'iarratais i mí Feabhra 2024.



# Athbhreithniú Earnála

## An Ghairneoireacht

### Forléargas

Áiríonn an tionscal gairneoireachta, earnáil bia na gairneoireachta agus an earnáil gairneoireachta taitneamhachta araon. Tá 6,600 duine fostaithe i dtáirgeadh tosaigh. Ar an iomlán, measadh an luach ag geata na feirme do thionscal na gairneoireachta a bheith sa bhreis ar €500m sa bhliain 2023.


### An margadh táirgí úra

Bhí luach de €1.75bn sa bhliain 2023 ar an margadh táirgí úra miondíola, arbh ionann é agus ardú 7% ar an mbliain 2022. Chuir praghsanna miondíola níos airde agus minicíocht ceannaigh níos airde treallús faoi seo, ach ar an iomlán díoladh méideanna níos lú.

B'ionann torthaí agus 47.5% den chaiteachas, glasraí 37.5% agus prátaí 15%. Luacháladh na catagóirí seo ag €832 milliún, €658 milliún agus €262 milliún faoi seach. D'fheidhmigh an margadh seirbhíse bia do tháirgí úra go maith sa bhliain 2023 ag cur leis an mbliain roimhe sin nuair a osclaíodh an cainéal go hiomlán tar éis na dianghlasála.

### Torthaí agus Glasraí

Ba bhliain dheacair agus dúshlánach í 2023 do shaothróirí. Bhí an aimsir athraitheach agus coinníollacha fliucha agus fuara ann san Earrach, triomach ann i dtús an tSamhraidh agus leibhéil shuntasacha báistí sa dara leath den bhliain. Bhí coinníollacha fáis agus sábhála do bharra faoin spéir thar a bheith dúshlánach agus bhí tionchar aige seo ar thorthaí agus ar chaighdeán na mbarr. Cé gur tháinig feabhas ar chostais ionchuir sa bhliain 2023, ba thoradh a bhí anseo ar chostais thar a bheith ard sa bhliain 2022 agus bhí costais táirgeachta fós ard agus ina ndúshlán suntasach do na saothróirí go léir. Ar an tsaincheist mhór eile a bhí ann don tionscal i gcónaí, bhí infhaighteacht saothair, mar go raibh sé dúshlánach leibhéil leordhóthanacha foirne ar ardchaighdeán a aimsiú do phríomhthascanna agus d'oibríochtaí ar fud slabhra soláthair táirgí úra.



## Muisiriúin

Bhí bliain réasúnta ag earnáil na muisiriúin sa Ríocht Aontaithe, atá ar an bpríomh-mhargadh do mhuisiriúin na hÉireann, áit a raibh díolacháin de réir méid ar aon dul leis an mbliain 2023, ach bhí ardú ar luach mar gheall ar arduithe praghais. Tá an earnáil beagán taobh thiar den chatagóir ginearálta glasraí ó thaobh feidhmíochta de réir luacha agus méid ach ní raibh earnáil na muisiriúin faoi réir ag an gcur isteach céanna ó thaobh aimsire sa bhliain 2023, a bhí mar chúis le luaineacht i dtáirgí eile, mar gheall go bhfuil siad á dtáirgeadh i dtimpeallacht rialaithe. Léirigh an earnáil teacht aniar, leis an méid a onnmhairíodh ar aon dul leis an mbliain 2023. Tá méideanna díolacháin miondíola i margadh na hÉireann laghdaithe, cé go raibh ardú ar an margadh seirbhíse bia.

## Prátaí

Ba shéasúr deacair a bhí i séasúr na bliana 2023 don bharr prátaí in Éirinn. Tugann meastacháin ar an achar faoi bharr ón DAFM le fios gur 7,163 heicteár an t-achar a bhí faoi phrátaí sa bhliain 2023, laghdú 412 heicteár ón mbliain 2022. Ar na príomhchúiseanna a bhí luaite leis an laghdú bhí, coinníollacha margaidh agus drochaimsire nach raibh fabhrach agus costas táirgeachta a bhí ard agus d'fhéadfadh sé gur chuir sé sin stop le roinnt saothróirí prátaí a chur sa bhliain 2023. Ar na príomhchúinsí a chur ardú ar phraghas bhí, costas ard leasacháin, lotnaidicídí, innealra sábhála agus rochtain chuig an talamh.

Bhí earrach a bhí fuar agus fliuch mar shaintréith ar an aimsir sa bhliain le linn gnátham curadóireachta, chuir sé seo moill ar fhormhór an phríomhbharra go dtí mí na Bealtaine, agus sna sála air sin tháinig mí an Mheithimh te agus tirim. Bhí tionchar ag na coinníollacha adhaimsire seo ar fhás agus ar fhorbairt na bprátaí agus bhí líon níos lú tiúbair agus táirgeacht mar thoradh air. Is aimsir fhliuch a bhí ann ar feadh na coda eile den séasúr agus chiallaigh sé sin go raibh an fómhar thar a bheith deacair.

Tá an margadh baile ar an bpríomh-mhargadh do thionscal na bprátaí ar a raibh luach de €262m sa bhliain 2023 ag leibhéal miondíola. Cé go raibh díolacháin ó thaobh méid laghdaithe, tháinig ardú ar luach (ag leibhéal miondíola).

## Barra Taitneamhachta

Measadh gur €100m ag geata na feirme luach an aschuir ón earnáil taitneamhachta sa bhliain 2023. Mar thoradh ar phaindéim COVID- 19 le gairid bhí fás thar na bearta ar spéis sa gharraíodóireacht agus ar chaiteachas sa gharraíodóireacht agus níos mó ná €1 billiún á chaitheamh ag tomhaltóirí. Tá nósanna caiteachais ar ais chuig na leibhéil ag a raibh siad sular tharla an phaindéim. Mar sin féin, fiú i gcomhthéacs an gheilleagair boilscithe a bhí ard sa bhliain 2023, tá fíor-fhás le brath sa mhargadh ón mbliain 2018, a thugann le fios go bhfuil an fócas níos mó a bhí againn ar spásanna lasmuigh le linn COVID-19 ar an oidhreacht a d'fhág an phaindéim againn ó thaobh ár ndearcadh ar ghairdíní. Rinneadh fás a thaifeadadh i ngach catagóir ó thaobh caiteachais i gcomparáid leis an mbliain 2018; ar an athrú is mó is díol suntais tá réimse na seirbhísí tírdhreacha, atá ag fás go leanúnach ó aimsir COVID- 19.

Tháinig laghdú de bheagán ar onnmhairí taitneamhachta sa bhliain 2023, cé gur tháinig fás ar onnmhairí chuig Tuaisceart Éireann. Bhí díolacháin plandaí agus duilliúr seasmhach agus bhí titim ar onnmhairí lus an chromchinn. Tá spéis mhór sa gharraíodóireacht sa Ríocht Aontaithe agus tá deiseanna onnmhairithe i dTuaisceart Éireann i gcónaí. Tá margadh na Ríochta Aontaithe arís eile ar an bpríomh-mhargadh do tháirgeacht na hÉireann. B'fhiú €19 milliún sa bhliain 2023 díolacháin chuig na margaí go léir, laghdú de bheagán ar an mbliain 2022.

## Promóisean Ghairneoireachta

### Feachtas Bolscaireachta Prátaí an AE

Cuireadh tús le feachtas nua trí bliana do phrátaí sa bhliain 2023 atá maoinithe ag an AE agus ag an tionscal agus bhí an feachtas dírithe ar mhílaoisigh. Tá an feachtas atá bunaithe ar líne á reáchtáil ar fud na bpríomhchainéil meáin shóisialta, le béim ar leith ar Instagram. Tá trácht á dhíriú chuig láithreán gréasáin an fheachtais, potato.ie.

### Feachtas an AE "Tá an Saol Níos Fearr" le Torthaí agus Glasraí

Táthar ag leanúint leis an bhfeachtas "Tá an Saol níos Fearr le Torthaí agus Glasraí" atá maoinithe ag an AE agus a seoladh sa bhliain 2022 a leathadh amach sa bhliain 2023. Tá sé mar aidhm leis an bhfeachtas cur leis an leibhéal eolais i measc mílaoiseach maidir le buntáistí cothaitheacha, an ilúsáideacht, an inbhuanaitheacht agus an phraiticiúlacht a ghabhann le torthaí agus le glasraí.

Is ar líne, go príomha, atá an feachtas, lena chainéil meáin shóisialta agus láithreán gréasáin tiomanta féin. Cuimsíonn an feachtas cur chun cinn torthaí boga, sútha talún agus an raoin iomláin tháirgí séasúracha. Tá físeáin de shaothróirí áitiúla le fáil ar an láithreán gréasáin agus tá próifílí ann de lucht maoinithe tionscail an fheachtais. Bíonn gníomhaíocht bolscaireachta ar líne ar siúl ar feadh na bliana agus dírítear an pobal chuig láithreán gréasáin an fheachtais www.fruitnveg.ie.

### Tionscnamh Trádála Cur Chun Cinn Muisiriúin sa Ríocht Aontaithe

Reáchtáladh gníomhaíocht cur chun cinn muisiriúin do thomhaltóirí san fheachtas seo a bhfuil Bord Bia ag tacú leis i gcomhar leis an tionscal muisiriúin le linn na bliana ar fud líon cainéil, lena n-áirítear, lasmuigh agus go digiteach. Aimsíodh an maoiniú don ghníomhaíocht seo trí mhaoiniú a fuarthas ó mhaoiniú Chúlchiste Coigeartaithe an Bhreatimeachta (BAR). Baineadh úsáid as cur chuige ilmheáin, lena n-áirítear, cláir fógraí, VOD, Meta, YouTube, TikTok, raidió agus margaíocht tionchaire, a dhírítear ar shiopadóirí grósaeireachta ar fud na tíre, leis an aidhm teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí níos óige, agus cruthaíodh idirghníomhaíocht mhaith leis an spriocmhargadh.

### Feachtas Bolscaireachta Muisiriúin an AE "Mushrooms, the Hidden Gem"

Is é an GEPC an comhlacht a dhéanann ionadaíocht ar thionscal muisiriúin na hEorpa ar fud roinnt tíortha agus an comhlacht a chuireann feachtas bolscaireachta muisiriúin i bhfeidhm ar fud an AE, 'Mushrooms, the Hidden Gem'. Tá an feachtas á reáchtáil sa Pholainn, san Ísiltír, sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, sa Bheilg, san Ungáir agus in Éirinn. Seoladh an láithreán gréasáin sa bhliain 2023, https://europeanmushrooms.eu/en/ agus tá leathanach ann atá tiomanta d'Éirinn agus tá tús curtha le gníomhaíocht meáin shóisialta agus gníomhaíocht tionchaire. Chomh maith leis sin, bhí ailt fógraíochta san Irish Country Magazine le linn mhí Dheireadh Fómhair agus na Nollag.

### Feachtas Scoth an tSéasúir

Bhí sé mar chuspóir le Feachtas Scoth an tSéasúir cur le feasacht ar shéasúracht agus ar na buntáistí a bhaineann le torthaí agus glasraí a ithe, tomhaltóirí a spreagadh an méid atá i séasúr a cheannach agus a chócaráil, agus trácht a threorú chuig féilire idirghníomhach Scoth an tSéasúir ar BordBia.ie. Áirítear ar phríomhghnéithe an fheachtais, caidreamh poiblí agus gníomhaíocht ar líne agus úsáid a bhaint as na meáin shóisialta. Reáchtáladh Lá Náisiúnta na bPrátaí i mí Dheireadh Fómhair trí chaidreamh poiblí, ar an teilifís agus ar líne. Chruthaigh sé seo rannpháirtíocht shuntasach ar fud na gcainéal go léir.

### Sraith Teilifíse Fásta sa Bhaile

Thiúnáil breis is dhá mhilliún lucht féachana isteach chun féachaint ar an gcéad sraith de HOME GROWN, an clár teilifíse atá urraithe ag Bord Bia a thaispeánann táirgí úra agus plandaí ornáideacha agus na hearnálacha gairneoireachta gaolmhara. Rinneadh taifeadadh ar an dara sraith ar feadh séasúr na bliana 2023 agus déanfar an tsraith a chraoladh ar RTÉ thar thréimhse seacht seachtaine ó mhí Feabhra 2024. Tuairiscíodh tar éis taighde meastóireachta tomhaltóra agus tionscail ar tugadh faoi tar éis na sraithe go bhfuil feasacht ard ann maidir leis an gclár agus a thábhacht oideachais ó thaobh próifíliú a dhéanamh ar an tionscal gairneoireachta agus go bhfuil sé ag cur le heolas an tomhaltóra maidir le raon na dtáirgí agus na bplandaí atá á bhfás go háitiúil.

## Cláir Scoile

### Clár Food Dudes

Cuirtear Scéim Scoile an AE maidir le Torthaí agus Glasraí chun feidhme in Éirinn tríd an gClár Itheachán Sláintiúil, Food Dudes. Is tionscnamh

fianaisebhunaithe dreasaithe athraithe iompair é an Clár Food Dudes, a ndéanann Bord Bia bainistiú air agus a dtugann an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara agus an tAontas Eorpach maoiniú dó. Tá sé mar aidhm ag an gClár Food Dudes tomhaltas marthanach torthaí agus glasraí a mhéadú i measc daltaí bunscoile trí thorthaí agus glasraí a chur ar fáil agus a bhlaiseadh go minic.

Sa bhliain 2023, thug an chéad chohórt scoileanna timthriall Food Dudes iomlán chun críche. Chun ceiliúradh a dhéanamh ar a rathúlacht agus chun rannpháirtíocht leanúnach a spreagadh, tionóladh Laethanta Cur i Láthair ar fud na tíre agus bronnadh plaic ar na scoileanna. Tá roinnt nuashonrúcháin curtha le clár Food Dudes le linn na bliana, lena n-áirítear, aistriú go tréimhse idirghabhála 5 lá (seachas 8 lá) do dhaltaí sinsearacha, tugadh acmhainní cothrom le dáta, tugadh leagan amach an láithreáin gréasáin cothrom le dáta agus athraíodh go timthriall 4 bliana rannpháirtíochta.

Bhí 1,512 scoil ar an iomlán agus breis is 233,000 dalta rannpháirteach sa chlár sa bhliain 2023.

## Incredible Edibles

Is clár scoilbhunaithe atá i gceist le *Incredible Edibles* a bhfuil sé mar aidhm leis leanaí a spreagadh chun a dtorthaí agus a nglasraí féin a fhás ag an scoil agus sa bhaile, lena méadófar feasacht ar a ról san aiste bia sláintiúil agus cothrom. Tá an clár cómhaoinithe ag tionscal na gairneoireachta le tacaíocht ó ranna rialtais, agus Bord Bia agus déanann an comhlacht oideachais agraibhia, Agri Aware, é a bhainistiú ag leibhéal na scoile. Sa bhliain 2023, bhí 1592 scoil agus 79,841 dalta rannpháirteach sa chlár, le breis is 2,000 pacáiste (thart ar 1800 pacáiste fáis agus 262 pacáiste síolta) seolta amach chuig scoileanna a bhí rannpháirteach. Bhí gníomhaíocht ar líne agus ar scoil ann timpeall ar na cúig thasc croíláir an chláir, agus áiríodh ar imeachtaí, Meet the Farmer Zoom náisiúnta, seachtain maidir le hithe go sláintiúil i mí na Bealtaine agus cuairteanna scoile ar Bloom i bPáirc an Fhionnuisce. Seoladh an clár don bhliain scoile reatha i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus chuir na scoileanna tús lena gcuid gníomhaíochtaí ó mhí Feabhra 2024 ar aghaidh.

## Healthy Heroes

Is tionscnamh am lóin do bhunscoileanna ó Chumann Báicéirí Aráin na hÉireann (IBBA) agus ó Bhord Bia é Club Lóin Healthy Heroes. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh cuidiú le leanaí a gcuid nósanna itheacháin agus aclaíochta a fheabhsú. Cuireann an clár ar chumas leanaí foghlaim faoin gcothú agus a leibhéil gníomhaíochta a chur chun cinn agus spraoi a bheith acu i dtimpeallacht neamhiomaíoch ag an am céanna. Áirítear leis sin, eolas sothuigthe maidir le pirimid an bhia agus maidir lena mbíonn i sárbhosca lóin chun leanaí a spreagadh lón níos folláine a bheith acu agus chun a bheith níos gníomhaí maidir leis na comhábhair a úsáidtear.

Tá sé mar aidhm leis an gclár thart ar 500 scoil a earcú gach bliain chun a bheith rannpháirteach sa tionscnamh, agus formhór na gníomhaíochta ar siúil idir míonna Eanáir agus an Mheithimh. Roghnaítear scoil gach mí den bhliain scoile mar “Scoil na Míosa”, agus bíonn caidreamh poiblí ar siúil maidir leis an gclár agus na buntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht scoileanna agus daltaí. Sa bhliain 2023, den chéad uair riamh, bhí láithreacht ag *Healthy Heroes* ag Bloom. Bhí seisiúin aclaíochta sa Kids Zone agus tugadh cuireadh do cheann amháin de scoileanna na míosa freastal ar an imeacht.

## An gharraíodóireacht a chur chun cinn

Is é “*Let’s Grow*” an bratach faoina gcuirtear chun cinn na gníomhaíochtaí go léir maidir leis an ngarraíodóireacht. Tá an fócas go príomha ar na meáin shóisialta agus baineadh úsáid astu sin chun plandaí séasúracha a chur chun cinn. Cuireadh treoir chun gnímh amach do thomhaltóirí ó thaobh pleanáil don bhliain garraíodóireachta agus chuir sé seo Easy Steps to Dream Gardens agus liostaí plandála chun cinn ar láithreán gréasáin Bhord Bia. Cuireadh le gníomhaíocht cur chun cinn na garraíodóireachta trí dhá Ghairdín den Scoth a chruthú ag Bloom.

## Feachtas Cathracha Glasa an AE

Bhí trí cheann déag de thíortha (13) an AE rannpháirteach i bhfeachtas Cathracha Glasa an AE, lena n-áirítear, Éire. Dírítear an feachtas ar lucht déanta beartais, ar lucht pleanála cathrach, ar lucht

cinnteoireachta na gcathracha, ar ailtirí tírdhreacha agus ar fhorbróirí, chun na luachanna agus na tairbhí a bhaineann le tuilleadh spásanna glasa sna cathracha a aithint. Bhí an feachtas ar an gceann deiridh de ghníomhaíocht trí bliana sa bhliain 2023. Chuir an feachtas chun cinn agus spreag sé iontráil na hÉireann ar an ngradam Cathracha Glasa na hEorpa, agus ar an ngradam Cathracha Glasa na hÉireann, agus fuarthas líon mór iontrálacha. Áiríodh ar phríomhimeachtaí eile sa bhliain 2023 dearadh agus suiteáil gairdín taispeántais cathair ghlas ag Bloom i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus leis an ALCI agus tionóladh seimineár Cathair Glas san Fhómhar.

## Cláir Gairneoireachta

### Margaíocht agus Nuálaíocht

Bhain comhlachtaí gairneoireachta leas as deontais sa bhliain 2023 faoi Chlár um Chúnamh Margaíochta Bhord Bia chun cur lena n-acmhainn margaíochta agus chun iad a fheabhsú

### Bainistíocht Bharainneach

Cabhraíonn prionsabail bainistíochta barainní le gnólachtaí chun táirgiúlacht a mhéadú. Tugadh cúnamh do roinnt gnólachtaí gairneoireachta le linn na bliana. Cuidíonn an clár le cuideachtaí meadarachtaí a bhunú d'fheidhmíocht an ghnólachta, féachann sé ar struchtúir bhainistíochta agus tuairiscithe, agus aithníonn sé na réimsí le haghaidh costais a shábháil agus táirgiúlacht a mhéadú.

### Clár Forbartha Onnmhairí Taitneamhachta

Dírítear an Clár Onnmhairí Taitneamhachta ar úinéirí gnólachtaí gairneoireachta taitneamhachtaí a dteastaíonn uathu cur le díolacháin onnmhairí atá ann cheana féin nó dul isteach sna margaí onnmhairithe den chéad uair. Tá na comhlachtaí seo bainteach le duilliúr gearrtha, bleibíní agus bláthanna, crainn Nollag agus plandaí don ghairdín. San fhómhar d'fhreastail plandlanna onnmhairithe ar sheisiúin tiomanta comhairliúcháin phearsanta maidir le honnmhairí le meantóir earnála taitneamhachta atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. Bhí líon ard comhairliúcháin ann an bhliain seo caite, agus tá roinnt saothróirí i mbun breithnithe ó thaobh dul i mbun na héagsúlachta sa Ríocht Aontaithe. Bhí clár tacaíochta leanúnach ann chun cuidiú le táirgeoirí tuiscint a fháil ar na hathruithe ar rialacháin allmhairithe na Ríochta Aontaithe a bheidh ag teacht i bhfeidhm sa bhliain 2024.

### Léargas Gairneoireachta

Tugadh faoi staidéar sa bhliain 2023 maidir le Luach an Mhargaidh Garraíodóireachta Bhord Bia/Ipsos. Táthar ag tabhairt faoin mbeart seo ón mbliain 2001, agus déantar rianú ar threochtaí caiteachais agus tomhaltóra ar fud an mhargaidh garraíodóireachta. Tar éis ardú nach bhfacthas a leithéid riamh ar ghníomhaíocht agus ar chaiteachas in earnáil an mhargaidh garraíodóireachta le linn COVID- 19, tá cúrsaí ar ais mar a bhí roimh na paindéime, den chuid is mó. Mar sin féin, fiú i gcomhthéacs geilleagar ardbhoilscithe na bliana 2023, tá fíor-fhás le brath sa mhargadh ón mbliain 2018 agus luach díreach faoi €1 Billiún bainte amach aige.

### Urraíochtaí

Tacaíonn Bord Bia le riachtanais thionscal na gairneoireachta trí urraíocht comhdhálacha, seimineár agus ceardlanna ábhartha a chur ar fáil, chomh maith le himeachtaí arna n-eagrú ag eagraíochtaí eile a bhfuil baint ag Bord Bia leo. Áirítear anseo tacú le haontaí plandaí san earnáil taitneamhachta. Ar phríomhimeacht amháin bhí seó trádála GLAS a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí Iúil. Tá Bord Bia mar phríomhurraitheoir an tseó trádála seo agus mar chuid den choiste eagrúcháin. Bhí ionadaíocht láidir ann ó thaispeántóirí an tionscail ar an lá agus bhí líon na gcuairteoirí ard. Chuir Bord Bia taispeántas ar fáil ag an imeacht inar tugadh léiriú ar sheirbhísí don tionscal agus inar cuireadh béim ar thaighde reatha do na hearnálacha garraíodóireachta.



# Athbhreithniú Earnála

## Orgánach

### Gníomhaíochtaí orgánacha

Tá Bord Bia ag leanúint le tacaíocht a thabhairt d’fhás earnáil orgánach na hÉireann in Éirinn agus i bpríomhmhargaí onnmhairithe. Ó thaobh na hÉireann de, tá an fócas ar níos mó de shiopadóirí na hÉireann a spreagadh bia agus deochanna orgánacha na hÉireann a ithe agus a ól agus sna margaí onnmhairithe tá an fócas ar chur le feasacht ar Éirinn mar tháirgeoir bia agus deochanna orgánacha chomh maith le tacú le cliaint Bhord Bia le liostáil nua a fháil ar fud Mhór-roinn na hEorpa, na Ríochta Aontaithe agus ar fud margaí idirnáisiúnta.

### Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Tá Bord Bia rannpháirteach san Fhóram um Straitéis Orgánach ag a bhfuil ionadaíocht ar fud na hearnála orgánaí le 27 comhalta de pháirtithe leasmhara a mbíonn cruinniú acu gach cúpla mí. Déanann Bord Bia cur i láthair maidir le forbairtí margaí a baineadh amach le gairid agus na treochtaí margaidh is deireanaí. Thacaigh Bord Bia ar feadh na bliana 2023 leis na príomh-pháirtithe leasmhara trí chur i láthair a dhéanamh ag líon de Shiúlóidí Náisiúnta Feirme de chuid Teagasc, imeachtaí ar nós seoladh an mhargaidh orgánaigh i nDroichead Abhann ó gCearnaigh, cruinnithe le grúpa táirgeoirí agus príomhchomhdhálacha earnála ar nós Biofarm 2023.

## Imeachtaí

Ar dhá phríomhimeacht a bhí ag Bord Bia chun an earnáil orgánach a chur chun cinn, bhí Bloom agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Rinne Bord Bia óstach ar 13 cliant orgánach na hÉireann ag Bloom sa choirnéal tiomanta orgánach sa Mhargadh Bia. Ba é seo an t-aon áit laistigh den Mhargadh Bia ina raibh brandáil lastuas chun cuidiú le daoine na cliaint orgánacha a aithint a bhí ag cur taispeántais ar fáil. Chomh maith leis sin, bhí gairdín orgánach trasna ón Margadh Bia a bhí curtha ar fáil trí fhoireann Gairneoireachta Bhord Bia agus an RTBM. Chuidigh an dara himeacht ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, áit a raibh seastán ag Bord Bia sa Mhargadh Orgánach, le Bord Bia cumarsáid a dhéanamh le feirmeoirí agus iad a chur ar an eolas maidir leis na gníomhaíochtaí go léir atá á gcur ar fáil ag Bord Bia chun tacú le hearnáil orgánach na hÉireann.

## Seónna Trádála

Sa bhliain 2023 chuir Bord Bia dhá sheó trádála ar fáil chun tacú le cliantchuideachtaí orgánacha na hÉireann chun custaiméirí nua a aimsiú ach chun a bheith rannpháirteach le custaiméirí onnmhairithe atá ann cheana féin freisin. Bhí Biofach ar an gcéad sheó trádála atá ar uimhir a haon ó thaobh seó trádála orgánach domhanda a dhéantar a reáchtáil sa Ghearmáin i mí Feabhra. Rinne Bord Bia óstach ar ocht gcliantchuideachta orgánacha ar sheastán *Origin Green* Orgánach. Le linn an tseó cuireadh breis is 60 custaiméir ardchaighdeáin ar fáil agus is fiú milliúin iad sin i dtéarmaí gnó nua sna hocht mí dhéag atá amach romhainn. I mí Dheireadh Fómhair 2023, bhí seastán ag Bord Bia ag an Natexpo Paris den chéad uair. Is é seo an seó trádála orgánach is mó sa Fhrainc, is margadh é ar fiú os cionn €12 billiún ar bhonn bliantúil é. Rinne Bord Bia óstach ar naoi gcinn de chliaint orgánacha ar an seastán agus daingníodh líon conarthaí gnó nua le hilmhiondíoltóirí agus le miondíoltóirí speisialtachta araon ar fud na Fraince.

## Misean Trádála

Sa bhliain 2023 ag teacht le seónna trádála Biofach agus Natexpo, rinne Bord Bia i gcomhar leis an RTBM agus leis an DFA seachadadh ar dhá mhisean trádála chun na Gearmáine agus chun na Fraince agus an tAire Hackett in éineacht leo. Mar chuid den mhisean trádála bhí cúig chruinniú custaiméirí ag toscaireacht na hÉireann agus trí chruinniú le gníomhaireachtaí náisiúnta orgánacha agus comhlachtaí bia chun cuidiú leis an earnáil orgánach a chur chun cinn. Sa bhreis air sin, rinneadh óstach ar imeacht meáin agus trádála i bpailliún orgánach na hÉireann ag Natexpo chun caidreamh poiblí breise B2B a chruthú ar mhargadh na Fraince agus d'fhreastail ceathrar iriseoirí trádála ar an imeacht agus bhí líon agallaimh duine le duine ann tar éis na hócáide.

## Taighde Tomhaltóra

Sa bhliain 2022, rinne Bord Bia tionscadal taighde tomhaltóra sé mhí a stiúradh ar mhargadh na hÉireann le fócas ar an siopadóir orgánach Éireannach. Bhí breis is 2,600 siopadóir orgánach Éireannach rannpháirteach sa taighde thrí theicnící cainníochtúla agus cáilíochtúla araon, lena n-áirítear, 12 grúpa fócais agus an eitneagrafaíocht. Chuidigh an taighde seo le dearadh a dhéanamh ar thairiscint margaíochta tomhaltóra orgánach agus chuir eolas ar fáil don fheachtas margaíochta náisiúnta nua a seoladh in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2023.

## Seimineáir Gréasáin Cliant

Cuireadh dhá sheimineár gréasáin cliaint ar fáil sa bhliain 2023 agus d'fhreastail breis is 50 duine ar na seimineáir. Forléargas ar mhargadh orgánach na Fraince a bhí sa chéad seimineár a cuireadh ar fáil i gcomhair leis an oifig i bPáras. Bhain an dara seimineár le scaipeadh léargais ó thaighde margaidh tomhaltóra na hÉireann, lena n-áirítear, faisnéis chatagóire saincheaptha do chliaint lena úsáid mar chuid dá bpleananna tráchtála agus margaíochta féin in Éirinn.

## Feachtas Margaíochta na hÉireann

I mí Dheireadh Fómhair, sheol Bord Bia an feachtas margaíochta orgánach náisiúnta is mó dá gcuid riamh in Éirinn. Baineadh úsáid as líon cainéil le linn an fheachtais seacht seachtaine seo, lena n-áirítear, as baile, raidió, podchraoltaí, físeán ar éileamh, na meáin shóisialta agus comhpháirtíochtaí tionchaire. Ar líne lipéid an fheachtais bhí "bíodh do bhéile beagán

níos orgánaí" ("make your meals a little More-ganic"). Bhí sé mar chuspóir leis an fheachtas siopadóirí a spreagadh lena dtomhaltas reatha bia agus deoch orgánach a mhéadú trí tháirgí orgánacha a chur san áireamh go seachtainiúil ina gcuid siopadóireachta. Chuir an feachtas breis is 6 milliún teagmháil ar fáil, lena n-áirítear, 1 milliún amharc físeáin.

## Feachtas Cómhaoinithe Mairteola agus Uaineola Orgánach an AE

D'éirigh le Bord Bia ina iarratas ar fheachtas trí bliana cómhaoinithe AE do mhairteoil agus d'uaineoil orgánach na hÉireann sa Ghearmáin, sa Bheilg, sa tSualainn agus san Ostair arbh fhiú €2.7 milliún é. Beidh an feachtas ar siúl ó 2024–2027 agus is feachtas oideachais agus faisnéiseach B2B é. Thar shaol ré an chláir, táthar ag súil go gcuirfidh an buiséad 16 Acadamh Feola Orgánach, 12 cuairt staidéir isteach, sé sheó trádála agus feachtas tras-mhargaíochta B2B ar fáil.

## Cur Chun Cinn an Mhargaidh Onnmhairithe


D'aimsigh Bord Bia líon promóisin do tháirgí orgánacha na hÉireann ar fud margaí onnmhairithe tosaíochta, lena n-áirítear, an Ríocht Aontaithe agus Mór-roinn na hEorpa. Áirítear ar fheachtais, cur chun cinn mairteoil orgánach na hÉireann le miondíoltóirí ar nós Vomar san Ísiltír agus Ocado sa Ríocht Aontaithe. Chomh maith leis sin, bhí cur chun cinn bia mara orgánach na hÉireann don tomhaltóir ar siúl sa Fhrainc agus sa Ghearmáin.

## Bia Mara Orgánach a Chur Chun Cinn sa Fhrainc

Is i bhfoirm dhigiteach den chuid is mó a bhí an feachtas agus taispeánadh físeán bradán orgánach na hÉireann Bhord Bia ar fud raon ardáin ar líne sa Fhrainc atá dírithe ar thomhaltóirí bia agus bia mara orgánach. Chun comhlánú a dhéanamh air seo comhroinneadh lipéad pacáiste le soláthróirí bradán na hÉireann chuig margadh na Fraince. Thug an lipéad seo infheictheacht bhreise do tháirgí de bhunús na hÉireann ar an láthair agus cheangail an cód mearfhreagartha (QR) le leathanach lamairne bhradán orgánach Bhord Bia ag https://www.irishfoodanddrink.com/saumon-bio-irlandais/ áit ar féidir le tomhaltóir léamh faoi bhradán orgánach na hÉireann agus féachaint ar an bhfíseán bolscaireachta ina iomláine. Thug an greamán pacáiste seo infheictheacht bhreise agus chuidigh le cur le feachtas agus le dílseacht do bhradán orgánach na hÉireann ar mhargadh na Fraince.

# Athbhreithniú Earnála

## Origin Green



### Tiomantas Bhord Bia d'Inbhuanaitheacht

Léirítear tiomantas Bhord Bia d'inbhuanaitheacht thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann trí fhorbairt agus teacht chun cinn leanúnach chlár *Origin Green*. Cuireann clár *Origin Green* ar chumas thionscal bia agus dí na hÉireann spriocanna inbhuanaitheachta intomhaiste a leagan síos agus a bhaint amach, spriocanna a léiríonn meas ar an gcomhshaol agus a fhreastalaíonn ar phobail áitiúla ar bhealach níos éifeachtaí. Baineann sé le tomhas agus le feabhas ar bhonn leanúnach agus creidiúnú agus fíorú neamhspleách fite fuaite i ngach céim den slabhra soláthair. Comhoibríonn Bord Bia trí chlár *Origin Green*, le breis is 61,000 feirm agus le os cionn 300 comhlacht bia agus dí de chuid na hÉireann chun inbhuanaitheacht an bhia atá á tháirgeadh acu a chruthú agus a fheabhsú chun freastal ar riachtanais custaiméirí agus tomhaltóirí ar fud an domhain atá ag athrú. Is ionann comhaltaí fíoraithe *Origin Green* agus 90% dár n-onnmhairí bia agus dí.

Tugann *Origin Green* tacaíocht don tionscal bia, dí agus gairneoireachta trí chaighdeáin margaidh tosaigh a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, treoir, uirlisí agus méadraigh a sholáthar chun treallús a chur faoi dhul chun cinn inbhuanaitheachta agus dea-chleachtas agus aitheantas sa mhargadh a spreagadh.

## Origin Green - d'Fheirmeoirí

Cuimsíonn measúnuithe ar an fheirm cuid thábhachtach de chlár *Origin Green*. Ciallaigh an bonneagar maidir le Dearbhú Cáilíochta atá ann cheana féin agus atá i bhfeidhm le breis is scór bliain, go raibh leathadh amach measúnuithe inbhuanaitheachta ag leibhéal feirme indéanta. Rinne an bonneagar seo éascú ar sheachadadh breis is 720 iniúchóireacht feirme gach aon seachtain sa bhliain 2023 le foireann de bheagnach 120 iniúchóir neamhspleách. Go dtí seo, bhí os cionn 330,000 measúnú carbóin ar siúl ar fheirmeacha mairteola agus déiríochta.

Tá na scéimeanna deartha chun measúnú a dhéanamh ar chleachtais fheirmeoireachta agus chun sonraí a thaifeadadh ar mhaithe le hinbhuanaitheacht feirmeoireachta na hÉireann a léiriú ar bhealach córasach ag leibhéal feirme aonair agus dá bhrí sin an cruthúnas atá riachtanach a sholáthar do chustaiméirí go bhfuil táirgí feirme na hÉireann á dtáirgeadh faoi chritéar inbhuanaitheachta le dearbhú cáilíochta. Tá na scéimeanna bunaithe ar dhea-chleachtais san fheirmeoireacht agus sa phróiseáil, ar reachtaíocht reatha, ar threoirlínte tionscail agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha – agus tá siad san áireamh i réimse creidiúnaithe Bhord Bia chuig ISO 17065:2012 le Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB).

## Ballraíocht

Tugadh níos mó ná 52,000 iniúchadh chun críche ar fud scéimeanna éagsúla táirgeora sa bhliain 2023. Astu sin, rinneadh 41,717 iniúchadh in aghaidh Caighdeán Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Mairteola agus Uaineola agus 9,697 eile in aghaidh Caighdeán Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Déiríochta. Bhí ballraíocht na príomhscéimeanna trádála ag deireadh na bliana 2023 mar a leanas:

| Scéim | Ball in aghaidh Scéime |
|---|---|
| Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Mairteola agus Uaineola (SBLAS) | 60,420 |
| Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Déiríochta (SDAS) | 15,983 |
| Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Uibheacha (SEAS) | 255 |
| Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Éineola (SPPAS) | 554 |
| Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Gairneoireachta (SHAS) | 261 |

## Origin Green - do Dhéantúsóirí, do Mhiondíol agus don tSeirbhís Bhia

Tá fócas chlár *Origin Green* ar phlean inbhuanaithe a fhorbairt don déantúsaíocht, don mhiondíol agus don tseirbhís bhia le spriocanna soiléire, intomhaiste agus faoi cheangal ama de réir Chairt Inbhuanaitheachta *Origin Green*. Mar chuid den phróiseas seo, tugann gach comhlacht atá rannpháirteach tiomantas go ndéanfaidh siad plean inbhuanaitheachta ilbhliantúil a fhorbairt dá ngnó. Tugtar breac-chuntas sa phlean seo ar spriocanna láidre, intomhaiste atá ábhartha dá ngnó i dtrí phríomhréimse, eadhon foinsiú amhábhar, próisis déantúsaíochta agus inbhuanaitheacht sóisialta. Tugann comhlachtaí faoi phróiseas plean forbartha ilchéime chun a chinntiú go roghnaíonn siad spriocanna uaillmhianacha trí fhreastal ar cheardlanna ar chúrsaí inbhuanaitheachta Bhord Bia, comhairliúchán le meantóir ar chúrsaí inbhuanaitheachta agus aiseolas ó Bhord Bia. Dearbhaíonn Mabett, comhlacht cigireachta, dearbhaithe, tástála agus deimhniúcháin ceannródaíoch domhanda, go neamhspleách, plean gach aon chomhalta d'*Origin Green* agus déantar athbhreithniú agus monatóireacht ar spriocanna an phlean, ó thaobh feabhsúchán leanúnach ar bhonn bliantúil.

Léiríonn cead ó Mabbett go bhfuil plean inbhuanaitheachta an chomhlachta ag freastal ar na híoschaighdeáin atá riachtanach chun comhaltas *Origin Green* a bhaint amach. Tá dearbhú neamhspleách pleananna mar ghné lárnach agus mar ghné ríthábhachtach den chlár. Ní mór do chomhaltaí *Origin Green*, tar éis mionleasú a dhéanamh ar an bplean, athbhreithniú ar a bpleananna inbhuanaitheachta a chur faoi bhráid ar bhonn bliantúil ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar an dul chun cinn i gcoinne na spriocanna atá leagtha síos.

## Ní Mór Dúinn 1: Cur le Food Brand Ireland agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phointí cruthúnais.

## Insoláthartha 1: Cuirfimid le branda (Food Brand Ireland) atá ábhartha do chustaiméirí agus a chruthaíonn sraith buntáistí faoi stiúir an mhargaidh a bhfuil cliaint ag baint úsáid ghníomhach astu chun luach níos fearr a chruthú sna blianta 2022, 2023 agus 2024.

### Baill Óir:

Sa bhliain 2023, bronnadh Ballraíocht Óir Origin Green don bhliain ar 97 cuideachta ballraíochta *Origin Green*. Bronntar Ballraíocht Óir ar chuideachtaí ballraíochta a bhfuil a bhfeidhmíocht bhliantúil thar barr maidir le spriocanna inbhuanaitheachta bainte amach acu i réimsí ar nós foinsiú amhábhar; éifeachtúlacht uisce agus fuinnimh; laghdú dramhaíola, pacáistiú; agus inbhuanaitheacht shóisialta, bunaithe ar mheasúnú an údaráis fíoraithe neamhspleách, Mabbett.

Tá Ballraíocht Óir bainte amach ag 234 comhlacht bia, dí agus gairneoireachta de chuid na hÉireann ó bunaíodh na gradaim sa bhliain 2020. Tá ardú tagtha, gach aon bhliain, ar líon na ndámhachtaithe, a léiríonn an líon de chuideachtaí Éireannacha atá tiomanta don earnáil bia agus dí. As na 97 Ball Óir don bhliain 2023, tá 80% acu sin ina bhfiontair bheaga go meánmhéide (FBManna/SMEnna). Léiríonn sé seo go bhfuil gnólachtaí beaga ag déanamh a ndícheall agus chomh díograiseach is atá siad cleachtais inbhuanaithe a fhorbairt.

Tugann na Baill Óir ugach do chuideachtaí comhaltais eile agus tá cur síos déanta orthu mar na samplaí is fearr do chustaiméirí trí láithreán gréasáin *Origin Green*, cás-staidéir, cur i láthair do chomhghleacaithe, do thrádáil, do ghnó agus don phreas réigiúnach.

### Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn Origin Green

Foilsíodh an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le *Origin Green* 2023 i mí na Samhna. Cuirtear forléargas ar fáil sa tuarascáil seo maidir leis na forbairtí is déanaí ar chlár *Origin Green* do na blianta 2022 agus 2023 agus cuirtear an t-eolas is deireanaí ar fáil maidir le baill an chláir, a chlúdaíonn an tréimhse 2020 – 2021. Rinneadh fíorú agus iniúchóireacht ar an fhaisnéis maidir le comhaltaí *Origin Green* don tréimhse seo ar feadh na bliana 2022 agus tá sé á tuairisciú anois sa bhliain 2023. Áirítear anseo, uasdátú ar bhaill *Origin Green* ag leibhéal táirgeora, ag leibhéal miondíoltóra agus ag leibhéal seirbhíse bia.

### Origin Green: Seimineár ar chúrsaí Inbhuanaitheachta

I mí na Samhna, d'oscail an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue TD, seimineár *Origin Green* 2023 ar chúrsaí Inbhuanaitheachta inar fógraíodh Baill Óir na bliana 2023 go hoifigiúil. Mar ghné den seimineár bhí, díospóireacht phainéil ó bhaill déantúsaíochta agus ó bhaill custaiméirí miondíola agus seirbhíse bhia *Origin Green*, bhí faisnéisiú maidir leis an Treoir i ndáil le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) agus cur i láthair maidir le ceannaireacht smaointeoireachta ó Theach Smaointeoireachta Bhord Bia agus saineolais tionscail eile agus an fhaisnéis is deireanaí ar an Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn *Origin Green* agus maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil ó Stiúrthóir Chlár *Origin Green*.

## Insoláthartha 2: Cinntímid go dtacaíonn Origin Green le córais bia inbhuanaithe na hÉireann a fhorbairt ag teacht le riachtanais an mhargaidh.

Ó bunaíodh é sa bhliain 2012, tá tacaíocht tugtha ag *Origin Green* don dul chun cinn ollmhór i dtionscal bia agus dí na hÉireann i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe, a chruthaíonn pointe difreála i margadh onnmhairiúcháin. Tá sé mar uaillmhian straitéiseach ag Bord Bia sna deich mbliana atá romhainn buntáiste a bhaint as luach an mhargaidh trí chur le láidreacht na hÉireann ó thaobh na hinbhuanaitheachta. Sa bhliain 2023, bhí an fócas ar an gcéad ré forbartha eile a chuirfear ar fáil trí straitéis nua *Origin Green* ar a dtugtar Cumhachtaithe trí Chomhpháirtíocht (Powered by Partnership). Aithnítear sa straitéis nua

seo go gciallaíonn comhoibriú a chur chun cinn le heagraíochtaí a bhfuil an dearcadh céanna acu lárnach le go ndéanfaidh *Origin Green* seachadadh ar an leibhéal nua uaillmhéine a theastaíonn ón tionscal.

Díríodh obair, ar feadh na bliana, ar sheachadadh ar na trí cinn de chuspóirí straitéiseacha an chláir. Cinnteoidh seachadadh na gcuspóirí seo go leanann *Origin Green* ag forbairt agus ag leathnú agus go ndéanfar cothabháil ar a sheasamh ceannródaíoch. Is é *Origin Green* an t-aon chlár náisiúnta inbhuanaitheachta bia agus dí ar domhan i gcónaí a chuireann treallús faoi fheabhas a chur ar chúrsaí inbhuanaitheachtaar fud an tslabhra soláthair iomlán ag leibhéal náisiúnta.

## Cuspóir Uimhir 1: Príomhchaighdeáin Margaidh a Fheidhmiú agus a Fhorbairt

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh Bord Bia treallús faoi fheabhas a chur ar chúrsaí inbhuanaitheachta chun leanúint ar aghaidh ag tacú leis an méid atá á mhaíomh go bhfuil bia agus dí na hÉireann á dtáirgeadh go hinbhuanaithe. Tá forbairt agus tacaíochtaí forbartha feirme agus comhlachta ar an bpríomh-mheicníocht lena gcuireann Bord Bia treallús faoi fheabhsúchán inbhuanaitheachta.

### Bunchaighdeán Táirgeora Bhord Bia Bord Bia

Sa bhliain 2023, chuir Bord Bia tús le próiseas athbhreithnithe maidir le caighdeáin teicniúil, lena n-áirítear, athbhreithniú a dhéanamh ar na bunchaighdeáin táirgeora go léir mar aon Chaighdeán Táirgeora *Origin Green* comhdhlúite amháin leis na páirtithe leasmhara. Cuireadh tús le próiseas an Choiste Comhairleach Teicniúil (TAC) i mí na Bealtaine 2023, agus go dtí seo tá 5 as na 6 mhodúl iomlán curtha i láthair na TACanna ábhartha. Ar mhaithe le cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas, tá an critéar atá ábhartha don iliomad nó do na speicis go léir comhaontaithe ag leibhéil Earnála go léir TAC, agus tá critéar atá sonrach do speiceas comhaontaithe ag gach earnáil éagsúil TAC. Tá na 6 mhodúl a bhaineann le Buanchaighdeán Táirgeora *Origin Green* mar a leanas:

- Tiomantas Bainistíochta
- Maoirseacht Timpeallachta
- Cáilíocht agus Inrianaitheacht
- Cúram Ainmhí
- Daoine agus Pobal
- Gníomhú ar son na hInbhuanaitheachta agus Feabhsúchán Leanúnach

### Caighdeán Féarchothaithe

Sheol Bord Bia Caighdeán Féarchothaithe do mhairteoil agus déiríocht sa bhliain 2020, an chéad cheann ar domhan a seoladh ar scála náisiúnta, trínar féidir an céatadán féir a itear in aiste bia thréada déiríochta agus mairteola na hÉireann a rianú agus a dhearbhú. Déanann beagnach leath de thomhaltóirí ar fud na cruinne ceangal idir Éire agus mairteoil agus déiríocht féarchothaithe. Mar sin, forbraíodh an caighdeán mar fhreagra díreach ar an méadú atá ag teacht ar éileamh ó thomhaltóirí agus ó chustaiméirí idirnáisiúnta. Ar feadh na bliana 2023, thacaigh foireann *Origin Green* le próiseálaithe chun clárú le Cláir Féarchothaithe trí thacaíocht theicniúil agus mhargaíochta, iniúchadh, agus forbairt a dhéanamh ar thuiscint ar na cineálacha éagsúla den slabhra soláthair agus beartas maidir le húsáid lógó a sholáthar.

### Torthaí maidir le Lorg Carbóin

Tugadh an t-aistriú maidir le ríomh loirg carbóin do Chónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) chun críche i mí na Nollag 2022. Tá lorg carbóin go léir na mairteola agus na déiríochta á ríomh anois ag an ICBF. Bhí ríomh déanta suas go deireadh na bliana 2023 ar bhreis is 370,000 lorg carbóin do chomhaltaí SBLAS agus SDAS ón mbliain 2013.

Tá laghdú 9% curtha ag comhaltaí SDAS ar a meán-lorg carbóin ó cuireadh tús le lorg carbóin a ríomh sa bhliain 2013. Tá meán-lorg carbóin SDAS ag 0.91kg CO2e/kg de FPCM agus tá lorg carbóin de 0.76kg CO2e/kg den FPCM ag 10% is fearr de thréada SDAS.

Tá a meán-lorg carbóin laghdaithe 8% ag comhaltaí SBLAS ó cuireadh tús le lorg carbóin a ríomh sa bhliain 2013. Is 9.22kg CO2e/kg lorg carbóin maidir le breisiú beomheáchain SBLAS leis an 10% is fearr de thréada SBLAS le lorg carbóin beomheáchain de 6.30 kg CO2e/kg.

| Ríomh maidir le Lorg Carbóin Tugtha Chun Críche | SBLAS | SDAS |
|---|---|---|
| 2023 | 33,336 | 8,834 |
| Go dtí seo | 286,631 | 88,067 |

### Astaíochtaí

Ceanglaítear, ag leibhéal déantúsaíochta chlár *Origin Green*, ar chomhlachtaí atá rannpháirteach plean inbhuanaitheachta ilbhliantúil cuimsitheacha a fhorbairt le spriocanna atá soiléir, intomhaiste agus faoi cheangal ama ar mhaithe le treallús a chur faoin tionchar ar mhórscála i réimse na n-astaíochtaí. Tá sprioc sainordaitheach astaíochtaí carbóin ann do bhaill *Origin Green* a bhfuil láimhdeachas sa bhreis ar €50 milliún acu. Rinne 54 cuideachta comhaltais de chuid Origin Green forbairt ar spriocanna astaíochtaí carbóin don tréimhse athbhreithnithe bliantúil.

### Caighdeán do Phróiseálaí Bia

Rinneadh nuashonrú ar an dá chaighdeán do lucht próiseála bia Bhord Bia, an Caighdeán Dearbhaithe Cáilíochta Próiseálaí Feola agus an Caighdeán do Thorthaí agus do Ghlasraí Ullmhaithe mar aon chaighdeán amháin, ar a dtugtar an Comhchaighdeán Próiseálaí Bia sa bhliain 2022. Cheadaigh an INAB an Caighdeán agus ar feadh na bliana 2023 rinneadh iniúchóireacht ar bhaill in aghaidh an chaighdeáin de réir mar a rinneadh an caighdeán sainordaitheach. Tá an caighdeán nua struchtúrtha ar bhealach modúlach a thugann an deis do bhaill lena scóip deimhnithe a chur in oiriúint chun gníomhaíochtaí gnó agus táirgí a mheaitseáil atá á gcur chun cinn mar tháirgí le Dearbhú Cáilíochta Bhord Bia. Éascaíonn an cur chuige módúlacht glacadh le freagraí atá níos gasta agus níos solúbtha i leith éilimh mhargaidh agus reachtúla atá ag athrú maidir le ceanglais laistigh den Chaighdeán.

## Cuspóir Straitéiseach 2: Treoir, Uirlisí agus Méadaracht a chur ar fáil chun Treallús a chur faoi Fheabhas a chur ar chúrsaí Inbhuanaitheachta

Tá tacú le déantúsóirí bia agus dí na hÉireann chun spriocanna uaillmhianacha maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta a leagan síos agus a bhaint amach i gceist le *Origin Green*. Tá uirlisí agus acmhainní éagsúla ar fáil do chomhlachtaí atá rannpháirteach agus iad ag obair le dearbhú iomlán a bhaint amach chomh maith lena stádas mar chomhalta dearbhaithe a choinneáil bliain ar bhliain. Áirítear ar na tacaíochtaí a bhí ar fáil sa bhliain 2022:

### Meantóir Origin Green a Sholáthar

Sannadh meantóir *Origin Green* ar bhonn duine le duine do gach Comhlacht *Origin Green* chun cuidiú leo pleananna inbhuanaitheachta a dhréachtú agus athbhreithnithe bliantúla a thabhairt chun críche. Chuir na meantóirí seo tacaíocht agus treoir ar fáil i gcaitheamh an phróisis ar bhonn comhlachta aonair chun seirbhís saincheaptha a chinntiú.

### Ceardlanna maidir le Plean a Fhorbairt

Reáchtáil Foireann *Origin Green* Bhord Bia 26 seimineár gréasáin tosaigh le linn na bliana 2023 a chuidigh le comhlachtaí tuiscint a fháil ar an gclár agus a chuidigh leo a gcuid pleananna a fhorbairt. Déantar comhairle duine le duine a thairiscint do na comhaltaí go léir maidir le conas leas a bhaint as ballraíocht agus cá háit agus conas ar chóir dóibh a dtiomantais do chúrsaí inbhuanaitheachta a chur in iúl. Rinneadh seachadadh ar shraith seimineáir gréasáin agus ar dhoiciméid treoracha ar feadh na bliana chun cabhrú le baill ó thaobh a bheith chun tosaigh maidir le hábhair inbhuanaitheachta ar nós conair chuig cur amú bia a chosc, conair chuig pacáistiú nua inbhuanaithe agus gan phacáistiú agus conair chun leasa na bithéagsúlachta go pailneoirí.

### Acadamh Origin Green

Tacaíonn Acadamh *Origin Green* a tugadh isteach i mí na Bealtaine 2023, le gnólachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann chun daoine cumasacha i gcúrsaí inbhuanaitheachta ceannródaíoch tionscail a thabhairt chun cinn mar aon leis na scileanna atá riachtanach chun laghduithe astaíochtaí uaillmhianacha a bhaint amach ar fud na hearnála, chun dlús a chur lena ndul chun cinn ó thaobh cúrsaí inbhuanaitheachta agus chun freastal ar ionchais tomhaltóirí domhanda agus ar cheanglais

reachtaíochta ar nós na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD).

Soláthraíonn Acadamh *Origin Green* sraith tacaíochtaí do chuideachtaí ballraíochta *Origin Green* ar bhonn duine le duine, sonrach don earnáil agus ag leibhéal cláir. Déanann sé comhtháthú ar thacaíochtaí inbhuanaitheachta *Origin Green* atá ann cheana féin, lena n-áirítear breis is 20 seimineár treorach maidir le hinbhuanaitheacht atá á reáchtáil i gcomhar le saineolaithe ar chúrsaí inbhuanaitheachta, cuideachtaí agus eagraíochtaí comhpháirtíochta, seacht gcinn de dhoiciméid treorach maidir le hábhar inbhuanaitheachta mion agus raon cumarsáide agus tacaíochtaí margaíochta. Soláthraíonn an tAcadamh ardán freisin do chuideachtaí ballraíochta agus do cheannairí *Origin Green* chun smaointe nuálacha a mhalartú agus smaointeoireacht nua a chothú thart ar na dúshláin is mó a bhaineann leis an inbhuanaitheacht sa lá atá inniu ann.

Ar phríomh-chomhpháirt Acadamh *Origin Green*, tá tabhairt isteach cláir oiliúna sonracha inbhuanaitheachta maidir le bia agus deoch ar a dtugtar 'Cláir Conair' ('Pathway Programmes'). Chuaigh Bord Bia i gcomhpháirtíocht le Skillnet Ireland agus le Sustainable Enterprise Skillnet chun forbairt a dhéanamh ar shraith de chláir oiliúna inbhuanaitheachta do chuideachtaí comhaltais *Origin Green*. Go príomha is d'ionadaithe chuideachtaí comhaltais *Origin Green* iad na cláir seo, atá freagrach as plean *Origin Green* a gcuideachta a ullmhú.

Dírítear sna cláir seo, atá saindeartha do chomhaltaí *Origin Green*, ar chomhroinnt dea-chleachtais, a dhéanann léiriú ar luach líonra na gcomhaltaí mar fhóram le dúshláin maidir le bainistiú cúrsaí inbhuanaitheachta a phlé ar bhealach atá oscailte agus comhoibritheach ar fud teorainneacha eagraíochtúla.

## Conair chuig Clár Neodrachta

Feistíonn an clár seo rannpháirtithe leis an eolas agus leis an saineolas chun iad a chumhachtú chun dul in oiriúint do thírdhreach casta na n-astaíochtaí agus do cheanglais tuairiscithe. Go sonrach, cuireann sé an tuiscint atá riachtanach ar fáil do rannpháirtithe chun máistirphlean a fhorbairt chun tuairisciú astaíochtaí *Origin Green* a chomhlánú agus tabhairt faoi cheanglais tuairiscithe athrú aeráide na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD). Beidh rochtain ag rannpháirtithe, ar fud an chláir seo, ar thaighde faoi stiúir an tionscail, ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta, ar uirlisí agus ar chás-staidéar fíorshaoil.

## Conair chuig Pacáistiú Inbhuanaithe

Tá an clár seo leagtha amach chun rannpháirtithe a fheistiú leis an saineolas atá riachtanach chun cleachtais maidir le pacáistiú inbhuanaithe agus barrfheabhsaithe a chomhtháthú ina ngníomhaíochtaí gnó. Tá an clár, a ghlacann le cur chuige struchtúrtha, ailínithe le ceanglas reachtaíochta agus le spriocanna atá ag teacht chun cinn le taighde faoi stiúir an tionscail agus dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Tríd an gclár seo a chomhlánú, beidh sé:

- Tuiscint ag rannpháirtithe ar an reachtaíocht phríomha agus ar cheanglais beartais maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus le bainistiú pacáistiú inbhuanaithe.
- Ar chumas na rannpháirtithe tiománaithe gnó agus airgeadais a aithint.
- Ar chumas na rannpháirtithe meastóireacht a dhéanamh ar an bportfóilió reatha maidir le pacáistiú agus úsáid á bhaint as Anailís maidir le Saolré agus Anailís Costais is Tairbhe.
- Ar chumas na rannpháirtithe plean rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a fhorbairt do chumarsáid agus d'oideachas inmheánach agus seachtrach páirtithe leasmhara.
- Ar chumas na rannpháirtithe straitéis maidir le pacáistiú inbhuanaithe a chruthú, lena n-áirítear, spriocanna, KPIanna agus pleananna gnímh do réitigh pacáistithe barrfheabhsaithe.

## Pleananna Uile-Éireann um Pailneoirí

Tugann an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí (AIPP) earnálacha éagsúla le chéile chun tírdhreach a thacaíonn le pailneoirí a chruthú ar fud oileán na hÉireann. Spreagtar leis an bplean, atá faoi stiúir Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, gnólachtaí den uile mhéid chun tacú le pailneoirí. Trí ghníomh a ghealladh, tá na heagraíochtaí seo ag cur le spriocanna

níos leithne inbhuanaitheachta an éiceachórais, le tacaíocht talmhaíochta agus le slándáil bhia.

Tá pailneoirí, ar nós beacha, ríthábhachtach ar bhonn domhanda, tá 71 as na 100 barr bia tosaigh ag brath orthu. In Éirinn, déanann feithidí pailniú ar bhreis is trí cheathrú de phlandaí fiáine, rud a thacaíonn le folláine na bithéagsúlachta agus an éiceachórais.

Cuireann an AIPP scéim bhunúsach ar fáil do ghnólachtaí chun a bheith rannpháirteacha i ngníomh bithéagsúlachta. Baineann lucht tacaíochta gnó an AIPP taitneamh as raon buntáistí ó chreat gníomhartha atá bunaithe ar fhianaise atá simplí agus éasca le húsáid agus as acmhainní gaolmhara chun cuidiú le cinnteoireacht, go meicníocht athbhreithnithe bliantúil, lena n-áirítear, tairseach mapála bithéagsúlachta atá bunaithe ar GIS atá ar fáil go poiblí. Soláthraítear freisin sna tionscnaimh seo uirlisí do ghnólachtaí chun athruithe ar phailneoirí thar imeacht ama a aithint, a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus cuirtear tairiscint gníomhartha íseal chostais saincheaptha atá dearfach ó thaobh an nádúir de, ar fáil do gach cineál gnólachta.

Chomh maith le Tacadóirí Gnó an AIPP, ina raibh 316 i mí na Nollag 2023, agus is baill fíoraithe *Origin Green* iad 59 acu sin, tá comhpháirtithe ag an AIPP a chuimsíonn breis is 100 tacadóir rialtais/NGO agus na comhairlí áitiúla go léir sa tír, chomh maith leis na mílte feirmeoirí, pobal agus garraíodóirí agus iad go léir ag tabhairt faoi ghníomhartha fianaise-bhunaithe an AIPP.

I gcomhar leis an AIPP, thug Acadamh *Origin Green* faoi shraith seimineáir gréasáin faoi Chonair *Origin Green* a raibh tionchar acu: an tsraith maidir le Conair chun leasa na Bithéagsúlachta go Pailneoirí. Agus aird á tharraingt ar an tábhacht a bhaineann leis an AIPP, tá sé curtha san áireamh laistigh de Chairt *Origin Green* mar sprioc roghnach bithéagsúlachta do chuideachtaí atá mar bhaill. Mar Thacadóirí Gnó an AIPP, beidh ar chumas chomhaltaí *Origin Green* úsáid a bhaint as an bpróiseas céim ar chéim chun:

- Gníomhartha fianaise-bhunaithe do ghnó a aithint agus a sheachadadh.
- Mapáil agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhartha do phailneoirí (GIS) ar bhonn bliantúil trí phróiseas athbhreithnithe bliantúil.
- Monatóireacht a dhéanamh go foirmiúil ar an mbealach a bhfuil pailneoirí ag freagairt trí aip comhaireamh Ama Feithide Bláth (FIT) agus Scéim Monatóireachta Bumbóige.

## Mol Foghlama Inbhuanaitheachta Feirme

Faoi dheireadh na bliana 2023, bhí 9,500+ úsáideoir cláraithe le Mol Foghlama Inbhuanaitheachta Feirme. Cuireadh an Mol Foghlama ar fáil do chomhaltaí na scéime i mí Dheireadh Fómhair 2021, déanann sé óstach ar raon modúil a chlúdaíonn ábhair inbhuanaitheachta feirme ar nós, frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, astaíochtaí gáis ceaptha teasa, an bhithéagsúlacht agus an fuinneamh inbhuanaithe, a cruthaíodh i gcomhar le páirtithe leasmhara ar nós na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus Teagasc. D'oibrigh Bord Bia le beirt phróiseálaí déiríochta chun cúrsaí saincheaptha do sholáthróirí bainne atá ceangailte le scéimeanna bónais inbhuanaitheachta próiseálaithe a fhorbairt. Clúdaíonn na cúrsaí, atá ar fáil ó Ráithe 1 2023 ar aghaidh, an iliomad ábhar, lena n-áirítear, cáilíocht uisce agus astaíochtaí feirme.

Chomh maith leis sin sa bhliain 2023, cuireadh tús le hobair ar mhodúil Leasa Ainmhithe (do mhairteoil, uaineoil agus déiríocht) agus ar Phailneoir Talamh Feirme i gcomhar le Sláinte Ainmhithe Éireann, Teagasc agus leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta atá ar na bacáin lena seoladh i Ráithe 1 2024. Leanfaidh Bord Bia lena rannpháirtíocht lena chomhaltaí feirme agus próiseála féin sa bhliain 2024 chun cur le heolas agus le feasacht ar an Mol Foghlama Inbhuanaitheachta Feirme.

## AgNav

Is ardán inbhuanaitheachta atá i gceist le AgNav a rinneadh a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Bord Bia, le Teagasc, agus le Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF). Is creat tacaíochta feirmeoir-lárnach é a bhaineann úsáid as comheolas, sonraí agus uirlisí tacaíochta na dtrí ghníomhaireacht agus a chuireann sonraí cruinne agus fíoraithe ar fáil d'fheirmeoirí chun tacú le cinnteoireacht ar a gcuid feirmeacha. Cuireadh tús le leathadh amach tairseach AgNav in Earrach na bliana 2023, le forbairtí leanúnacha atá dírithe ar fheidhmiúlacht a fheabhsú agus cineálacha córais breise feirme a riaradh. Tugann uirlis Réamhaisnéiseora

AgNav an deis d'fheirmeoirí anailís a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur i bhfeidhm gníomhartha inbhuanaitheachta éagsúla maidir le hastaíochtaí feirme. Is féidir le feirmeoirí agus/nó comhairleoirí úsáid a bhaint as Pleanálaí Gnímh AgNav chun plean gníomhaíochta inbhuanaitheachta saincheaptha a chruthú bunaithe ar na gníomhartha is cuí dá bhfeirm.

Is féidir próiseas AgNav a bhriseadh síos i dtrí chéim:

- Déan measúnú – déanann AgNav feidhmíocht feirme reatha a ríomh ar fud príomhtháscairí comhshaoil agus úsáid á bhaint as sonraí ó Bhord Bia agus ón ICBF.
- Déan anailís – Déanann feirmeoirí agus/nó a gcomhairleoirí cinneadh maidir leis an tionchar ar bhearta inbhuanaitheachta sonracha trí úsáid á bhaint as uirlis Réamhaisnéiseora AgNav.
- Déan gníomh – Feidhmíonn forbairt plean inbhuanaitheachta feirme agus úsáid á bhaint as Pleanálaí Gnímh AgNav mar threochlár d'fheirmeoirí, treoraíonn rannpháirtíocht feirmeora-comhairleora agus léiríonn an dul chun cinn ag leibhéal feirme.

### Tuarascálacha Aiseolais Feirmeora (FFR)

Leantar leis an FFR a sheachadadh ar dheimhniú do bhaill SDAS agus SBLAS agus fuair 28,000 feirmeoir aitheantas FFR sa bhliain 2023. Tá breis is 94,000 tuarascáil eisithe d'fheirmeoirí chomh maith le litreacha deimhniúcháin ón mbliain 2020. Léirítear i mbunachar sonraí maidir le rianú rannpháirtíocht feirmeora, go mbíonn níos mó ball ag fáil a gcuid tuarascálacha ar líne. Ó mhí Deireadh Fómhair 2021, rinne baill íoslódáil ar 29,500 tuarascáil aiseolais feirmeora. Sa bhliain 2023, rinne 16,057 comhalta de SBLAS agus den SDAS a dtuarascáil a rochtain ar líne.

## Cuspóir Uimhir 3: Dea-chleachtas agus aitheantas a spreagadh in áit an mhargaidh.

Tá sé mar chuspóir foriomlán ag *Origin Green* pointe suntasach difreála a chruthú do thionscal bia agus dí na hÉireann thart ar réimse na hinbhuanaitheachta. Tugann sé cruthúnas tríú páirtí do chomhlachtaí maidir lena gcáilíochtaí agus tiomantais inbhuanaitheachta a bheidh ar a gcumas a chomhroinnt le custaiméirí trádála, le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne.

Ar feadh na bliana 2023, d'iarr lucht eagraithe comhdhálacha idirnáisiúnta, comhlachtaí rialtais baile agus idirnáisiúnta agus príomhchustaiméirí bia agus dí na hÉireann ar bhaill Foirne *Origin Green* labhairt maidir le forbairt agus torthaí leanúnacha chlár *Origin Green*. Chuir na himeachtaí labhartha seo treallús faoi fheasacht agus faoi thuiscint ar chlár *Origin Green* do lucht féachana baile agus idirnáisiúnta araon. Seo a leanas roinnt buaicphointí na bliana:

### Tionscnamh Talmhaíochta Inbhuanaithe (SAI)

Sa bhliain 2023, rinne Foireann *Origin Green* óstach ar líon seimineáir gréasáin le Grúpa Oibre Déiríochta Ardán an SAI. Bhain clár *Origin Green* amach an leibhéal reatha coibhéise le ceanglais na Comhpháirtíochta Déiríochta Inbhuanaithe (SDP). Tá modúl do phróiseálaithe déiríochta lena gcomhionannas a thuairisciú don SDP comhtháite i gcairt *Origin Green* agus i bpróiseas iniúchóireachta Mabbett.

### Comhairle Domhanda Origin Green

Bhunaigh Bord Bia an Chomhairle Domhanda chun fóram ceannaireachta smaointeoireachta domhanda a chruthú chun tuiscint níos fearr a fháil ar chomhrá domhanda in áit an mhargaidh maidir le hábhair inbhuanaitheachta bia agus dí. Tugann an Chomhairle Domhanda ceannairí le chéile ón tionscal bia agus dí ar fud an domhain agus saineolaithe idirnáisiúnta i réimse na hinbhuanaitheachta, a roghnaítear mar gheall ar a gcuid saineolais agus spéis ar leith i bpríomh-shaincheisteanna inbhuanaitheachta. Reáchtáladh an ceathrú cruinniú de Chomhairle Domhanda *Origin Green* i mí Eanáir 2023. Díríodh sa chruinniú ar chlár oibre 2024 *Origin Green* agus rinneadh machnamh ar thorthaí chláir 2023 mar atá leagtha amach i dTuarascáil maidir leis an Eolas is Déanaí i ndáil le Dul Chun Cinn *Origin Green* 2023. Ag an gcruinniú chuireamar, mar chomhaltaí, aiseolas ar fáil ar Threoir Straitéiseach Bithéagsúlachta *Origin Green* nua agus rinneamar na príomhthorthaí ó thionscadal taighde Bhord Bia i ndáil le 'Baraiméadar maidir le Cothú Inbhuanaithe' a phlé.

# Athbhreithniú Earnála

## Léargas agus Pleanáil Straitéiseach

Cuireann an Teach Smaointeoireachta, mol maidir le léargas straitéiseach den scoth Bhord Bia, ceannaireacht ar fáil don tionscal agus don eagraíocht trí leas a bhaint as léargas cumhachtach tomhaltóra, catagóire agus margaidh chun treallús a chur faoi fhorbairt straitéiseach le fás a bhaint amach. Cuimsíonn an obair, gníomhaíochtaí fadtéarmacha don tionscal atá dírithe ar choinníollacha a chruthú do rathúlacht amach anseo agus obair ghearrthéarmach saincheaptha do chliantchuideachtaí Bhord Bia, ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá ann faoi láthair agus chun treallús a chur faoi fhás agus luach a bhaint amach.

Áirítear ar obair maidir le ceannaireacht smaointeoireachta, staidéar fadbhreathnaitheachta, léargais agus treochtaí atá deartha chun cuidiú le cliantchuideachtaí a dul i ngleic le dúshláin reatha agus le dúshláin amach anseo araon. Áirítear ar fhorbairt, acmhainneacht cliant, chomhroinnt eolais margaíochta tráchtála, scileanna agus uirlisí agus dea-chleachtais a chuireann fás inbhuanaithe fadtéarmach cliant chun cinn. Oibríonn an fhoireann forbartha branda, nuálaíochta agus léargas cliant go díreach le cliantchuideachtaí chun tionscadail saincheaptha a sheachadadh agus leas a bhaint as agus luach a chruthú. Tá obair na foirne bainistíochta eolais agus faisnéise margaidh mar bhonn taca leis an obair seo a éascaíonn cinnteoireacht faoi stiúir léargais agus sonraí.



## Léargas, fadbhreathnaitheacht agus treochtaí

Áirítear ar an obair seo, ceannaireacht smaointeoireachta agus léargas tionscail, margaidh, catagóire agus cliant. Áirítear ar thionscadail a bhí ar siúl sa bhliain 2023:

### Saothrú: Treochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra

Clár domhanda taighde ar mhórscála, a dhéanann rianú agus tomhas ar threochtaí iompair atá ag teacht chun cinn le himeacht ama. Cuireann an staidéar sraith de chonairí nuálaíochta ar fáil atá deartha go huathúil chun cuidiú le gnólachtaí bia a bheith cothrom le dáta ó thaobh treochtaí tomhaltóra agus na treochtaí sin a stiúradh chun luach inbhuanaithe a bhaint amach agus a chruthú.

### Léargas Siopadóir Feola na hEorpa

Is rianaire atá anseo maidir le siopadóirí grósaeireachta ar fud margaí tosaíochta na hEorpa, na hÉireann, na Ríochta Aontaithe, na Beilge, an Ísiltír, na Iodáile, na Gearmáine agus na Sualainne, rianaire a bhíonn de shíor ar siúl. Tá sé mar chuspóir leis an taighde tacaíocht a thabhairt do thuiscint cliaint feola ar threochtaí miondíola agus tomhaltóra agus a gcomhpháirtíocht catagóire le príomhchustaiméirí miondíola.

### Treochtaí Cócaireachta

Rinneadh an staidéar fadbhreathnaitheach seo a dhearadh maidir le treochtaí cócaireachta atá ag teacht chun cinn chun spreagadh agus faisnéis a chur ar fáil maidir le deiseanna nuálaíochta ar fud margaí i gcomhthéacs forbairt táirge, agus deiseanna oidis agus comhábhair.

### An Tomhaltóir agus Carbón

Seoladh an staidéar seo i mí Feabhra 2023. Déanann sé cíoradh ar an bhfeasacht agus ar tuiscint atá ag an tomhaltóirí mar gheall ar an turas i dtreo na neodrachta. Rinneadh athbhreithniú sa taighde ar dearcadh, ar fheasacht agus ar thuiscint an tomhaltóra maidir le hastaíochtaí carbóin agus maidir le lipéadú carbóin atá ann cheana féin. Rinneadh measúnú sa staidéar freisin ar an mbealach is fearr le laghdú astaíocht carbóin ar an láthair a chur in iúl. Ar an iomlán, cuideoidh an staidéar le cliaint agus le custaiméirí deiseanna nuálaíochta a aithint agus aghaidh a thabhairt ar bhrandáil, ar lipéadú agus ar straitéisí cumarsáide sa ghluaiseacht i dtreo na neodrachta.

### Cothromaíocht a Bhaint Amach - Éagsúlú Próitéine

Staidéar le haghaidh scrúdú agus comhthéacs a thabhairt don deis do phróitéin planda-bhunaithe agus do mhalairt próitéine do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann ar na margaí domhanda.

### Tionchar Boilscitheach

Staidéar rianaithe ilmhargaidh atá ag leanúint ar aghaidh agus atá deartha chun tuiscint a fháil ar na dúshláin airgeadais atá i ndán do dhaoine agus an bealach ina bhfuil siad ag déileáil le géarchéimeanna leanúnach. Go sonrach, leagan sé amach an bealach le haghaidh a thabhairt ar an tionchar ar iompar siopadóireachta bia agus itheacháin agus an caidreamh atá á fhorbairt le brandaí bia agus deoch laistigh den chomhthéacs seo.

### Léargas ar Shiopadóir Feola na hEorpa

Leanadh leis an rianaire tomhaltóra seo i seacht gcinn de mhargaí na hEorpa sa bhliain 2023. Soláthraíonn sé léargas maidir le hiompar ceannach agus tomhaltais sa chatagóir feola agus tiománaithe ceannach sonracha i gcatagóir na mairteola. Tá an léargas seo deartha chun tacú le bainistiú catagóir cliaint agus a gcaidreamh le custaiméirí. Bíonn tuarascáil maidir le treochtaí Eorpacha ar fáil gach ráithe, chomh maith le tuarascálacha margaidh aonair. Tá na sonraí atá sonrach do chustaiméirí le fáil freisin ó gach príomh-mhiondíoltóir ar iarratas.

### Todhchaí na Déiríochta sa Ríocht Aontaithe

Rinneadh iarracht leis an staidéar léargais seo an treo a bheidh á thógáil ag catagóir déiríochta na Ríochta Aontaithe sna blianta atá romhainn a aithint, agus an fócas go príomha ar thuiscint a fháil maidir leis an

mbealach ina bhfuil iompar agus meon tomhaltóra ag teacht chun cinn laistigh den spás seo. Tá tionchar ag roinnt macra-fhachtóirí ar mhargadh na Ríochta Aontaithe i láthair na huaire, lena n-áirítear, géarchéim an chostais mhaireachtála, boilsciú, saincheisteanna maidir le slándáil bia agus iompar stíl mhaireachtála/cothaithe atá ag teacht chun cinn agus atá faoi threallús ag an tsláinte agus ag an inbhuanaitheacht. Déantar iniúchadh sa staidéar seo ar na dúshláin agus ar na deiseanna ábhartha d'onnmhaireoirí déiríochta na hÉireann i gcoinne an chúlra seo, agus an bealach le déileáil leis sin sna blianta atá romhainn, agus fócas ar dheiseanna agus ar dhúshláin shoiléire do dhéiríocht na hÉireann agus na cliantchuideachtaí ábhartha a aithint.

### Tírdhreach Tomhaltóra maidir le hUisce Beatha sna Stáit Aontaithe

Taighde tomhaltóra atá deartha chun cuidiú le táirgeoirí uisce beatha na hÉireann chun tuiscint a fháil ar thomhaltóirí uisce beatha na Stát Aontaithe, an bealach ina bhfuil ceannach agus tomhaltas ag athrú, agus an bealach ina dtéann Biotáille na hÉireann (le fócas faoi leith ar Uisce Beatha) in oiriúint don tírdhreach seo ar mhaithe le deiseanna fáis amach anseo a aithint.

### Baraiméadar maidir le Cothú Inbhuanaithe

Is é seo an chéad cheann de shraith beartaithe taighde tomhaltóra a dhéanann rianú ar mheon agus ar iompar tomhaltóra atá ag athrú, atá dírithe ar inbhuanaitheacht agus ar chothú (le seoladh sa bhliain 2024).

### Taste n' Tell do Thomhaltóirí

Soláthraíonn an clár seo tomhas cainníochtúil ar fheidhmíocht táirgí agus ar tharraingteacht coincheapa maidir le tomhaltóirí na hÉireann ar mhaithe le cur an méid is fearr is féidir le rathúlacht tráchtála. Laghdaítear an riosca ó thaobh na nuálaíochta ní hamháin trí scagadh agus measúnú a dhéanamh ar choincheapa táirgí nua ach trí iad a thagarmharcáil in aghaidh iomaitheoirí chomh maith.

### BI:TES Ardán le haghaidh coincheapa a leagan amach agus a bhailíochtú

Tugann an uirlis nuálaíochta saincheaptha domhanda seo: *Smaointe níos Fearr: Smaoinigh, Measúnú, Roghnaigh, ar a dtugtar BI:TES*, an deis do chuideachtaí smaointe le haghaidh táirgí nua a leagan amach agus a thástáil go tapa chun feabhsúcháin incriminteacha, tapa, céim ar chéim a éascú, bunaithe ar aiseolas ó thomhaltóirí. Tá ar chumas an ardáin seo úsáid a bhaint as foirmeacha gearra aiseolais go tapa.

## Faisnéis faoin margadh

### Seirbhísí Leabharlainne

Cuireann Bord Bia seirbhísí leabharlainne, leabharlannaithe tagartha agus faisnéis mhargaidh den scoth ar fáil chun cur le faisnéis faoin margadh do pháirtithe leasmhara agus don earnáil maidir le margaí tosaíochta.

Áiríodh ar ghníomhaíochtaí leabharlainne sa bhliain 2023, soláthar treoracha maidir le faisnéis ar an mbealach leis an leabharlann a úsáid níos éifeachtaí, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha i ndáil le faisnéis catagóire agus tuiscint margaidh agus tacaíocht maidir le hinniúlacht faisnéise. Áiríodh ar sheirbhísí leabharlainne freisin, seisiúin fhaisnéise agus ionduchtaithe a chur ar fáil don fhoireann nua agus do rannpháirtithe an Acadaimh Tallainne. Áiríodh ansin, cur i láthair Foghlama LinkedIn, agus ardán rannpháirtíochta léargais inmheánacha Bhord Bia, AN SOURCE.

D'fhoilsigh an Fhoireann Faisnéise agus Faisnéis Mhargaidh líon "Airteagail Léargasacha" sa bhliain 2023. Áirítear ar ábhair "Acmhainní chun Cuidiú leat Tomhaltóirí a Thuiscint", "leideanna conas nós a dhéanamh den smaointeoireacht straitéiseach" agus "Conas Tionchar a Imirt ar an gCinneadh", "Tá an Praghas Ceart".

### Feidhmíocht agus Ionchais

Seoladh tuarascáil Feidhmíochta agus Ionchais Bhord Bia do 2023/24 an 10 Eanáir, 2023. Tá sé mar aidhm leis an tuarascáil seo faisnéis a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara i dtionscal an bhia maidir le feidhmíocht onnmhairí bia agus dí na hÉireann

do bhliain 2023 agus na hionchais don bhliain atá romhainn. Bhí suirbhé maidir le seintimint onnmhaireora mar ghné nua den tuarascáil i mbliana, sraith ceisteanna chun tuiscint níos fearr a sholáthar maidir le seintimint an onnmhaireora i leith ionchais trádála don bhliain 2024.

Rinneadh an deais Feidhmíochta agus Ionchais a fhorbairt sa bhliain 2022 agus tá sé cuimsithe sa mhol Feidhmíochta agus Ionchais anois. Cuireann sé seo ar chumas úsáideoirí an mhoil Feidhmíochta agus Ionchais scagadh a dhéanamh ar onnmhairí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann de réir catagóire, fochatagóir agus réigiúin agus luachanna a thaispeáint i dtéarmaí airgeadais, méid (tonnaí) agus in aghaidh an bhoinn aonaid. Cumhachtaíonn an deais seo, úsáideoirí chun tairbhe níos éifeachtaí a bhaint as léargas margaidh.

## Tuarascáil maidir leis an Margadh Déiríochta

Clúdaíonn an tuarascáil démhíosacháin seo nuashonrúcháin agus réamhaisnéis maidir le bainne domhanda agus díríonn ar fhorbairtí margaidh sa tSín, san Áise Thoir Theas, sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh. Tá an tuarascáil curtha i dtoll a chéile ag StoneX agus áirítear, tráchtaireacht margaidh ó fhoireann Bhord Bia atá ag obair sna margaí sin. Scaipeadh an tuarascáil ar chliaint comhábhair déiríochta Bhord Bia.

## Kantar

Rinneadh cúig chur i láthair catagóire Kantar maidir le báicéireacht, bia reoite, deochanna te (tae agus caife), seacláid, anraith agus catagóirí béile ullmhaithe fuaraithe. Bhí ionduchtúcháin leabharlainne le leabharlannaithe tagartha Bhord Bia in éineacht le gach cur i láthair.

Thosaigh cur i láthair leathbhliantúil Kantar arís do chomhghleacaithe agus do chomhaltaí cuibhreannas feola Bhord Bia, le hathbhreithniú ar threochtaí feola na Nollag a bhí ar siúl i Márta 2023 agus cur i láthair maidir le treochtaí feola an tsamhraidh a bhí ar siúl i mí Lúnasa. Áirítear ar na himeachtaí seo, cur i láthair ó Kantar ar na treochtaí feola is deireanaí a rinne comhlánú ar chur i láthair maidir le treochtaí stíl mhaireachtála tomhaltóra trí lionsa na feola i mí an Mhárta agus thug an IGD cur i láthair maidir le siopadóir feola na Ríochta Aontaithe i mí Lúnasa. In éineacht leis an méid sin cuireadh an lucht freastail ar an eolas maidir leis na tuarascálacha feola is deireanaí ó bhailiúcháin leabharlainne. Chomh maith leis sin, rinne Kantar cur i láthair do bhaill chuibhreannas na feola maidir le torthaí suirbhé agus sraith ceisteanna siopadóra agus tá siad ag cur nuashonrúcháin miondíola míosúla ar fáil don chuibhreannas anois.

## Sonraí Trádála Domhanda

Tá síntiús ag Bord Bia leis an Atlas Trádála Domhanda a chuireann rochtain ar fáil ar shonraí trádála domhanda bia, dí agus gairneoireachta ar fud an domhain.

## Faisnéis Siopadóra

Sa bhliain 2023, tugadh faoi chlár píolótach chun dhá chatagóir a cheannach ó Fhaisnéis Siopadóra. Sa chéad áit bhí béile ullmhaithe fuaraithe agus é mar chuspóir eolas a thabhairt do chliaint agus d'fhoireann Bhord Bia conas an chatagóir a fhás in Éirinn. Bhain an dara catagóir le seacláid i mbosca agus an fócas ar fhéachaint ar an mbealach a bhféadfadh an branda baile sciar an mhargaidh sa spás seo a fhás. Bhí an cur i láthair seo á sheachadadh trí sheimineáir gréasáin do chliaint agus don fhoireann agus leanadh suas iad le ceardlanna do chliaint ar mhaithe leis na príomhábhair nó téamaí spéise a iniúchadh ar bhonn níos mine.

## Comhaltas Clubanna Feola agus Déiríochta an GIRA

Rinne an fhoireann Faisnéise Margaidh bainistiú ar chomhaltas chlubanna feola agus déiríochta an GIRA chun a chinntiú go bhfuil faisnéis údarásach tionscail á fáil, á bainistiú agus á scaipeadh maidir le próitéiní ainmhithe.

# Forbairt agus Nuálaíocht Branda

## Forbairt agus Nuálaíocht Branda Saincheaptha

Tá an obair anseo fréamhaithe thart ar sheirbhís iomlán agus ar fhorbairt tionscadail, gníomhaíochtaí agus comhairleoireachta nuálaíocht branda saincheaptha inbhuanaithe ó cheann ceann a sheachadadh. Tá treoir saineolaíoch, smaointeoireacht straitéiseach agus bainistiú tionscadal á thairiscint ag Bord Bia do chliaint Chomhpháirtíochta agus Club+ maidir le hobair a gcuireann straitéisí earnála, tionscadail tosaíochta agus gníomhaíocht faisnéis ar fáil dóibh a threisíonn agus a chuireann le dintiúir inbhuanaitheachta. Áirítear san obair seo, pleanáil straitéiseach, cur le agus díriú ar thairiscintí, cruthú amharc-aithne agus gníomhachtú branda. Sa bhliain 2023, d'oibrigh Bord Bia le 86 cliantchuideachta ar fhorbairt branda agus ar thionscadail nuálaíochta.

## Taighde Margaidh Saincheaptha

Políonn an obair seo ar sheachadadh a dhéanamh ar thaighde tomhaltóra lánseirbhíse cainníochtúil agus/nó cáilíochtúil, a chuireann speisialtóir léargais inmheánach ar fáil nó a dhéantar a sheachfhoinsiú chuig saineolaí tríú páirtí ó thús go deireadh. Tá an taighde príomha seo dírithe ar chuidiú le cliantchuideachtaí le fás a chruthú agus leas a bhaint as an bhfás sin. Áirítear ar thionscadail anseo, réamh-thaighde, forbairt coincheapa, forbairt tairiscintí, forbairt straitéis margaíochta agus forbairt nuálaíochta.

## Seirbhís Gníomhachtaithe Branda Saincheaptha

Chuir an tseirbhís seo treoir saineolaíoch, smaointeoireacht straitéiseach agus bainistiú tionscadal ar fáil do chliantchuideachtaí maidir le feidhmíocht margaidh go gearrthéarmach agus gníomhaíochtaí incriminteacha chun cur le luach branda go fadtéarmach araon. Is seirbhís atá i gceist anseo atá á tairiscint ag Bord Bia a dhéanann Speisialtóirí Forbartha Branda Bord Bia a sheachadadh ó thús go deireadh.

## SuperBrands

Is seirbhís forbartha branda ó thús go deireadh agus atá sainithe go dlúth do ghnólachtaí beaga atá i gceist anseo. Oibríonn Speisialtóirí Forbartha Branda Bord Bia le cuideachtaí atá rannpháirteach chun cuidiú leo ó thaobh straitéis, togra agus spriocdhíriú branda. Baintear úsáid as an obair seo mar bhunús d'achoimre chruthaitheach do ghníomhaireacht deartha chun forbairt a dhéanamh ar aitheantais nua nó ar aitheantais athnuaite a dtugtar ardú meanman dóibh ansin ar phacáistiú deartha nó ar phríomhphointí teagmhála eile tomhaltóra agus códaithe mar shraith treoirlínte branda. Cuidíonn taighde cáilíochtúil tomhaltóra le bailíochtú a dhéanamh ar choincheapa thogra branda agus ar dhearadh pacáiste le spriocthomhaltóirí. Bhí seacht gcuideachta bia, dí agus gairneoireachta rannpháirteach i seirbhís SuperBrands sa bhliain 2023. Cuireadh níos mó fócais i mbliana ar straitéis mhargaíochta tráchtála mar chuid den raon tionscadal tosaigh.

## Fóram Branda

Oibríonn an Fóram Branda le húinéirí brandaí chun brandaí a dhéanamh níos fearr. Is éard a chuirtear ar fail sa chlár ceardlanna brandála saincheaptha, taighde cainníochtúil saincheaptha, seirbhís maidir le físeáin oidis agus hábhair léiriúcháin, imeachtaí cainteora agus sraith podchraoltaí. Tacaíonn grúpa stiúrtha tionscal leis an bhFóram Branda, a chuireann comhairle agus treoir straitéiseach ar fáil agus a chinntíonn go bhfuil an clár gníomhaíochtaí ábhartha, tráthúil agus réadúil.

Sa bhliain 2023, dhírigh gníomhaíochtaí an Fhóraim Branda ar shaincheisteanna branda ar thángthas trasna orthu in áit an mhargaidh, ag baint leas as saineolas den scoth chun léiriú a dhéanamh ar an mbealach le fás branda a fhorbairt agus treallús a chur faoi.

Thug na ceardlanna forbartha branda aghaidh ar ábhair, lena n-áirítear, dearadh pacáistiú, margaíocht sa seomra boird agus margaíocht ar na meáin shóisialta. Rinne na himeachtaí cainteora leathbhliantúla hibrideacha cur agus cúiteamh maidir le téamaí margaíochta branda le húinéirí branda bia agus dí mór le rá go hidirnáisiúnta.

Is suirbhé ar líne ar mhórscála ar shiopadóirí grósaeireachta atá i gceist leis an tSeiceáil Shláinte Branda bliantúil atá deartha le faisnéis a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin chun cuidiú le húinéirí branda an príomh-mheadaracht maidir lena mbranda a thuiscint i ndáil lena n-iomaitheoirí, lena n-áirítear: feasacht, breithniú, taithí, cothromas, tiomantas agus acmhainneacht branda amach anseo. Bhí an líon ba mhó riamh rannpháirtithe ann sa bhliain 2022 le 60 branda i mbun taighde ar 50 catagóir i margadh na hÉireann.

Bhí éileamh ard i gcónaí ar an tseirbhís físeán oidis agus léiriúcháin do chomhaltaí an Fhóraim Branda agus cuireadh 56 físeán oidis ar fáil i go leor leaganacha chomh maith le hábhar do shócmhainní léiriúcháin do chliantchuideachtaí.

Déantar iniúchadh i bpodchraoladh an Fhóraim Branda ar smaointe agus ar scéalta iontacha ó shaol an bhia agus na dí. Déantar iniúchadh san eagrán ar an mbealach ina mbaineann gnólachtaí leas as nuálaíocht, ina gcuireann siad isteach ar chatagóirí, ina ndéanann siad athrú a ghníomhachtú ó thaobh iompar tomhaltóirí agus a ndéanann siad, ina mbealach féin, athrú ar thodhchaí bia agus dí.

Tugadh an bhliain chun críche le dinnéar bliantúil thionscal bia agus dí an Fhóraim Branda agus thug Príomhfheidhmeannach an Post, David McRedmond, an príomhaitheasc.

## Inniúlacht Cliant

### Inniúlacht Cliant - Réamhrá

Tá sé mar chuspóir le tairiscint seirbhíse inniúlachta Bhord Bia cur le scileanna cliantchuideachta chun bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí margaíochta tráchtála atá riachtanach chun luach níos fearr a chruthú do chustaiméirí agus chun treallús a chur faoi fhás. Déantar raon tacaíochtaí a thairiscint do chliantchuideachtaí ar bhonn duine le duine agus ar bhonn grúpa a fhreastalaíonn ar riachtanais reatha agus ar riachtanais an tionscail atá ag teacht chun cinn agus tionchar buan a imirt. Sa bhliain 2023, bhí breis is 300 cliant agus 2,000 duine aonair rannpháirteach sna ceardlanna agus sna seimineáir gréasáin maidir le hinniúlacht cliant.

### Straitéis Mhargaíochta Tráchtála

Sa bhliain 2023, cuireadh tacaíocht straitéiseach mhargaíochta ar fáil do chliaint ó gach earnáil trí luasairí ghrúpa-bhunaithe agus ceardlanna forbartha inniúlachta straitéiseacha saincheaptha. Thug roinnt cliaint clár Luasaire Ríocht na hAraibe Sádaí chun críche go rathúil, inar áiríodh rannpháirtíocht i gcruinniú cur i láthair-ceannaitheora in oifig Bhaile Átha Cliath. Bhí leathnú a chur ar chuntais chuideachtaí rannpháirteacha mar thoradh ar an tionscnamh seo agus tá léargas margaidh luachmhar churtha ar fáil d'iarrachtaí cliant sa réigiún seo sa todhchaí.

### Tacaíochtaí agus Idirbheartaíocht maidir le Boilsciú Costais

Lean go leor cuideachtaí bia agus dí le comhráite dúshlánacha a bheith acu le custaiméirí i bhfianaise tionchar leanúnach boilscithe agus dúshláin an tslabhra soláthair sa bhliain 2023, agus iad ag streachailt, le harduithe praghais a bhí bainte amach blianta roimhe sin a choinneáil. Rinne foireann inniúlachta cliant Bhord Bia seachadadh ar thacaíocht do chliaint sa réimse seo trí oiliúint scileanna idirbheartaíochta ar feadh na bliana. Bhí 50 rannpháirtí ó thart ar 30 cliantchuideachta de chuid Bhord Bia rannpháirteach i gceardlanna oiliúna grúpa inar áiríodh scileanna idirbheartaíochta agus bunphrionsabail ar feadh na bliana 2023.

Chomh maith leis sin, rinneadh seachadadh ar oiliúint idirbheartaíochta saincheaptha - ar bhonn cómhaoinithe – le 3 chliantchuideachta, a chuir an deis ar fáil dóibh chun díriú ar na dúshláin idirbheartaíochta sonracha atá i ndán dóibh, agus bhí 25 duine rannpháirteach san oiliúint saincheaptha seo le linn na bliana.

### Nuálaíocht

Tugadh clár píolótach rathúil nua do sheirbhís inniúlachta nuálach Bhord Bia chun críche sa bhliain 2023 le cuideachtaí agus rannpháirtithe an Chláir Máistreachta Léargais agus Nuálaíochta. Dírítear an tacaíocht seo ar chur le tuiscint ar nuálaíocht mar thiománaí bunúsach maidir le fás agus le hiomaíochas

gnó. Áirítear anseo freisin, seiceáil sláinte maidir le hinniúlacht nuálaíochta do rannpháirtithe ina n-aithnítear réimsí fócais d'fheabhsú na nuálaíochta bunaithe ar shuirbhé cuimsitheach ar líne. Cuireadh tús le leathadh amach na tacaíochta seo do gach cliant i mí Eanáir 2024 le ceardlanna ina raibh dhá chuid do 20 rannpháirtí. Déanfar tuilleadh ceardlanna a sheachadadh le linn na bliana.

## Margaíocht Dhigiteach (Think Digital)

Leanann clár Think Digital Bhord Bia le tacaíocht láidir a sholáthar do chliaint chun a gcuid straitéisí agus bearta margaíochta digiteacha a fhorbairt. Sa bhliain 2023, thug Bord Bia seachadadh tionscnamh tacaíochta cliant TikTok nua chun críche. Aithníonn Bord Bia go bhfuil níos mó agus níos mó tábhachta ag baint leis an gcainéal seo do chliaint chun teagmháil a bheith acu lena gcuid tomhaltóirí. Tá ró-éileamh leanúnach ar an gclár seo, agus tugadh aitheantas as a gcuid rathúlachta do rannpháirtithe. Fuair siad aitheantas trí thaispeántas Ardán TikTok an AE, a chuireann nochtadh idirnáisiúnta ar fáil. Chomh maith leis sin, chonacthas béim shuntasach á cur ar chuidiú le cliaint sa bhliain 2023 chun cuspóirí B2B a bhaint amach. Tugadh isteach clár píolótach nua Leabhar Beartaíochta Digiteach B2B a bhí dírithe ar chur le feasacht agus ar níos mó custaiméirí a fháil do chliaint. Rinne Bord Bia 29 físeán féinseirbhíse digiteach a fhorbairt, atá ar na bacáin lena seoladh i dtús na bliana 2024. Tá sé seo ag teacht le clár oibre Bunathrú Digiteach Bhord Bia. Tá sé i gceist go ndéanfaidh na físeáin seo cumhachtú breise ar chliaint chun leas éifeachtach a bhaint as straitéisí digiteacha.

## Food Works

Tá Food Works ar phríomhchlár luathaithe na hÉireann do ghnólachtaí nuathionscanta fiontraíochta ardacmhainneachta bia agus dí atá ag lorg infheistíochta ar mhaithe lena ngnó a leathnú. Tá an clár á reáchtáil ag Bord Bia, ag Fiontraíocht Éireann agus ag Teagasc. Tá sé mar aidhm leis smaointe nuálacha ar tháirgí a chothú agus a spreagadh, a chomhlíonann fíor-riachtanas margaidh, agus ag an am céanna tacú le fás thionscal bia na hÉireann ar scála domhanda. Sa bhliain 2023, thug 8 gcuideachta an clár chun críche, clár luathaithe do ghnólachtaí nuathionscanta atá á reáchtáil i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus le Teagasc. Tugadh próiseas athbhreithnithe chun críche freisin le linn na bliana. Bhí sé mar chuspóir athbhreithniú a dhéanamh ar na chéad aon bhliain déag bliain den chlár agus seiceáil a dhéanamh ar chúrsaí an chláir faoi láthair maidir le gnólachtaí nuathionscanta bia agus dí agus an bealach a mbeidh gá leis an gclár a chur in oiriúint don todhchaí. Rinneadh tagarmharcáil ar Food Works i gcoinne cláir idirnáisiúnta den chineál céanna. Cuireadh saineolaithe tionscail faoi agallamh agus tugadh ceardlanna chun críche. Ar thoradh amháin a tháinig as, bhí aistriú an chláir chuig réimsí Comhábhair Bia agus Teicneolaíocht an Bhia, gan neamhaird a dhéanamh de na gnólachtaí sin le táirgí tomhaltóra don mhiondíol agus don tseirbhís bhia araon. Bhí tionchar aige seo ar an straitéis earcaíochta agus earcaíodh 10 gcuideachta spreagúil nua mar thoradh air don bhliain 2024.

# Athbhreithniú Earnála

## Margaíocht agus Cumarsáid



### Cumarsáid Bhord Bia

Tá cumarsáid Bhord Bia dírithe i gcónaí ar cheithre lucht spéise príomha – páirtithe leasmhara corparáideacha (lena n-áirítear, meáin na hÉireann, tionscal agus an Rialtas), meáin idirnáisiúnta, feirmeoirí na hÉireann agus tomhaltóirí na hÉireann.

Lean an fhoireann cumarsáide, ar feadh na bliana 2023, chomh maith le preasoifig a bhí gnóthach a fheidhmiú, le clúdach ard meáin a chruthú ag baile agus thar lear. Áirítear ar thionscnaimh tosaíochta, seoladh tuarascáil maidir le Feidhmiú agus Ionchais Onnmhairí bliantúil Bhord Bia, Misin Trádála chuig na Stáit Aontaithe, chun na Síne, agus chun na hÁise Thoir Theas, Gradaim Inbhuanaitheachta Feirmeora agus Bloom Bhord Bia, agus chuir an fhoireann cumarsáide an méid sin go léir chun cinn ar fud réimse na polaitíochta, na meáin agus an phobail.

Áiríodh ar chumarsáid chorparáideach straitéiseach sa bhliain 2023 seoladh tuarascálacha léargais agus onnmhairithe príomha, oscailt nó atosú trádála sna margaí onnmhairithe, agus freagairt do shaincheisteanna géarchéime agus / nó clú. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí feachtais, fócas ar fhorbairtí Origin Green, bhí Bord Bia sa chéad áit ar Reptrak (staidéar náisiúnta maidir le clú), Acadamh Tallainne Bhord Bia agus cláir forbartha soláthróra.

## Na Meáin Idirnáisiúnta

Bhain an fhoireann cumarsáide idirnáisiúnta an clúdach meáin is mó riamh amach ó mhisean trádála na bliana 2023 chun na Malaeisia agus chun na nOileán Filipíneach. B'ionann clúdach meáin na Malaeisia agus na nOileán Filipíneach agus é curtha i dtoll a chéile agus breis is 134 milliún duine trí clúdach meáin ar an teilifís, meáin chlóite agus digiteacha.

Bhí Príomhfheidhmeannach Bhord Bia, Jim O'Toole ar an teilifís náisiúnta sna hOileáin Fhilipíneacha le lucht féachana de 78 milliún duine, a rinne léiriú ar dhintiúir na hÉireann mar chomhpháirtí agus mar sholáthróir sábháilte agus ardchaighdeáin bia agus dí. Thaistil beirt iriseoirí agra-mheáin na hÉireann ón Farmers Journal agus Agriland ar an misean trádála le foireann cumarsáide Bhord Bia, agus bhí 30 alt dearfach meáin ar fud meáin ar líne, meáin clóite, réigiúnaigh agus meáin trádála in Éirinn mar thoradh air.

Mar chuid de chur le próifíl Phríomhfheidhmeannach Bhord Bia i measc lucht féachana trádála príomha idirnáisiúnta, bhí agallamh le Jim O'Toole ar an teilifís i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i nuachtán ceannródaíoch, USA Today, a bhfuil breis is 2.5 milliún léitheoirí aige. Foilsíodh an forlíonadh ina raibh an t-agallamh in earrach na bliana, 2023. Bhí Jim O'Toole i gcomhluadar Dara Calleary, an tAire um Chur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialú Cuideachta; Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; agus Eamon Ryan, an tAire Comhshaoil, Aeráide, Cumarsáide agus Iompair.

I mí Mheán Fómhair 2023, d'oibrigh na foirne déiríochta, cumarsáide agus margaí le chéile ar Chuairt Iriseora Isteach (IJV) maidir leis an déiríocht ar feadh trí lá le hiriseoirí ón Riocht Aontaithe agus ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Is éard a bhí mar chuspóir leis an IJV léiriú a dhéanamh ar chórais feirmeoireachta na hÉireann agus ar oidhreacht shaibhir fheirmeacha na hÉireann chomh maith leis an obair atá á dhéanamh ag *Origin Green* ar an fheirm agus ar fud an tslabhra soláthair agus bhí cuairteanna ar fheirmeacha agus ar phróiseálaithe i Loch Garman, Tiobraid Árann agus Corcaigh. Rinne dhá chomhlacht foilsitheoireachta ó Good Food an BBC agus Hotel Catering News ME an turas a thuairisciú.

## Cumarsáid Feirmeora

Sa bhliain 2023, baineadh clúdach suntasach meáin amach ar fud foilseacháin agra-mheáin príomha agus rinneadh raon pointí teagmhála a ghníomhachtú chun teagmháil a dhéanamh le feirmeoirí. Áirítear orthu seo, cumarsáid dhíreach, comhpháirtíocht meáin, fógraíocht agus imeachtaí feirmeora. Rinne Bord Bia teagmháil le breis is 60,000 feirmeoir trí theachtaireachtaí téacs agus nuachtlitreacha.

Chomh maith leis sin, chuidigh comhpháirtíochtaí agra-mheáin le Bord Bia cumarsáid a dhéanamh le feirmeoirí ar phríomhábhair ar nós, tacaíochtaí inbhuanaitheachta *Origin Green*, léargas ar an margadh feola agus déiríochta domhanda agus faisnéis maidir le feachtais agus tionscnaimh Bhord Bia. Chuir imeachtaí a cuireadh i láthair go pearsanta ardán den scoth ar fáil ó thaobh teagmháil a dhéanamh go díreach le feirmeoirí maidir le tionscnaimh nua. Chomhoibrigh Bord Bia le Teagasc chun AgNav a chur ar taispeáint, an t-ardán mór inbhuanaitheachta, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Bhunaigh líon páirtithe leasmhara agraibhia comhpháirtíochtaí chun Sráidbhaile Beostoic Inbhuanaithe nua a sheoladh ag Seó Thulach Mhór.

## Cumarsáid Tomhaltóra

Bhain Bloom Bhord Bhia, tar éis feachtas meáin sé mhí, breis is 1,000 gné-alt meáin amach, iad beagnach go léir dearfach (95%+). Áiríodh ar ghníomhaíochtaí breise feachtais tomhaltóra, fócas ar cháis na hÉireann, ar tháirgí orgánacha, ar ghlasraí agus ar thorthaí de Scoth an tSéasúir agus feachtas garraíodóireachta a bhíonn ar siúl de shíor.

### Feachtais Mharc Cáilíochta Bhord Bia ar Mhargadh na hÉireann

Is éard is aidhm leis an gclár margaíochta tomhaltóra Marc Cáilíochta Bhord Bia sa mhargadh intíre sa bhliain 2023 leanúint ar aghaidh le treallús a chur faoi fheachtais agus cur leis an gclaonadh uaineoil,

muiceoil, sicín, liamhás agus uibheacha leis an marc cáilíochta a cheannach. Baineadh an méid sin amach tríd é a chur in iúl do dhaoine an bealach lena bhféadfadh muinín a bheith ag siopadóirí as na caighdeáin cháilíochta agus iniúchóireachta neamhspleách atá taobh thiar den Mharc Cáilíochta agus, dá bhrí sin, sásamh a bhaint as an mbia atá á ithe acu. Le linn na bliana 2023, rinneadh na teachtaireachtaí seo a chomhtháthú ar fud gníomhaíochtaí go léir an Mhairc Cáilíochta agus ar fud cláir mhargaíochta sonracha do chatagóirí táirgí éagsúla leis an dearbhú cáilíochta.

Dhírigh gníomhaíochtaí an fheachtais go príomha ar fhógraíocht teilifíse agus raidió, ar chaidreamh poiblí, ar imeachtaí agus ar fhorbairt agus ar scaipeadh ábhar digiteach nua. Agus iad go léir curtha i dtoll a chéile, bhí 17 feachtas ar siúl sa bhliain 2023, lena n-áirítear, 27 seachtaine d'fhógraíocht teilifíse, 23 seachtaine d'fhógraíocht raidió agus 38 seachtaine d'fhógraíocht ar ardáin mheáin shóisialta, Instagram, Facebook agus TikTok.

Mar fhreagra ar na dúshláin a bhain le costais fuinnimh agus bia ainmhithe a bhí ag ardú, leanadh le feachtas 'Cumhacht na Roghanna Bia atá á Dhéanamh agat', sa bhliain 2023, chun siopadóirí na hÉireann a spreagadh bia a bhfuil an dearbhú cáilíochta aige a cheannach, agus an méid sin á dhéanamh acu, tacú le todhchaí feirmeoirí agus táirgeoirí, a bhfuil an dearbhú cáilíochta acu, agus a dtodhchaí a dhaingniú. Agus é ag díriú ar shiopadóirí grósaeireachta idir 30 go 60 bliain d'aois, chuimsigh an feachtas fógraíocht raidió, fógraíocht lasmuigh agus fógraíocht ar na meáin shóisialta ar feadh trí seachtaine i mí Eanáir 2023. Léiríodh i suirbhé tomhaltóra le hionadaíocht náisiúnta go raibh tabhairt chun cuimhne os cionn an mheáin ar an bhfeachtas, agus thug 79% le fios go raibh tionchar dearfach aige ar a gclaonadh bia, a bhfuil Marc Cáilíochta Bhord Bia air, a cheannach.

Faoi mhí Iúil 2023, thug taighde tomhaltóra le fios go raibh 96% de thomhaltóirí na hÉireann ar an eolas maidir le Marc Cáilíochta Bhord Bia (+2% bliain ar bhliain) agus thug 71% le fios go gceannóidís táirge bia a bhfuil an Marc Cáilíochta air níos túisce ná táirge bia dá uireasa. Breithníonn tomhaltóirí na hÉireann freisin go bhfuil an Marc Cáilíochta ar an marc is mó lena mbaineann údar muiníne i dtéarmaí bia sábháilte, cáilíocht agus fíorú neamhspleách.

## Feachtais Bia Mara na hÉireann ar Mhargadh na hÉireann

Sa bhliain 2023, leanadh leis an bhfócas sa mhargadh intíre tomhaltóirí a spreagadh le leas a bhaint as ilúsáideacht agus tarraingteacht goile iasc geal na hÉireann (colmóir agus cadóg na hÉireann) dá mbéile laethúil agus deireadh seachtaine. Dhírigh an feachtas ar shiopadóirí ban 35 go 55 bliana d'aois trí dhá fheachtas fógraíochta teilifíse, gníomhaíocht cuardaigh agus na meáin shóisialta. Léiríodh i suirbhé tomhaltóra le hionadaíocht náisiúnta go raibh 62% in ann an fógra teilifíse a thabhairt chun cuimhne agus astu sin, dúirt 64% gur mó seans go gceannóidís iasc geal na hÉireann mar gheall air.

Chomh maith leis sin reáchtáladh feachtais raidió, caidreamh poiblí agus meáin shóisialta freisin i míonna Aibreáin agus na Bealtaine chun tomhaltóirí a spreagadh chun feoil portán agus maicréal na hÉireann a cheannach. Sa tréimhse ag breith suas ar an Nollaig, rinneadh tuilleadh dul chun cinn trí ghníomhaíochtaí raidió, caidreamh poiblí agus meáin shóisialta ar fheoil portán na hÉireann, cloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath, oisrí, bradán deataithe orgánach, anglait agus breac dea-dhathach.

## Urraíochtaí Teilifíse ar Mhargadh na hÉireann

**Cosáin Glasbhealaí Bia Neven ar RTÉ1:**

Craoladh 'Neven's Greenway Trails', sraith teilifíse ina raibh sé pháirt ar RTÉ 1 i mí Eanáir 2023. Chas an cócaire, a bhfuil aithne mhór air, Neven Maguire, le linn na sraithe, le táirgeoirí bia, le feirmeoirí agus le húinéirí bialainne feadh sé cinn de ghlasbhealaí na hÉireann is mó a bhfuil tóir orthu i bPort Láirge, Maigh Eo, Ciarraí, Luimneach, Conamara agus an Chanáil Ríoga. Thaispeáin Neven, le linn na sraithe, an bealach le hoidis bhlasta a chócaráil agus úsáid á bhaint as táirgí agus as bia mara na hÉireann a raibh an marc cáilíochta orthu. D'fhéach breis is 1.2 milliún duine ar shraith na bliana 2023 le meán de 195,000 amharc in aghaidh an eagráin.

## An Nollaig le Neven in Adare Manor ar RTÉ1:

Craoladh an t-eagrán speisialta seo ina raibh dhá shraith ar RTÉ 1 an 7 agus an 14 Nollag, ina raibh Neven Maguire le feiceáil ag ullmhú oidis Nollag éagsúla a bhí thar a bheith blasta agus úsáid á bhaint aige as bia mara na hÉireann agus a bia a raibh dearbhú cáilíochta Bhord Bia orthu. D'fhéach thart ar 240,000 duine ar an dá eagrán.

## Bloom Bhord Bia 2023

Sa bhliain 2023, rinne Bloom Bhord Bia ceiliúradh ar sheacht mbliana déag ar an bhfód. Tharraing Bloom 2023 breis is 100,000 cuairteoir isteach, lena n-áirítear, garraíodóirí, daoine gur breá leo bia agus teaghlaigh óga. Is é Uachtarán na hÉireann Micheál D. Ó hUigínn agus Patrún Bloom, a d'oscail an fhéile, mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe seo.

Thaispeáin taighde a rinneadh ar chuairteoirí tar éis Bloom Bhord Bia 2023 seintimint dhearfach, tráth ar thug 94% le fios go dtiocfadh siad ar ais sa bhliain 2024 agus mheas 90% acu gur imeacht mór inbhuanaithe atá i gceist le Bloom.

Tá sé mar chuspóir le Bloom Bhord Bia daoine a spreagadh chun bia, dí agus gairneoireacht na hÉireann a ghlacadh chucu féin, taithí a fháil air agus tacú leis mar chuid de stíl mhaireachtála inbhuanaithe, ag cruthú lucht leanúna ar feadh an tsaoil. Baintear é sin amach trí chuairteoirí a spreagadh, oideachas a chur orthu, agus iad a chumhachtú trí ábhair seó ghairdíní agus gairneoireachta, go bia agus deoch den scoth a bheith ar fáil ar fud an láithreáin chomh maith le stáitse ar a bhfuil saineolaí gairdín agus maireachtála inbhuanaithe agus áit spraoi do leanaí. Agus breis is 50 imeacht ar siúl le linn na féile, tá neart le déanamh agus le feiceáil agus tá rud éigin ann don uile dhuine.

## Margaíocht Idirnáisiúnta agus Domhanda

Leanadh le hinfheistíocht i Food Brand Ireland agus líonra gníomhaireachta lárnach/áitiúil ag tacú le foireann lárnach margaíochta agus le hoifigí áitiúla Bhord Bia, trí chraoladh teilifíse, raidió, meáin chlóite agus meáin shóisialta agus trí imeachtaí. Cuireadh an méid is fearr is féidir le cainéil B2B agus B2C ar mhaithe le feachtas domhanda, *Ireland – Working with Nature Like nowhere Else in the World*. Leanadh le láithriú straitéiseach na n-earnálacha tosaíochta i margaí tosaíochta le béim B2C ar bhranda mairteola na hÉireann san Eoraip agus ar bhranda bia mara sa Fhrainc agus sa Ghearmáin. Chlúdaigh feachtais B2B ar fud na mairteola, na déiríochta, an bhia mara agus deochanna, an Eoraip agus an Áise, a chuir go mór le cáil na hÉireann mar fhoinse bia agus dí inbhuanaithe i measc an sprioc lucht féachana. Bhí feachtais an AE mar chur chuige straitéiseach leis an Eoraip, agus Éire mar chuid den Eoraip, a láithriú i dtíortha i bhfad ó bhaile ar nós an tSeapáin, an Chóiré, Meicsiceo agus an tSín mar fhoinse bia agus dí, ag réiteach an bhealaigh do phleananna forbartha branda amach anseo sna críocha seo sa bhliain 2023.

Treoraigh Food Brand Ireland, atá cumhachtaithe ag creat cumarsáide straitéiseach *Origin Green*, dea-chleachtas lárnach/áitiúil an fheachtais branda agus úsáid chumarsáide ar fud an domhain, ag tabhairt comhsheasmhacht agus comhtháthú chun na margaíochta sa bhliain 2022.

## Imeachtaí Trádála

D'fhreastail Bord Bia ar chúig cinn déag d'aontaí trádála san Eoraip, lena n-áirítear, Sirha (Feoil) Biofach (Táirgí Orgánacha), Internorga (PCF), Prowein Europe (Deochanna), ISM (PCF), Food and Drink Expo (PCF), SEG Barcelona (Bia Mara), Tuttofood (Feoil), PLMA (PCF), IMBIBE (Deochanna), Le Mondial du Fromage (Cáis Feirme) Conxemar (Bia Mara), Anuga (Feoil, Déiríocht agus PCF), Natexpo (Táirgí Orgánacha), Food Ingredients Europe (Táirgí Déiríochta).

Áirítear ar sheónna trádála eile, Gulfood Dubai, Comhdháil Náisiúnta Feola, (Feoil), NABCA (deochanna) agus WSWA (deochanna) sna Stáit Aontaithe, agus Foodex, CIMIE, SIAL China, Seoul Food, World Seafood Shanghai, Food Ingredients Asia agus China Fisheries

Thacaigh Bord Bia sa bhliain 2023, le breis is 171 cliant chun freastal ar 27 aonach trádála a chumasaigh forbairt gnó agus deiseanna margaíochta maidir le clú d'onnmhairiú bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le ceannaitheoirí trádála ar fud na spriocmhargaí príomha go léir.

## Feachtais Gnó le Gnó Idirnáisiúnta (B2B agus B2C) do Mhairteoil, do Mhuiceoil, don Déiríocht, don Bhia Mara agus don Alcól

Rinne Foireann Margaíochta Bhord Bia feachtais B2B agus B2C a stiúradh do mhairteoil, muiceoil, bia mara agus deochanna na hÉireann ar fud deich gcinn de príomh-mhargaí sa bhliain 2023. Chuir na feachtais, a bhí dírithe ar chustaiméirí trádála déantúsaíochta, seirbhíse bia agus miondíola príomha, treallús faoi rogha maidir le bia agus dí na hÉireann atá ar ardchaighdeán agus á tháirgeadh go hinbhuanaithe ar mhargaí seanbhunaithe (an AE, na Stáit Aontaithe) agus feasacht maidir lena n-éagsúlacht ar mhargaí na hÁise. Bhí feachtais ar siúl sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, Sa Spáinn, sa Phortaingéil, i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, sa tSeapáin agus sa Chóiré Theas.

## An Earnáil Déiríochta

Bhí feachtais B2B ar siúl d'earnáil na déiríochta ar fud chúig phríomh-mhargadh: an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSín agus an tSeapáin. Bhí sé mar chuspóir leis na feachtais sa Ghearmáin agus sna Stáit Aontaithe an gnó atá ann cheana féin a choinneáil trí threallús a chur faoi dhéiríocht na hÉireann a roghnú i measc custaiméirí trádála bunaithe ar a caighdeán den scoth agus a dintiúir féarchothaithe. Is éard a bhí mar chuspóir sa Ríocht Aontaithe, treallús a chur faoi fhás de réir a chéile freisin i measc custaiméirí trádála atá ann cheana féin. Bhí tráthúlacht na bhfeachtas ag teacht leis na príomhsheónna trádála sa chás é sin a bheith cuí.

Sa Ghearmáin, bhí fógraí clóite trádála, ailt fógraíochta agus fógraíocht dhigiteach mar ghné de ghníomhaíocht margaíochta agus cumarsáide B2B na déiríochta, sna príomhfhoilseacháin trádála agus ar láithreáin gréasáin digiteacha ábhartha. Léirigh taighde ar an bhfeachtas i measc ceannaitheoir trádála déiríochta sa Ghearmáin gur thug 86% acu an feachtas fógraíochta chun cuimhne.

I Stáit Aontaithe Mheiriceá, seoladh feachtas déiríochta B2B ar fud trí fhoilseachán cheannródaíoch a bhí dírithe ar ghrósaeireacht agus ar dhéiríocht: an Dairy Reporter, Supermarket News agus an Progressive Grocer. Bhí ábhar íoctha san fheachtas ar láithreáin gréasáin agus i nuachtlitreacha a sheoladh chuig síntiúsóirí.

Sa tSín agus sa tSeapáin, lean feachtais B2B le treallús a chur faoi fheasacht agus faoi thuiscint ar Éirinn mar fhoinse táirgí déiríochta atá ar ardchaighdeán agus atá á dtáirgeadh go hinbhuanaithe i measc custaiméirí trádála spriocdhírithe.

Sa tSeapáin, bhí fógraíocht chlóite sna príomhfhoilseacháin trádála mar ghné sna feachtais, foilseacháin a bhí ábhartha don sprioc lucht spéise, fógraíocht dhigiteach ar fud láithreáin gréasáin trádála agus fógraíocht ríomhphoist ar feadh na bliana. Chomh maith leis sin, rinneadh fógraíocht i riocht nuachta teagmháil le lucht féachana breise.

Sa tSín, dhírigh an straitéis chumarsáide ar chur chun cinn leanúnach gnéithe díolacháin uathúla dhéiríocht na hÉireann trína dhintiúir féarchothaithe, acmhainneacht taighde agus deartha agus feidhm sheirbhíse bia a chur in iúl do sprioc lucht spéise trádála. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí margaidh, fógraíocht íoctha, clúdach meáin i bhfoilseacháin mheáin gnó agus trádála a chruthú, scaipeadh ábhar go rialta ar ardáin mheáin shóisialta faoi úinéireacht Bhord Bia (WeChat agus Weibo) agus comhpháirtíochtaí le hardáin trádála KOL ábhartha. Bhí na gníomhaíochtaí seo ag teacht le agus ag tacú le himeachtaí trádála fisiciúla ar nós déiríocht na hÉireann i Sial, seimineáir dhéiríochta i Hangzhou a bhí ag teacht le himeachtaí tábhachtacha i bhféilire na Síne ar nós Bliain Nua na Síneach.

## An Earnáil Mairteola

Ó thaobh mairteoil na hÉireann, bhí feachtais B2B ar siúl ar fud cheithre mhargadh tosaíochta: an Iodáil, an Ghearmáin, an tSín agus an tSeapáin. Ar chuspóirí an fheachtais san Iodáil agus sa Ghearmáin bhí, treallús a chur faoi láithreacht mhairteoil na hÉireann i measc custaiméirí trádála trína chaighdeán den scoth agus dintiúir féarchothaithe a chur in iúl. Díríodh an ghníomhaíocht margaíochta agus cumarsáide sa dá mhargadh ar fhógraíocht preas, ailt fógraíochta agus fógraíocht dhigiteach sna príomhfhoilseacháin trádála agus ar láithreáin gréasáin digiteacha trádála ábhartha.

Áiríodh ar ghníomhaíochtaí caidreamh poiblí san Iodáil, 24 preasráiteas, 10 n-agallamh meáin, dhá imeacht meáin agus turas preasa amháin. Chruthaigh na gníomhaíochtaí seo 270 alt i bhfoilseacháin clóite trádála.

Is éard a bhí mar chuspóir leis an bhfeachtas B2B sa tSeapáin, treallús a chur faoi Éirinn mar fhoinse mairteola den scoth i measc allmhaireoirí agus spriocanna seirbhíse bia. Bhí fógraíocht chlóite i bpríomhfhoilseacháin margaíochta a bhí ábhartha don sprioc lucht spéise mar ghné den fheachtas, mar aon le fógraíocht dhigiteach ar fud láithreáin gréasáin foilseacháin trádála agus fógraíocht ar ríomhphost. Chomh maith leis sin, chuir clúdach fógraíochta i riocht nuachta a bhí ag teacht leis an bhfógraíocht tuilleadh mionsonraí ar fáil maidir le buntáistí mairteola na hÉireann.

Sa tSín, ar mhaithe lena bheith ar aon dul le rochtain athnuaite ar mhairteoil na hÉireann sa mhargadh, leagadh clár cumarsáide amach chun léiriú a dhéanamh ar infhaighteacht agus ar bhuntáistí do lucht trádála/allmhaireoirí, don tseirbhís bhia agus do chustaiméirí miondíola. Ar feadh na bliana, bhí gníomhaíochtaí margaíochta éagsúla ar siúl, lena n-áirítear, seimineáir thrádála, comórtais chócaireachta, agus cur chun cinn seirbhíse bia trasearnála le grúpaí óstáin príomha. Cuireadh leis na gníomhaíochtaí seo ar líne trí mheáin trádála, KOLanna na trádála agus ar fud ardáin mheáin shóisialta faoin úinéireacht Bhord Bia (WeChat agus Weibo).

## An Earnáil Muiceola - an tSín

Ó thaobh mhuiceoil na hÉireann, bhí an fócas ar thuiscint a threisiú maidir lena feidhm agus lena bhuntáistí i measc custaiméirí seirbhíse bia agus cócairí. Baineadh an méid sin amach trí ábhar meáin shóisialta leanúnach a phostáil ar ardáin mheáin shóisialta faoin úinéireacht Bhord Bia agus trí thionscnaimh ar nós cur chun cinn Pork Wuxi Restaurant agus cur chun cinn na muiceola ar Mingchu, ardán ar líne, áit ina gcruthaigh cócairí oidis agus iad ag úsáid muiceoil na hÉireann.

## An Earnáil Bia Mara

Ó thaobh earnáil bia mara na hÉireann, bhí feachtais B2C ar siúl ar fud cheithre margadh tosaíochta seanbhunaithe (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn agus an Phortaingéil) a bhí dírithe ar threallús a chur faoi fheasacht agus faoi bhia mara na hÉireann a roghnú i measc tomhaltóirí bunaithe ar a ghné uathúil dhíolacháin.

Bhí feachtais ar siúl sa Fhrainc agus sa Ghearmáin chun bradán orgánach na hÉireann a chur chun cinn agus úsáid á bhaint as geoidhíriú sa dá mhargadh ar mhaithe le héifeachtacht níos fearr. Áiríodh ar limistéir sa Fhrainc, an Bhriotáin, Páras agus Lille. Áiríodh ar limistéir sa Ghearmáin Dúiche na Réine agus an Phalaitíneacht, Lower Saxony, Hamburg agus Bremen. Bhí fógraíocht sa Fhrainc ar siúl ar fud cainéil dhigiteacha ar feadh mí Iúil, ag teacht le leibhéil níos airde soláthar ag an tráth sin.

Sa Ghearmáin, cuireadh bradán orgánach na hÉireann chun cinn freisin i Ráithe 2, le fógraíocht dhigiteach ar fud raon cainéil mheáin.

Tar éis an chéad fheachtais maidir le speiceas cladaigh sa Fhrainc agus sa Spáinn sa bhliain 2022, bhí an ghníomhaíocht ar siúl arís ar feadh sé seachtaine le linn míonna Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair agus rinneadh é a leathnú amach sa bhliain 2023 chun an Phortaingéil a thabhairt san áireamh. Bhí an fócas ar shé cinn de phríomhspeiceas, m.sh. an portán dearg, cuachmaí, portán crúbach, gliomach, luaineacháin agus ribe róibéis, díríodh san fheachtas ar thomhaltóirí bia mara ardioncaim agus bhí an feachtas ar siúl ar fud cainéil mheáin digiteacha, agus úsáid á bhaint as físeáin nua inar díríodh go sonrach ar speiceas.

Sa tSín, leanadh le cuspóir foriomlán B2B chun treallús a chur faoi fheasacht agus faoi thuiscint ar Éirinn mar fhoinse bia atá ar ardchaighdeán agus á tháirgeadh go hinbhuanaithe agus ar bhuntáistí uathúla bia mara na hÉireann. Ag díriú ar phríomhchustaiméirí seirbhíse bia, ar allmhaireoirí, trádálaithe agus ar mhiondíoltóirí ar líne, díríodh gníomhaíochtaí ar shraith imeachtaí trádála agus cuireadh tuilleadh leo trí chainéil gnó agus trádála meáin, tionchairí trádála ar líne agus ar fud ardáin mheáin shóisialta faoin úinéireacht Bhord Bia (WeChat agus Weibo).

Bhí an Misean Trádála i mí na Bealtaine mar phríomhfhócas gníomhaíochta, le taispeántas le Príomhchócaire Bia Mara agus tugadh cuireadh do phríomhmheáin trádála na Síne agus do KOLanna. Ar phríomhimeachtaí eile áiríodh, Seimineár Trádála a bhaineann leis an China Fisheries Seafood Exhibition, inar áiríodh agallamh teilifíse le Bainisteoir Bhord Bia, Conor O'Sullivan ar Theilifís Shanghai City.

Sa tSeapáin, bhí sé mar chuspóir le B2B treallús a chur faoi fheasacht agus faoi thuiscint ar Éirinn mar fhoinse bia mara ar ardchaighdeán i measc ceannaitheoirí trádála bia mara. Áiríodh ar ghníomhachtú feachtais, fógraíocht chlóite agus digiteach.

Bhí feachtas bia mara B2B ar siúl sa Chóiré Theas i Ráithe 3 agus i Ráithe 4, in eagráin chlóite agus ar líne araon i naoi gcinn de phríomh-mheáin trádála agus foilsíodh 64 fógra bia mara le linn tréimhsí an fheachtais. Bhí gníomhachtú margaíochta díreach ar siúl ag an Seoul Food Show i dtús mhí an Mheithimh agus arís ag Seimineár maidir le Treochtaí Bia Mara 2024 i Mí na Nollag.

## An Earnáil Alcóil

Leanadh le béim a chur sa bhliain 2023 ar leathadh amach clár oideachais 'Spirit of Ireland (SOI)' ar chainéil mhiondíola agus ar chainéil trádála a bhfuil sé mar aidhm leo an fhoireann líne tosaigh a spreagadh chun Uisce Beatha na hÉireann a mholadh dá gcustaiméirí. Rinneadh 18 clár SOI ar an iomlán a sheachadadh ar fud Stáit Aontaithe Mheiriceá, na hEorpa, an India, an Nigéir agus an Afraic Theas.

Bhí feachtais mhargaíochta a thacaigh leis an earnáil ar siúl i Stáit Aontaithe Mheiriceá ó mhíonna Feabhra go Meitheamh agus arís ó Dheireadh Fómhair go mí na Nollag, ar fud cainéil chlóite agus digiteacha.

Sa tSín, chuir an fáiltiú Bliantúil Uisce Beatha i gcomhar le Lá Fhéile Pádraig an deis ar fáil arís tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar Ghnéithe Uathúla Díolacháin (USPanna) Uisce Beatha na hÉireann. Leanadh é sin le máistir rang uisce beatha a reáchtáladh i Shang-hai mar chuid den mhisean trádála. Tugadh an bhliain chun críche le Bailiúchán Trádála maidir le hUisce Beatha na hÉireann i Shenzhen i mí na Nollag.

## Feachtas Orgánach

Cuireadh tús leis an gcéad chéim d'fheachtas orgánach tomhaltóra na hÉireann 'Téigh Beagán níos Orgánaí' ('Go a little More- organic') i mí na Nollag. Bhí sé mar chuspóir leis an bhfeachtas cur le feasacht agus tuiscint ar bhuntáistí agus ar infhaighteacht raon bia orgánach deimhnithe na hÉireann i measc siopadóirí fear agus bean in aois idir 25-44 bliana d'aois trí fhógraíocht raidió náisiúnta agus áitiúil, fógraíocht lasmuigh agus raon gníomhaíochtaí meáin shóisialta.

Léirítear i dtaighde tar éis an fheachtais gur fheidhmigh na fógraí go láidir ó thaobh treallús a chur le hiompar maidir le ceannach agus mhaígh ceathrar as deichniúr freagróir gur cheannaigh siad bia agus deochanna orgánacha na hÉireann uair amháin ar a laghad mar thoradh ar an bhfeachtas.

## Feachtas Branda Fostóra

Rinne an feachtas seo lucht gairme uaillmhianach ó thionscail ábhartha Bord Bia a mheas mar fhostóir sa todhchaí trí fhógraíocht ar Meta agus ar LinkedIn. Chruthaigh an feachtas spéis shuntasach i mBord Bia tríd is tríd agus spéis i bhfolúntais shonracha a bhí á bhfógairt.

## Aistriú Digiteach do Ghníomhaireacht Margaíochta

Leanadh le hobair sa bhliain 2023, tar éis forbairt a dhéanamh ar Straitéis Dhigiteach trí bliana sa bhliain 2021, le seachadadh a dhéanamh ar shruthanna oibre ICT, trí dhíriú ar fheabhas a chur an méid is féidir ar ardáin, próisis agus ar scileanna. Tá an treochlár mar chuid thábhachtach de Straitéis Chorparáideach iomlán Bhord Bia. Áirítear ar an méid a seachadadh sa bhliain 2023:

Forbairt straitéiseach agus seoladh thairseach My Bord Bia. Seoladh, tar éis taighde, dearadh agus forbairt shuntasach, tairseach pearsantaithe do chliantchuideachtaí. Cuireann an tairseach le heolas ó chuntas cliant, ábhar saincheaptha ar fáil do chliaint bunaithe ar a n-earnáil agus ar na céimeanna forbartha ag a bhfuil siad. Cuireann an comhéadan, atá éasca le húsáid, ar chumas cliaint tacaíochtaí

ábhartha gnó a rochtain uair ar bith. Cuireann sé ar chumas Bhord Bia athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid ábhar, rud a chuireann léargas ar fáil maidir le roghanna cliaint.

***Salesforce Marketing Cloud:*** Leanamar le huirlisí *Salesforce Marketing Cloud* a leabú ar fud na heagraíochta. Ar phríomhréimse fócais bhí comhtháthú an CRM agus an *Marketing Cloud*, a chumasaigh ailíniú idir an dá thairseach a thug an deis dúinn cur le huathoibriú agus úsáid á bhaint as margaíocht ríomhphoist. Ar phríomhréimse fócais eile bhí, tástáil a dhéanamh ar úsáid sonraí céad pháirtí a dhíríonn ar úsáid an Advertising Studio, a thástáladh ar fheachtais i dtús báire.

**Ábhar láithreáin gréasáin:** Lean Bord Bia le hábhar nua a fhoilsiú ar fud a gcuid ardán chun freastal ar riachtanais an spriocluchT spéise. Rinneadh forbairt ar mhol ábhair nua do tháirgí orgánacha ar láithreán gréasáin bordbia.ie, a chuireann oideachas agus heolas ar fáil maidir le buntáistí táirgí orgánacha trí ábhar, oideas agus gnéithe eile. Rinneadh an mol ábhair seo a dhearadh chun ailíniú le feachtas B2C, faoin téama "*More-Ganic*".

**Feabhsúcháin ar láithreán gréasáin Bloom:** Cuireadh feabhsúcháin ar láithreán gréasáin Bloom Bhord Bia chun eispéireas úsáideora níos fearr a thabhairt do chuairteoirí. Ar phríomhréimse amháin bhí, forbairt sceideal nua imeachtaí, áit a mbeidh sé ar chumas úsáideoirí brabhsáil a dhéanamh go héasca ar na gníomhachtuithe go léir atá ag tarlú thar 5 lá in aon áit amháin agus na gníomhachtuithe sin a choimeád ina bhféilire féin. Rinneadh forbairt ar mhapa idirghníomhach den láithreán freisin, chun cuidiú le treochomharthaíocht ag an imeacht agus leis na riachtanais ar mhapaí clóite a laghdú.

**Inrochtaineacht Ghréasáin:** Leanamar ag cur an méid is fearr is féidir lenár gcuid ardán chun freastal ar chaighdeáin AA, trí nuashonrúcháin deartha a leathadh amach ar fud 2 láithreán gréasáin bhreise. Chuireamar béim ollmhór freisin ar an oiliúint ar fud na heagraíochta agus ar chur le líon na n-uirlisí chun cuidiú le fostaithe ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil ábhar ag freastal ar chaighdeáin inrochtaineachta.

**Na Meáin Shóisialta:** Bliain lenar bhain fás a bhí sa bhliain 2023 ar chainéil mheáin shóisialta corparáideacha Bhord Bia, LinkedIn agus X (Twitter roimhe seo) agus fócas ar an ábhar is fearr. Tá cainéil shóisialta tomhaltóra ag fás freisin ag teacht le héileamh tomhaltóra a mhúnlú.

# Airgeadas Margaíochta

Sa bhliain 2023, thug Bord Bia cuireadh iarratais a sheoladh isteach ar dheontas faoin gClár Cúnamh Margaíochta (MAP) chun tacú le gníomhaíochtaí margaíochta. Tá ról ag an MAP ó thaobh feabhas a chur ar chumas margaíochta chuideachta beaga go meánmhéide, trí cabhrú leo an chéad chéim eile ina gcur chun cinn fáis a ghlacadh agus cur ar a gcumas a bheith ullmhaithe chun dul i mbun onnmhairithe. Bhí an MAP oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le láimhdeachas idir €100,000 agus €3.5 milliún. Ceadaíodh cuidiú deontas do 118 cuideachta le hiomlán de €1,057,500.

I dtéarmaí íocaíochta, íocadh deontais €889,795 ar an iomlán le 103 cuideachta le linn na bliana. Tá liosta de na cuideachtaí a fuair íocaíochtaí deontais le fáil ag deireadh na tuarascála seo.

## Urraíochtaí

Le linn na bliana 2023, rinne Bord Bia urraíocht ar chatagóirí líon cláir dámhachtainí. Áiríodh ar thacaíocht dámhachtainí, catagóir bia agus dí Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, catagóir Ard-Sheaimpín ag gradaim Blas na hÉireann, chomh maith le catagóir Iriseoireachta Bia na hÉireann. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin don chomhdháil Food on the Edge.

# Oifigí Idirnáisiúnta

## Forbairt Gnó Domhanda

Sa bhliain 2023, bhí Bord Bia tiomanta i gcónaí feabhas a chur ar sheirbhísí do chliantchuideachtaí ar fud a líonra idirnáisiúnta i 14 láthair thar lear, lena n-áirítear, ocht gcinn san Eoraip agus sé mhargadh idirnáisiúnta. Ar bhéim phríomha i gcónaí bhí, tacaíocht sna margaí idirnáisiúnta trí chur le líonra, léargas ar an láthair agus cur i láthair tráchtála. Bhí ról lárnach á imirt ag Bord Bia freisin i gcur le clú na hÉireann ó thaobh táirgí bia agus dí a bhí á dtáirgeadh go hinbhuanaithe agus a bhí ar ardchaighdeán. In ainneoin dúshláin a d'eascair as costais arda boilscitheacha a bhí ag leanúint ar aghaidh agus caiteachas tomhaltóra a bhí laghdaithe, bhí Bord Bia in oiriúint i gcónaí ina gcuid tacaíochtaí do chliantchuideachtaí.

Chuir tosaíochtaí earnála agus cainéil gach aon mhargadh faisnéis ar fáil do na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu, mar sin féin, bhí Bord Bia seasmhach i gcónaí ó thaobh a gcuspóir uileghabhálach: cur le feasacht agus le clú soláthróirí bia agus dí na hÉireann ar bhonn domhanda, tacú lena n-ullmhacht ó thaobh an mhargaidh agus iad a nascadh leis na custaiméirí is fearr ar fud an domhain.

D'oibrigh Bord Bia go dlúth ar feadh na bliana 2023 le cuideachtaí Éireannacha, ag tabhairt tacaíochta dóibh ó thaobh meastóireacht, pleanáil agus baint amach fáis i bpríomh-mhargaí tosaíochta. Cuireadh béim ar chomhpháirtíochtaí custaiméara de réir a chéile a chothú ar fud cainéil mhiondíola, seirbhíse bia agus déantúsaíochta.

Chomh maith le raon leathan cláir agus tionscadail, thug foireann Forbartha Gnó Bhord Bia faoin méid seo a leanas ar feadh na bliana 2023:

- Cuireadh trí mhisean trádála ar fáil chun na Síne, chun na hAfraice Thiar agus chun na hÁise Thoir Theas.
- Cuireadh taispeántais ar fáil ag breis is 25 Seó Trádála san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe, san Áise agus sa Mheánoirthear.
- Éascaíodh 1,578 cruinniú le príomhchomhpháirtithe tráchtála.
- Cruthaíodh 1,778 deis tráchtála do chliantchuideachtaí Bhord Bia.
- Rinneadh éascú ar iniúchóireacht agus ar chigireacht maidir le rochtain le príomhchomhpháirtithe ó Mheicsiceo, agus ag an am céanna leagadh na bunchlocha do chuairteanna rochtana margaidh amach anseo sa bhliain 2024.

## Cur Chuige Comhoibríoch

Leanann Bord Bia ag obair i gcomhpháirtíocht le ranna rialtais príomha, gníomhaireachtaí príomha agus cumainn phríomha chun forbairt a dhéanamh ar an tionscal bia agus dí agus chun tacaíocht don tionscal a fheidhmiú. Áirítear orthu seo, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Fiontraíocht Éireann agus Turasóireacht Éireann

# Ár Rialachas

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Bord Bia faoin Acht um an mBord Bia, 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um an mBord Bia, 1994 & 2004 agus faoi choimirce an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

### Struchtúr An Bhoird

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn réimsí seirbhísí chun polasaí agus cláir a fheidhmiú. Soláthraíonn an Bord an chothromaíocht chuí scileanna agus taithí chun tacú le straitéis Bhord Bia. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le cheithre ghnáthchomhalta déag a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faigheann gach comhalta boird nua eolas airgeadais agus eile faoi Bhord Bia, agus eolas maidir le ról an bhoird agus coistí an bhoird. Is róil ar leithligh iad róil an chathaoirligh agus an phríomhfheidhmeannaigh.

Tá cúig Fho-Bhord (Bianna Tomhaltóirí, Déiríocht, Gairneoireacht, Feoil agus Beostoc agus Dearbhú Cáilíochta) comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le dhá ghnáthchomhalta déag a cheapann an Bord le toiliú an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.



## Freagrachtaí An Bhoird

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um an mBord Bia, 1994 ar an mBord go "keep in such form and in respect of such accounting periods as may be approved by the Minister, with the consent of the Minister for Public Expenditure, NDP Delivery and Reform, all proper and usual accounts of monies received or expended by it, including a Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves, a Statement of Comprehensive Income, a Statement of Cash Flow and a Statement of Financial Position and, in particular, shall keep in such form as aforesaid all such special accounts as the Minister may, or at the request of the Minister for Public Expenditure, NDP Delivery and Reform shall, from time to time direct and the Board shall ensure that separate accounts shall be kept and presented to the Board by any Subsidiary Board that may be established by the Board under this Act and these accounts shall be incorporated in the general statement of account of the Board."

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

1. **Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;**
2. **Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;**
3. **Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú go ceann i bhfad; agus,**
4. **Luaigh cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar nó a mhínítear sna ráitis airgeadais.**

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais Bhord Bia. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Buaileann an Bord le chéile go rialta, seacht n-uaire sa bhliain de ghnáth, agus tá sé freagrach as bainistiú cuí a dhéanamh ar Bhord Bia. Is é an Bord a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus a choinníonn smacht iomlán agus éifeachtach agus dóthain solúbthachta á ceadú don bhainistíocht fheidhmiúcháin chun an gnó a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh de chreat tuairiscithe lárnaithe. Áirítear ar na buan-nithe ar chlár oibre chruinnithe an Bhoird miontuairiscí an chruinnithe deiridh, ábhair atá tagtha chun cinn, tuarascáil airgeadais, tuarascáil an Phríomhfheidhmeananigh, rialachas corparáideach agus bainistiú riosca agus aon ghnó eile. Tugann an Cathaoirleach aghaidh ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag na comhaltaí i leith an chlár oibre ag tús gach cruinnithe.

Déanann an Bord measúnú leanúnach ar phríomhrioscaí agus tá comhthéacs bunaithe acu le rioscaí a aithint, le anailís, measúnú, cóireáil agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca. Ar na príomhrioscaí a aithníodh áirítear an riosca gan tosaíocht chuí a thabhairt do phleananna oibre chun cuspóirí a bhaint amach; gan tiomantais tionscail a bhaint amach d'fhorbairt agus do chur chun feidhme Origin Green; rioscaí a bhaineann le clú bainteach le mí-úsáid phríomhbhrandaí agus marcanna Bhord Bia; rioscaí clú a bhaineann le cáilíocht agus le sábháilteacht bia, rioscaí do mhaoiniú scéimeanna dearbhaithe cáilíochta, agus foinsí maoinithe éagsúla tionscail; etc. Déantar riosca a mhaolú trí chóras cuimsitheach bainistíochta riosca san eagraíocht, lena n-áirítear athbhreithniú ar an gclár riosca ag gach cruinniú Boird. Déantar comhchomhairliúcháin tionscail a éascú trí struchtúr an Fho-Bhoird.

Comhlíonann an Bord na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus áirítear ar chúrsaí a choinnítear go ndéanann an Bord cinneadh orthu, agus ní dháiltear iad ar an mbainistíochta, lena n-áirítear faomhadh, inter alia, éadálacha suntasacha, mór-infheistíochtaí, mórdhiúscairtí, mórchonarthaí, buiséid bhliantúla agus ráitis airgeadais, soláthar foirne, leibhéil údaráis tarmligthe, cisteán agus beartas riosca. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara d'fháil ábhartha nó diúscairt talún, foirgneamh nó sócmhainní ábhartha eile. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara mar aon le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe do ghníomh beartaithe ar bith a leathnódh nó a chuirfeadh athrú suntasach ar nádúr, scóip nó scála gníomhaíochtaí Bhord Bia.

I gcomhthéacs na straitéise Fís don Bhia 2030 don earnáil agraibhia, leagtar amach i straitéis chorparáideach Bhord Bia dar teideal 'Todhchaí faoi Bhláth a Chothú' na cuspóirí agus an treo atá beartaithe don eagraíocht le linn thréimhse na straitéise, 2022-2025. Ailínítear buiséid agus gníomhaíochtaí bliantúla Bhord Bia leis an straitéis sin. Tugann an Bord faomhadh do bhuiséid bhliantúla agus do mheasúnuithe ar fheidhmíocht iarmhír in aghaidh buiséid. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo léargas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia i rith na bliana.

Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais Bhord Bia agus ar a sheasamh airgeadais ag deireadh na bliana.

## Rialachas

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde rialachas corparáide agus dea-chleachtais a choinneáil agus tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú glactha ag an mBord. Tá forálacha an Chóid á gcur i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis glacadh le Téarmaí Tagartha a leagann amach an creat reachtúil; feidhmeanna ginearálta agus sainfheidhmeanna; ballraíocht, dualgais mhuiníneacha; údarás; ról an rúnaí; freagrachtaí tuairiscithe; sceidealú cruinnithe; nósanna imeachta do chinntithe idir cruinnithe Boird agus chun déileáil le coinbhleachtaí leasa; agus, sceideal foirmiúil cúrsaí a choinnítear don Bhord le cinneadh a dhéanamh. Déanann an Bord athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird, na bhFo-Bhord agus na gCoistí ar bhonn bliantúil. I rith 2023, thionól an Bord dhá chruinniú gan an feidhmeannas i láthair. Chun críocha fheidhmiú an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú breathnaítear ar Bhord Bia mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála.

### Is é dualgas an Chathaoirligh:

- An Bord a threoiriú agus éifeachtúlacht agus ardchaighdeáin ionracais agus macántachta a chinntiú maidir le cultúr, luachanna agus iompair do Bhord Bia agus maidir le hatmaisféar na bpléití ag leibhéal an Bhoird.
- In éineacht leis an POF, a chinntiú go ndéantar clár an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach, go gcuirtear am leordhóthanach ar fáil don phlé agus do chur is cúiteamh. Éascaíonn cultúr oscailteachta plé éifeachtach agus ionchuir ón bhfeidhmeannas a fhreastalaíonn ar chruinnithe Boird ar fad nó ar chuid díobh, agus comhaltaí an Bhoird.
- A chinntiú go gcuirtear tuarascálacha agus páipéir ábhartha, airgeadas, tuarascáil an POF, tuairiscí ó Fho-Bhoird agus ó Choistí agus nuashonraithe cothrom le dáta ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm an bhuiséid bhliantúil agus an phlean straitéisigh nuair is cuí, ar bhealach tráthúil chuig comhaltaí an Bhoird.
- I gcomhairle leis an Rúnaí a chinntiú go gcuirtear gach eolas rialachais ábhartha ar fáil don Bhord agus dá Choistí agus go mbíonn sreafaí maithe eolais idir an Bord, na Fo-Bhoird agus na Coistí mar aon le héascú ionduchtaithe, meantóireachta agus ag cuidiú le forbairt ghairme leanúnach.
- A chinntiú go bhfuil deighilt shoiléir freagrachtaí idir an Bord a threorú agus a bhainistiú agus tá freagracht ar an bhfeidhmeannas as Bord Bia a reáchtáil.
- An tAire Talmhaíochta, Bia agus mara a choinneáil ar an eolas faoi chúrsaí a thagann chun cinn maidir le Bord Bia.
- Tuarascáil Chuimsitheach a chur faoi bhráid an Aire de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Thug an Bord faoi luacháil féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht i rith na bliana. Iarradh ar gach comhalta Boird an measúnú a scóráil ina nduine agus ina nduine agus rinne an Cathaoirleach na freagraí a bhreithniú agus cuireadh i láthair an Bhoird é áit ar aithníodh roinnt gníomhaíochtaí chun feidhmíocht an Bhoird a fheabhsú. Rinneadh measúnú seachtrach ar an mBord in 2022 agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird í in 2023.

Mar gheall ar athruithe ar chomhaltas an Choiste Iniúchta agus Riosca i dtreo dheireadh na mbliana 2023, cuireadh an measúnú féinmheasúnaithe don bhliain sin siar go dtí tús na bliana 2024.

Cuireann an Bord treoir straitéiseach ar fáil, déanann monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtúlacht na bainistíochta agus déanann monatóireacht ar chomhlíontacht ar bhonn leanúnach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht, rialacháin agus treoirlínte ábhartha.

Tá Comhaontú Maoirseachta do Bhord Bia tugtha chun críche agus chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i bhfeidhm é i rith na bliana.

## Comhaltaí Boird agus Neamhspleáchas

Tá rochtain ag gach comhalta boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí/Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta boird, agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin infheidhme.

Bíonn comhairleoirí gairmiúla Bhord Bia ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag comhaltaí boird de réir mar a theastaíonn. Féadfaidh comhaltaí boird aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil más gá

## Comhdhéanamh An Bhoird

Tá mionsonraí faoi chomhaltaí reatha Bhord Bhord Bia leagtha amach ar leathanach 73.

## Comhaltaí An Bhoird Agus Freastal Ar Chruinnithe

Tionóladh seacht gcruinniú Boird i rith na bliana 2023 agus tá mionsonraí faoi fhreastal gach comhalta leagtha amach thíos.

| Comhalta Boird | Cruinnithe Boird I láthair |
|---|---|
| L. Allen | 6 out of 7 |
| N. Browne | 7 out of 7 |
| S. Buckley | 3 out of 3 |
| M. Cronin | 7 out of 7 |
| T. Cullinan | 7 out of 7 |
| M. Delaney | 3 out of 3 |
| P. Fitzgerald | 7 out of 7 |
| C. Hayes | 1 out of 1 |
| T. Keohane | 2 out of 3 |
| K. Kerrigan | 7 out of 7 |
| P. McCormack | 5 out of 7 |
| S. McPhillips | 4 out of 4 |
| D. MacSweeney | 7 out of 7 |
| T. Moran | 3 out of 3 |
| C. Murphy | 1 out of 1 |
| P. Murphy | 7 out of 7 |
| K. Pierce | 3 out of 3 |
| J. Woulfe | 6 out of 7 |

## Táillí agus Speansais Comhaltaí Boird

Leagtar amach thíos sceideal na dtáillí agus speansais taistil agus cothabhála a íocadh le comhaltaí boird i ndáil le freastal ar chruinnithe an Bhoird, agus i gcás inarb ábhartha, ar chruinnithe de chuid na bhFho-Bhord agus de chuid na gcoistí boird, in 2023.

| Comhalta Boird | Costais Boird | Speansais Taistil & Cothabhála |
|---|---|---|
| D. MacSweeney | €20,520 | €4,095 |
| L. Allen | €11,970 | €288 |
| N. Browne* | - | - |
| S. Buckley* | - | - |
| M. Cronin | €11,970 | €4,995 |
| T. Cullinan | €11,970 | €98 |
| M. Delaney | €5,887 | €139 |
| P. Fitzgerald | €11,970 | €1,119 |
| C. Hayes** | - | - |
| T. Keohane* | €5,486 | - |
| K. Kerrigan | €11,970 | €788 |
| P. McCormack | €11,970 | €837 |
| S. McPhillips** | - | - |
| T. Moran | €5,486 | €66 |
| C. Murphy* | €1,529 | - |
| P. Murphy* | - | - |
| K. Pierce** | - | €230 |
| J. Woulfe | €11,970 | €1,618 |

Léiríonn * na comhaltaí Boird a tharscaoil cuid den táille nó de na speansais iníoctha, nó iad go léir, mar chomhalta den Bhord in 2023.

** Faoin bprionsabal aon tuarastal amháin d'aon duine amháin, níor íocadh aon táillí le K. Pierce, S. McPhillips ná le C. Hayes.

B'ionann na suimeanna a íocadh le comhaltaí fo-bhoird maidir le costais taistil agus chothabhála in 2023 agus €11,940. Níor íocadh táillí ar bith le comhaltaí fo-bhoird in 2023 i ndáil le freastal ar chruinnithe fo-bhoird.

## Róil An Chathaoirligh Agus An Phríomhfheidhmeannaigh

Is é an Cathaoirleach a threoraíonn an Bord i gcinneadh a straitéise agus i mbaint amach a chuspóirí. Tá an Cathaoirleach freagrach as eagrú gnó an Bhoird, as a éifeachtacht a chinntiú agus a chlár oibre a leagan amach. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach gach comhalta den bhord agus caidreamh tairbheach idir an feidhmeannas agus comhaltaí an bhoird, agus cinntíonn go bhfaigheann comhaltaí an bhoird eolas tráthúil, iomchuí agus cruinn.

Tá an Príomhfheidhmeannach i bhfeighil Bhord Bia go díreach ar bhonn laethúil agus tá sé/sí freagrach don Bhord as feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais Bhord Bia.

## Coistí Boird

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca comhdhéanta faoi láthair de thrí chomhalta Boird M. Cronin, S. Buckley agus C. Hayes chomh maith le comhalta seachtrach amháin a bhfuil cúlra airgeadais acu, R. Nolan Tháinig an coiste seo le chéile ceithre huaire le linn na bliana 2023.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as caidreamh iomchuí a choinneáil le hiniúchóirí seachtracha agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní iniúchta inmheánaigh Bhord Bia, srianta airgeadais inmheánacha agus ar an bpróiseas iniúchta. Cuidíonn sé leis an mbord agus iarracht á dhéanamh a chinntiú go dtugann an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais measúnú cothromaithe ar an seasamh atá ag Bord Bia. Tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag an Iniúchóir Inmheánach agus ag an Iniúchóir Seachtrach ar Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca féinmheasúnú gach bliain, agus cuirtear na gníomhaíochtaí agus na moltaí a thagann chun cinn dá bharr i bhfeidhm.

Bhuail an Coiste Luach Saothair agus Pinsin, atá

comhdhéanta faoi láthair de cheathrar comhaltaí den Bhord, L. Murrin], M. Cronin, M. Delaney agus C. Hayes, le chéile ceithre huaire i rith na bliana 2023. Is é an Coiste Luach Saothair agus Pinsin a chinneann, thar ceann an Bhoird, ceapachán, luach saothair agus measúnú maidir le feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus pleanáil faoin té a thiocfaidh mar chomharba air.

Tionóladh trí chruinniú den Choiste Straitéise i rith na bliana. Tá seisear comhaltaí Boird ar an gCoiste Straitéise faoi láthair, sin iad [L. Murrin], L. Allen, N. Browne, P. Fitzgerald, C. Hayes, agus P. Murphy. Tá ról tábhachtach ag an gCoiste Straitéise maidir le tuairimí agus moltaí faoi shaincheisteanna straitéiseacha atá roimh Bord Bia amach a chur ar fáil agus cuireann sé leis an bpróiseas pleanála straitéiseach agus le forbairt na straitéise.

Tá Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2022 – 2025, a seoladh in Eanáir 2022, ag teacht le Fís don Bhia 2030, agus áirítear ann na ceithre thosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

- Branda Bia Éireann a thógáil agus na pointí cruthúnais a fhorbairt tuilleadh.
- Bealaí níos fearr a aimsiú dár gcliaint agus dár gcustaiméirí chun caidrimh agus comhpháirtíochtaí a chruthú.
- Daoine cumasacha san earnáil a chothú agus cumas na gcliant a chur chun cinn.
- Tacú le nuálaíocht agus forbairt branda bunaithe ar léargas.
- Tacú leis an eagraíocht agus lena páirtithe leasmhara straitéis a chur i bhfeidhm agus sin a éascú.

## Cothromaíocht Inscne Maidir Le Comhaltas An Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 6 (40%) comhalta boird mná agus 9 (60%) comhalta boird fir ar an mbord agus ní raibh aon phost folamh. Ní bhaineann an Bord amach dá réir sprioc an Rialtais ionadaíocht ar a laghad 40% ar gach inscne a bheith ar chomhaltas Bhoird Stáit.

Tá Bord Bhord Bia tiomanta go láidir do chothromaíocht inscne a bhaint amach agus a choinneáil i measc a chomhaltas, de réir bheartas an Rialtais. Tugtar aghaidh ar cheist na cothromaíochta inscne ar Bhord Bhord Bia ar na bealaí seo a leanas:

- Na bearnaí scileanna agus saineolais a mheas, in éineacht le comhdhéanamh reatha an Bhoird nuair a bheidh poist fholmha á líonadh, na deiseanna sin a thapú chun an Bord a neartú agus a chothromú tuilleadh.
- Tús áite a thabhairt do scileanna agus saineolas tionscail a bhfuil éileamh orthu nuair a bheidh poist fholmha á líonadh, ag cur béim níos lú ar thaithí roimhe seo ar bhord.
- Ceannasaíocht a thabhairt, in éineacht le AON agus i gcomhar leis an gCumann 30%, an Fóram Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta Agraibhia, (Ag-Dif) a bhfuil sé de chuspóir acu an clár D&I a thabhairt chun cinn i dtionscal agraibhia na hÉireann, le béim reatha ar chothromaíocht inscne.

Is féidir a thabhairt ar aird go leagtar amach san Acht um an mBord Bia, arna leasú, go ndéanfaí ionadaíocht ar earnálacha agus scileanna sainithe ar leith ar an mBord. Má thagann folúntas chun cinn i gcásanna den chineál sin, d'fhonn a chinntiú go sásaítear ceanglais an Achta, ní mór tús áite a thabhairt do sraith scileanna agus taithí ábhartha iarratasóir ar leith sa phróiseas ceapacháin.

## Eitic In Oifigí Poiblí

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 curtha i bhfeidhm. Tugann comhaltaí Boird agus foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis sainleasa don Rúnaí an tráth a cheaptar iad agus ar bhonn bliantúil.

## Saoráil Faisnéise

Is eagraíocht fhorordaithe í Bord Bia faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Bhunaigh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise trí cheart reachtúil:

- Ceart rochtana de réir dlí ag gach duine ar aon eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Ceart de réir dlí ag gach duine eolas oifigiúil a bhíonn i seilbh comhlachta poiblí a bhaineann

leis nó léi sa chás go mbíonn sé neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach a leasú;

- Ceart de réir dlí na cúiseanna a fháil do chinntí a dhéanann difear do dhuine féin arna dtógáil ag comhlacht poiblí.

I dteannta riachtanas na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, tá feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2019 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (AE), 2016 le Bord Bia chomh maith. Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí cosaint do príobháideachas daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil. Is éard is sonraí pearsanta ann eolas a bhaineann le duine beo ar féidir a aithint ó na sonraí iad féin nó i gcomhar le heolas eile atá i seilbh.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá Bord Bia go hiomlán tiomanta do chomhionannas deiseanna fostaíochta, agus tá gach cinneadh fostaíochta bunaithe ar fhiúntas, ar cháilíochtaí agus ar chumais. Léiríonn polasaí earcaíochta na heagraíochta an tuairim go bhfuil gá le héagsúlacht i ngach réimse, lena n-áirítear léiriú inscne, cultúir, glúine, teanga agus náisiúnta chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach i margaí baile agus domhanda.

I gcomhairle leis an bhfoireann, forbraíodh polasaí feabhsaithe comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe (CÉC) do Bhord Bia, ag cur leis an obair a rinneadh roimhe seo sa réimse seo. Cheadaigh Foireann Shinsearach Ceannaireachta Bhord Bia an polasaí nua seo agus seoladh laistigh den eagraíocht é. Tá plean gníomhaíochta ag gabháil leis an bpolasaí ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta go dtí seo i réimse na comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe, mar aon le pleananna le haghaidh tionscnamh agus athruithe sa bhliain reatha. Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí timpeallacht a chruthú ina bhfuil meas ar gach fostaí agus ina bhfuil an deis acu páirt a ghlacadh san eagraíocht agus forbairt a dhéanamh laistigh di. Cinntítear leis an bpolasaí go gcomhlíontar dualgais chomhionannais reachtúla Bhord Bia mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 (arna leasú) agus san Acht um Stádas Comhionann, 2000 (arna leasú).

Tá Bord Bia tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú agus nach gcaitear le níos lú fabhar le duine den fhoireann nó iarrthóir ar fhostaíocht ná aon duine eile ar bhonn inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine, nó ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil. Tá cláir forbartha phearsanra agus foirne Bhord Bia leagtha amach dá réir.

Déanann Bord Bia iarracht cuidiú leis an bhfoireann maidir le riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha agus feidhmítear polasaithe cuí a chlúdaíonn réimsí ar nós forbartha gairmiúla, saoire staidéir, fleisc-ama agus sosanna gairme. Tá Bord Bia tiomanta freisin do bheartas rialtais a fheidhmiú i ndáil le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí. Tá polasaí maidir le ciapadh gnéis i bhfeidhm le tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhínit gach duine.

Rinneadh forálacha do bhaill foirne agus do chuairteoirí faoi mhíchumas fisiciúil maidir le dearadh agus feistiú Mhol Domhanda Bord Bia, a cuireadh i gcrích in 2022

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Níor dearnadh aon nochtadh cosanta le Bord Bia i rith na bliana 2023.

## Sábháilteacht, Sláinte agus leas ag an obair

Tá Bord Bia ag feidhmiú forálacha na reachtaíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta a ullmhú agus a oibriú a thabharfaidh aghaidh ar gach ceist a mbíonn tionchar aice ar shábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann Bhord Bia agus cuairteoirí a thugann cuairt ar áitreabh Bhord Bia.

## Cairt Seirbhíse

Leagtar amach i gCairt Seirbhíse Bhord Bia a thiomantas do Phrionsabail Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus do Chliaint na hEarnála Poiblí. Tacaíonn Plean Gníomhaíochta agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí leis an gCairt le héifeacht phraiticiúil a thabhairt don tiomantas sin. Tá an chairt ar fáil ar láithreán gréasáin Bhord Bia.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh Agus Caomhnú

Tá Bord Bia tiomanta gach iarracht a dhéanamh le bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus le bearta caomhnaithe fuinnimh agus bearta bainistithe cuí a fheidhmiú. Is iad solas agus teas, a sholáthraítear ó leictreachas, príomh-réimsí úsáid fuinnimh i mBord Bia. Laghdaíodh úsáid bhliantúil fuinnimh go suntasach ó cuireadh tús le hathbhreithniú ar úsáid fuinnimh. Is í seo a leanas úsáid na príomhoifige i mBord Bia:

| | 2023 |
|---|---|
| KWH leictreachas | 341,285 |

Déantar monatóireacht ar úsáid leictreachais mar aon le haithint diomailte, neamhéifeachtaí agus tionscnaimh costéifeachtacha chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh.

## Íocaíochtaí Prasa

De réir fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, tá Bord Bia tiomanta do a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí go pras. I rith 2023 íocadh 97% d'íocaíochtaí laistigh de 15 lá.

## Maoiniú Ón Aontas Eorpach

Riarann Bord Bia roinnt feachtas margaíochta agus promóisin atá incháilithe do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach lena n-áirítear iad siúd do mhairteoil & d'uaineoil, déirí, táirgí úr, prátaí agus muisiriúin.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Tagann Bord Bia faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 chun creat reachtúil a fhoráil do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge. I gcomhréir leis na hAchtanna, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

## Costais Chomhairleoireachta

Áirítear ar na costais chomhairleoireachta an costas i ndáil le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' san áireamh.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Lucht Dlí | **106** | 91 |
| Comhairle Cánach & Airgeadais | **53** | 94 |
| Caidreamh Poiblí / Margaíocht | **0** | 0 |
| Pinsin & Acmhainní Daonna | **198** | 24 |
| Feabhsú Gnó | **160** | 129 |
| Eile | **327** | 140 |
| **Iomlán na gCostas Sainchomhairleoireachta** | **844** | 678 |
| Costais Sainchomhairleoireachta | **0** | 140 |
| Sainchomhairleoireachta curtha chun dochair sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe | **844** | 538 |
| **Total** | **844** | 678 |

## Costais Agus Socrúcháin Dlí

Tugtar briseadh síos sa tábla thíos ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais sainchomhairleoireachta dlí, socrúcháin agus réitigh agus imeachtaí eadrána. Áirítear sna figiúirí thíos caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí a fuair Bord Bia a nochtar sna costais Chomhairleoireachta thuas.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí - | **106** | 91 |
| Sainchomhairleoireacht Dlí | **-** | - |
| Íocaíochtaí Comhréitigh agus Eadrána | **-** | - |
| Socraíochtaí | **137** | - |
| **Iomlán na gCostas Dlí** | **243** | 91 |

## Costais Taistil Agus Cothabhála

Déantar costais taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Baile** | | |
| - Boird | **26** | 18 |
| - Fostaithe | **296** | 244 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Boird | **-** | - |
| - Fostaithe | **1,048** | 974 |
| **Iomlán na gCostas Taistil & Cothabhála** | **1,370** | 1,236 |

## Fáilteachas

Áirítear sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais an Caiteachas Fáilteachais seo a leanas:


| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne | **8** | 8 |
| Fáilteachas Cliant | **-** | - |
| **Iomlán na gCostas Fáilteachais** | **8** | 8 |

## Ráiteas Faoi Chúrsaí Comhlíontais

Tá an Cód Cleachtais uasdátaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Chloígh Bord Bia go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ón mbliain 2023.

**Larry Murrin**
Cathaoirleach
Dáta: 27 Meitheamh 2024

**Jim O'Toole**
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 27 Meitheamh 2024



# Struchtúr Eagraíochtúil

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn raon seirbhísí atá riachtanach chun beartas agus cláir an Bhoird a chur i bhfeidhm.

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá cúig Fho-Bhord ann (Feoil agus Beostoc, Bia Tomhaltóirí, Déiríocht, Dearbhú Cáilíochta, agus Gairneoireacht) atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta atá ceaptha ag an mBord le toiliú an Aire. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

Tá na Coistí Boird seo a leanas i bhfeidhm: an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luach Saothair agus Pinsin agus an Coiste Straitéise.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta d’fhoireann atá lonnaithe i gceann oifig an Bhoird agus thar lear.


## Eolas Ginearálta

**Ceannoifig:** 140 Bóthar Pheambróg, Baile Átha Cliath 4, D04 NV34.

**Iniúchóirí:** An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Baincéirí:** Bainc-Aontas Éireann

**Aturnaetha:** Philip Lee Solicitors


Main Board
Chair
Meat & Livestock Board
Chair
Consumer Foods Board
Chair
Dairy Board
Chair
Horticulture Board
Chair
Quality Assurance Board
Chair
Market Business Conversion
Meat, Food and Beverages
Chief Executive
Horticulture
Strategic Insight & Planning
Origin Green & Sustainable Quality Assurance
Marketing & Communications
Corporate Services
Organisation & Industry Talent

# Struchtúr Na Foirne

| Príomhfheidhmeannach | Jim O'Toole |
|---|---|
| Léargais Straitéiseacha | Nick Curtis Davis |
| Margaíocht agus Cumarsáid | Una Fitzgibbon |
| Forbairt Gnó Dhomhanda | Shane Hamill |
| Seirbhísí Corparáideacha | Susan McDonnell |
| Organisation and Industry Talent | Michael Murphy |
| Feoil, Bia agus Deochanna | John Murray |
| Gairneoireacht agus Rannpháirteachas Feirmeoirí | Mike Neary |
| Origin Green | Deirdre Ryan |

## Oifigí Thar Lear

| | |
|---|---|
| Amstardam | Laura Crowley |
| Dubai | Kieran Fitzgerald |
| Dusseldorf | Gabriele Weiss Brummer |
| Lagos | Ese Okpomo |
| Londain | Donal Denvir |
| Maidrid | Cecilia Ruiz |
| Milano | James O'Donnell |
| Nua-Eabhrac | Henry Horkan |
| Páras | Nicolas Ranninger |
| Shanghai | Conor O'Sullivan |
| Singeapór | Lisa Phelan |
| Stócólm | Linda Madigan |
| Tóiceó | Joe Moore |
| Vársá | Krzysztof Pogorzelec |

# Struchtúr Na Foirne

Bhí comhghleacaithe Bhord Bia an-ghníomhach agus an-tiomanta do straitéis na heagraíochta a sheachadadh mar a léirítear sa Suirbhé Foirne *Great Place to Work* na bliana 2023. Baineadh creidiúnú den chaighdeán seo amach don dara bliain as a chéile. Tugadh faoi iarracht chomhbheartaithe in 2023 chun a chinntiú gur coinníodh comhghleacaithe cothrom le dáta ar thosaíochtaí agus gníomhaíochtaí na heagraíochta trí Hallaí Baile míosúla agus gníomhaíochtaí cumarsáide eile

Léiríodh tiomantas agus dúthracht chomhghleacaithe Bhord Bia go láidir in 2023, de réir mar a rinne an eagraíocht nuálaíocht ar sholáthar gníomhaíochta chun spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Bhí Próiseas Forbartha Feidhmíochta Bhord Bia lárnach chun tosaíochtaí pearsanta daoine aonair a ailíniú le seachadadh an Ráitis Straitéise 2022 go 2025.

D'fhan branda fostóra Bhord Bia láidir le leibhéil arda spéise i róil Bhord Bia go hinmheánach agus go seachtrach araon. Chuir an méid a bhain Bord Bia amach i dtaobh an chreidiúnú *Great Place to Work* béim ar an seasamh sin. I rith na bliana 2023, thionól Bord Bia 44 comórtas do róil bhuana. Tháinig méadú ar an athrú foirne in 2023 ach ar ráta níos ísle ná an margadh atá i réim.

Tá creat bainistithe daoine cumasacha Bhord Bia comhdhéanta de cúig phríomhcholún;

1. **Earcú agus Roghnú,** le béim ar na daoine cumasacha is fearr a fháil
2. **Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta,** chun an bhainistíocht a chumhachtú chun tacú le comhghleacaithe agus chun cur ar a gcumas straitéis a chur i gcrích agus an tionchar is mó is féidir a imirt.
3. **Leibhéil arda de Rannpháirtíocht Foirne** d'fhonn a chinntiú go dtuigeann gach comhghleacaí na tosaíochtaí gnó agus riachtanais na gcliant agus na bpáirtithe leasmhara agus go dtagann siad leo.
4. **Creat Foghlama agus Forbartha** le béim ar dhaoine cumasacha inmheánacha a thabhairt chun cinn, agus infheistíochtaí oiliúna a dhéanamh a ailíníonn le seachadadh straitéise, agus ar an gcaoi sin branda fostóra Bord Bia a neartú le comhghleacaithe reatha agus féideartha araon; agus
5. **Pleanáil Comharbais** a dhéanamh le béim ar fhorbairt gairme luathaithe.

Dhírigh an Fhoireann Tallainne/AD ar na príomhthosaíochtaí seo a leanas.

- Bainsitiú Feidhmíochta agus Daoine den Chéad Scoth: ag cur le cumas bainistithe dea-chleachtais daoine, trí chomhráite laethúla a chur chun cinn ar bhonn leanúnach, dírithe ar thosaíochtaí trí stíl chóitseála agus mheantóireachta le béim ar thallann a fhorbairt ar bhonn leanúnach feabhsúcháin. Trí fhorbairt leanúnach ár bPróiseas Forbartha Feidhmíochta, leagtar béim níos mó anois ar Phleananna Fáis Aonair.
- Ardleibhéil de Rannpháirtíocht Foirne chun cur le cultúr agus luachanna Bhord Bia.
- Creat **foghlama agus forbartha** a fhorbairt don tréimhse 2022-24 chun a chinntiú go bhfuil na scileanna a bhfuil gá leo ag Bord Bia chun straitéis a sheachadadh sa todhchaí, lena n-áirítear inbhuanaitheacht, pleanáil chomhtháite cliant custaiméirí, agus cumasú digiteach.
- Lean **Dearadh eagraíochtúil** a bharrfheabhsú agus ról soiléireachta agus struchtúir a fheabhsú go leanúnach de bheith tábhachtach chun cumas na heagraíochta an straitéis a sheachadadh a neartú. Forbraíodh tuairiscí poist athbhreithnithe ina sonraítear cuntasachtaí agus foilsíodh go hinmheánach iad.
- Soláthraítear raon éifeachtach agus éifeachtúil de sheirbhísí fostaithe trí Chóras **Bainistíochta Acmhainní Daonna** (BordBiaAD) agus trí shaoráid Ticéadaithe Acmhainní Daonna comhtháite.

# **Bord Bia An** Bord

## Cathaoirleach

**Larry Murrin**
Stiúrthóir Bainistíochta,
Green Isle Foods
Ceaptha an 16 Aibreán, 2024

## Comhaltaí

**Lorraine Allen**
Stiúrthóir Bainistíochta Brand
Innovation Ireland
Ceaptha an 22 Eanáir, 2019

**Niall Browne**
Príomhfheidhmeannach
Dawn Meats
Ceaptha an 9 Eanáir, 2019

**Sharon Buckley**
Príomhoifigeach Tráchtála,
Grúpa Musgrave
Ceaptha an 17 Iúil, 2023

**Michael Cronin**
Comhairleoir Agraibhia
Ceaptha an 22 Eanáir, 2019

**Mary Delaney**
Comhairleoir Inbhuanaitheachta
agus Forbartha Gnó
Ceaptha an 17 Iúil, 2023

**Denis Drennan**
Uachtarán, ICMSA
Ceaptha an 25 Eanáir, 2024

**Patrick Fitzgerald**
Fitzgerald Nurseries
Ceaptha an 28 Lúnasa, 2022

**Francie Gorman**
Uachtarán Fheirmeoirí Aontaithe
na hÉireann
Ceaptha an 20 Feabhra, 2024

**Colm Hayes**
Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn
Talmhaíochta, Bia & Mara
Ceaptha an 15 Samhain, 2023

**Karen Kerrigan**
Kerrigan's Mushrooms
Ceaptha an 16 Meitheamh, 2021

**Cliona Murphy**
Iar-Leasuachtarán, Dearbhú
Cáilíochta, PepsiCo
Ceaptha an 15 Samhain, 2023

**Pat Murphy**
Uachtarán agus POF Déirí Príomha
agus Agraghnó, Kerry Group Plc.
Ceaptha an 28 Bealtaine, 2019

**Karina Pierce**
Ollamh le Táirgeadh Déirí, UCD
Ceaptha an 14 Iúil, 2023

**Jim Woulfe**
Iar-Príomhoifigeach feidhmiúcháin,
Comharchumann Dairygold
Ceaptha an 28 Lúnasa, 2022

## Príomhfheidhmeannach

**Jim O'Toole**

## Rúnaí/Stiúrthóir

**Susan McDonnell**

## Athruithe I Rith 2023

### Téarma Oifige in Éag an 15 Meitheamh 2021

**Tony Keohane**
**Tom Moran**

### Ceaptha an 14 Iúil, 2023

**Sharon Buckley**
**Mary Delaney**
**Karina Pierce**

### Éirithe as an 31 Iúil 2023

**Sinéad McPhillips**

### Ceaptha an 15 Samhain, 2023

**Colm Hayes** (corrfholúntas)
**Cliona Murphy**

## Athruithe I Rith 2024

### Éirithe as an 5 Eanáir, 2024

**Pat McCormack**

### Éirithe as an 8 Eanáir, 2024

**Tim Cullinan**

### Téarma Oifige in Éag an 19 Feabhra, 2024

**Dan MacSweeney**

### Ceaptha an 25 Eanáir, 2024

**Denis Drennan**

### Athcheaptha an 13 Feabhra, 2024

**Colm Hayes**

### Ceaptha an 20 Feabhra, 2024

**Francie Gorman** (corrfholúntas)

### Athcheaptha an 25 Eanáir, 2024

**Francie Gorman**

# **Bord Bia** An Bord Bianna Tomhaltóra

## Cathaoirleach

**Lorraine Allen**
Stiúrthóir Bainistíochta Brand
Innovation Ireland

## Comhaltaí

**Alison Cowzer**
Comhbhunaitheoir
East Coast Bakehouse

**Margaret Daly**
Leas-Phríomhfheidhmeannach
Errigal Bay

**Maurice Hickey**
Stiúrthóir Bainistíochta
Green Isle Foods

**Jacquie Marsh**
Stiúrthóir, The Butler's Pantry

**John Noonan**
Comhairleoir Neamhspleách

**Pat Rigney**
Stiúrthóir Bainistíochta,
Fastnet Brands Co. Ltd.

**Simon Walker**
Príomhfheidhmeannach
Kepak Convenience Foods

## Athruithe I Rith 2023

### Téarma Oifige in Éag an 25 Feabhra, 2023

**Maurice Hickey**
**Michelle Walshe**

### Athcheaptha an 6 Meitheamh, 2023

**Maurice Hickey**

### Téarma Oifige in Éag an 8 Meitheamh, 2023

**Pat Rigney**

### Athcheaptha an 9 Meitheamh, 2023

**Pat Rigney**

### Téarma Oifige in Éag an 11 Samhain, 2023

**Catherine Neilson**

## Athruithe I Rith 2024

### Éirithe as an 1 Márta, 2024

**Kathryn D'arcy**

### Téarma Oifige in Éag an 18 Bealtaine, 2024

**Larry Murrin**

# **Bord Bia** An Bord Feola agus Beostoic

## Cathaoirleach

**Karina Pierce**
Ollamh, Táirgeadh Déirí, UCD

## Comhaltaí

**Sorcha Donnelly**
Stiúrthóir Tráchtála, Kepak

**Jim Hanley**
Príomhfheidhmeannach, Rosderra Irish Meats

**Sarah Hanley**
Feidhmeannach ar Bheartas Muc agus Éanlaithe, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Martin Kane**
Stiúrthóir Bainistíochta, ABP Ireland

**Frank McMyler**
Bainisteoir Contae, Manor Farm

**Des Morrison**
Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**Nigel Sweetnam**
Cathaoirleach ar an gCoiste Náisiúnta Éanlaith Chlóis, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

## Athruithe I Rith 2023

### Ceaptha (Cathaoirleach) an 12 Deireadh Fómhair, 2023

**Karina Pierce**

### Téarma Oifige in Éag an 15 Meitheamh 2021

**Tony Keohane (Cathaoirleach)**

### Éirithe as an 16 Samhain, 2023

**Kevin Comiskey**

## Athruithe I Rith 2024

### Éirithe as an 9 Eanáir, 2024

**Brendan Golden**

### Téarma Oifige in Éag an 18 Bealtaine, 2024

**Jack Molloy**
**Kevin Quinn**

# **Bord Bia** An Bord Déiríochta

## Cathaoirleach

**Jim Woulfe**
Iar-Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin Dairygold

## Comhaltaí

**Stephen Arthur**
Cathaoirleach,
Coiste Déiríochta FAÉ

**Louise Byrne**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Pat Clancy**
Comharchumann Dairygold

**Eleanor Collins**
Príomhoifigeach Airgeadais,
Príomhghnó Déiríochta, Kerry Group

**Anne Maria Cotter**
ICMSA

**Anne Marie Henihan**
Príomhfheidhmeannach
Ionad Teicneolaíochta Táirgthe
Déirí UCL

**William Meagher**
ICOS

**Aoife Murphy**
Stiúrthóir Comhábhar
Tirlan

**Anne Randles**
Ornua

**Eoghan Sweeney**
Commercial Director

## Athruithe I Rith 2023

### Ceaptha an 2 Márta, 2023

**Eoghan Sweeney**

### Éirithe as an 4 Meitheamh, 2023

**Karina Pierce**

### Athcheaptha an 12 Deireadh Fómhair, 2023

**Stephen Arthur**

### Ceaptha (Cathaoirleach) an 12 Deireadh Fómhair, 2023

**Jim Woulfe**

## Athruithe I Rith 2024

### Éirithe as an 5 Márta, 2024

**John Holland**

# **Bord Bia** An Bord Dearbhaithe Cáilíochta

## Cathaoirleach

**Michael Cronin**
Comhairleoir Agraibhia

## Comhaltaí

**Paul Bell**
Bell Agriculture

**Ruth Dalton**
Musgraves

**Maria Dunne**
An Rannán Feola agus Beartas Feola, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Maeve Henchion**
An Roinn Gnó Agraibhia agus Anailís Spásúil, Teagasc

**Aoife MacEoin**
Príomhfheidhmeannach, Cumann Uibheacha na hÉireann

**Noel Murphy**
Cathaoirleach an Choiste Déiríochta

**Paul Nolan**
Bainisteoir Forbartha Grúpa, Dawn Meats

**Liam O'Flaherty**
Comharchumann Dairygold

**Siobhan Ward**
Bainisteoir Teicniúil, Country Crest

## Athruithe I Rith 2023:

### Éirithe as an 11 Eanáir, 2023

**Margaret Farrelly**

### Téarma Oifige in Éag an 25 Feabhra, 2023

**Paul Bell**

### Athcheaptha an 6 Márta, 2023

**Ruth Dalton**
**Paul Nolan**

### Athcheaptha an 9 Meitheamh, 2023

**Paul Bell**

### Ceaptha an 9 Meitheamh, 2023

**Aoife MacEoin**

### Téarma Oifige in Éag an 9 Meán Fómhair, 2023

**Brian Rushe**

### Téarma Oifige in Éag an 11 Samhain, 2023

**Maria Dunne**

## Athruithe I Rith 2024:

### Athcheaptha an 16 Feabhra, 2024

**Maria Dunne**

# **Bord Bia** An Bord Gairneoireachta

## Cathaoirleach

**Karen Kerrigan**
Kerrigan Mushrooms

## Comhaltaí

**Ann Bolger**
Wonderfoods

**Martin Flynn**
Stiúrthóir Bainistíochta, MF Nurseries

**Matt Foley**
Kilbush Nurseries

**Nicola Haines**
Tierney Haines

**Anna Kavanagh**
Gairneoir agus Sainchomhairleoir Earnála

**Celine Murrin**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**Sean Ryan**
Cathaoirleach Choiste Prátaí FAÉ

**Sarah Slazenger**
SB Eastát agus Ionad Garraíodóireachta Chúirt an Phaoraigh

**Con Traas**
The Apple Farm

**Padraig Tully**
Tully Nurseries

**An Dr Jude Wilson**
Príomhoifigeach Eolaíochta, Micribhitheolaíocht – Monaghan Mushrooms

## Athruithe I Rith 2023:

### Ceaptha an 2 Feabhra, 2023

**Martin Flynn**
**Anna Kavanagh**
**Sarah Slazenger**
**Jude Wilson**

### Téarma Oifige in Éag an 25 Feabhra, 2023

**Matt Foley**
**Con Traas**
**Nicola Haines**

### Athcheaptha an 9 Meitheamh, 2023

**Matt Foley**
**Con Traas**
**Nicola Haines**

### Ceaptha an 9 Meitheamh, 2023

**Sean Ryan**

### Téarma Oifige in Éag an 18 Meitheamh, 2021

**Ann Bolger**
**Celine Murrin**
**Padraig Tully**

### Athcheaptha an 12 Deireadh Fómhair, 2023

**Ann Bolger**
**Celine Murrin**
**Padraig Tully**



# Ár Cuntais


96 Tuarascail an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

98 Ráiteas ar Rialú Inmheánach

100 Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

101 Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

102 Ráiteas ar an Staid Airgeadais

103 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

104 Nótaí mar chuid de na Ráitis Airgeadais

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Bord Bia

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Bia don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 faoi réir fhorálacha alt 21 den Acht um an mBord Bia, 1994. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta

- den ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- den ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- den ráiteas ar an staid airgeadais
- den ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- De na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird Bia amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar ioncam agus chaiteachas don bhliain 2023 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis san RA agus in Éirinn.

### *An bonn atá leis an tuairim*

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CIInna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an mBord Bia agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an mBord Bia. Cuimsítear leis sin tuarascáil bhliantúil, ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Boird agus ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis sin agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht i bhfoscríbhinn na tuarascála seo.



Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Colette Drinan**
**Do agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**28/06/2024**

### Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

#### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird i leith seo a leanas

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 21 den Acht um an mBord Bia, 1994
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas

fíor agus cothrom de réir FRS102

- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chur i bhfeidhm a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 21 den Acht um an mBord Bia, 1994 ráitis airgeadais an Bhoird Bia a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na CIInna, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na CIInna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird Bia leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtaí dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an mBord Bia scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na CIInna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na críocha dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## SCÓIP NA FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Bhord Bia, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn, mar a dearnadh cur síos uirthi sa Ráiteas Corparáideach, a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú.

## CUSPÓIR AN CHÓRAIS UM RIALÚ INMHEÁNACH

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad i dtréimhse thráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBord Bia don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## AN ACMHAINN DÉILEÁIL LE RIOSCA

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht na heagraíochta agus le sócmhainní a chosaint.
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

## CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá próisis bunaithe ag an mBord le rioscaí gnó a aithint agus a luach※áil trí:

- Nádúr, méid agus tionchar airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar atá inghlactha.
- Measúnú ar an seans go dtarlódh rioscaí aitheanta.
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann faoi spriocanna Bhord Bia agus tacaíocht do straitéisí an Bhoird chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- Nósanna imeachta a bhunú d'fhonn a chinntiú go bhfuil na scéimeanna agus na cláir arna stiúradh ag an gcomhlacht de réir na reachtaíochta a rialaíonn a bhfeidhmiú agus go bhfuil córais chuí bainistithe riosca socraithe. Is é tuairim an Bhoird go raibh na próisis atá i bhfeidhm d'fhonn rioscaí gnó a aithint agus a mheas ag oibriú go héifeachtach agus mar is cuí i rith na tréimhse.

Tá an córas um rialú inmheánach bunaithe ar chreat d'eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus comhaontú air.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Caiteachais Phoiblí.

- Próisis rialaithe maidir le hinfheistiú caipitil sainithe go soiléir.
- Disciplíní bainistithe tionscadal foirmeálta.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag Bord Bia, a oibríonn de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus a thuairiscíonn go díreach chuig Coiste Iniúchta & Riosca an Bhoird. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an gcomhlacht agus bíonn pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Ceadaíonn Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird an anailís riosca agus an plean Iniúchta Inmheánaigh agus tuairiscítear iad don Bhord. Déantar athbhreithniú ar an gclár riosca ag gach cruinniú de Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird agus ag gach cruinniú den Bhord. Tagann Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana le leordhóthanacht agus le héifeachtacht an chórais um rialú inmheánach a athbhreithniú agus a dhearbhú.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Cuireann obair an Iniúchóra Inmheánaigh monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh ar an eolas, mar aon le Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Bhord Bia atá freagrach as creat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil agus a chuirtear ar an eolas trí obair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina iniúchadh bliantúil.

